Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

2021 Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais



fisheriesireland.ie

Ráiteas Misin

Acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht nádúrtha a uasmhéadú dá réir.

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha,
Campas Gnó Iarthar na Cathrach,
Baile Átha Cliath D24 CK66

Gréasán: www.fisheriesireland.ie
R-phost: info@fisheriesireland.ie
Fón: + 353 (0)1 8842 600

Príomhfheidhmeanna Iascach Intíre Éireann

Is é Iascach Intíre Éireann an comhlacht reachtúil atá freagrach as na hiascaigh intíre in Éirinn. Oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil (RCAC).

Tá príomhfheidhm Iascach Intíre Éireann leagtha amach faoi Alt 7(2) den Acht um Iascach Intíre 2010. An acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú is ea an fheidhm sin. Is iad feidhmeanna ginearálta Iascach Intíre Éireann:

- An tAire a chothú, a thacú, a éascú agus a chomhairliú maidir le caomhnú, cosaint, bainistíocht, margaíocht, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht mhara
- Beartais agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le hiascaigh intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht mhara, a fhorbairt agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo, agus
- A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm agus go seachadtar an beartas agus na straitéisí arna bhforbairt mar a comhaontaíodh leis an Aire.

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Chathaoirligh **6**

Brollach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin **8**

Comhaltaí Bhord IIÉ **10**

Foireann Bhainistíochta Shinsearach IIÉ **11**

Plean Corparáideach **12**

Cuspóirí Leibheál Ard (CLA) 13

01. Acmhainn Iascach na hÉireann a Chosaint agus a Chaomhnú **14**

COVID-19: an tionchar ar ár n-oibríochtaí 17
Ár bpatróil chosanta 18
Ár n-iniúchtaí iascaigh agus seiceálacha comhlíontachta 31
Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2021 34
Tuinnín gorm 35
Foireann IIÉ ag sábháil beatha 36
Cosaint eascann 37
Líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh agus a cuireadh i gcrích in 2021 38
Teagmhais ionsaithe in aghaidh fhoireann IIÉ agus iad ar dualgas 43
Cáilíocht uisce a chosaint 44
Tionscadail cosanta comhshaoil 47
Maruithe éisc 49
Comhairle 2021 54
Gníomhú ar son na hAeráide in IIÉ - dul chun cinn in 2021 56

02. Taighde: Eolas a fhorbairt le gníomhú a mhúnlú **62**

Clár Suirbhé Náisiúnta Taighde (NRSP) 66
An Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús (NCFP) 72
Clár Iasc Spóirt Mara 78
Clár Clibeála Éisc Spóirt Mara 84
Hidreamoirfeolaíocht agus athchóiriú gnáthóg 88
Speicis ar údar imní caomhantais iad 92
Tionscadail salaiminidí 95
Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann (EMP) 105
Foilseacháin Thaighde 108

03. Ár n-acmhainn slatiascaireachta a fhorbairt go hinbhuanaithe **110**

Forbairt Iascach 113
Bainistíocht bradáin agus bric ghil 124
Oideachas agus For-rochtain 129
Cur chun cinn na slatiascaireachta 142
An chumarsáid chorparáideach 153

04. Tacú lenár n-obair: éifeachtúlacht agus éifeachtacht **156**

Ár bhfoireann 159
Oideachas agus Oiliúint 161
Lóistíocht 164

05. Tacú lenár gcuid oibre: airgeadas, faisnéis agus trédhearcacht **168**

Airgeadas 170
Faisnéis agus trédhearcacht 172

Gluais **174**

Aguisíní **180**

Aguisín A: Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, 2021 **181**

Aguisín B: Ráitis Rialaithe Inmheánaigh angus Airgeadais Iniúchta 2021 **195**



Réamhrá an Chathaoirligh

Is cúis áthais domsa ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021 a chur faoi bhur mbráid. Ba bhliain í seo inar lean ár bhfoireann iomlán ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a chuir Paindéim COVID-19 i láthair, agus ag an am céanna ag iarraidh ár bhfís a bhaint amach chun an acmhainn iascaigh intíre a chur ar an mbonn inbhuanaithe is fearr agus is féidir ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

Is é an príomh-mhisean atá againn acmhainn iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, mar atá leagtha amach san Acht um Iascach Intíre 2010. Sainítear ár luachanna lenár dtreoirphrionsabail: comhoibrímid le gairmiúlacht, trédhearcacht agus ionracas, ag feidhmiú dúinn freisin le meas inár ról mar mhaoir ar ár dtimpeallacht.

In 2021 cuireadh tús lenár bPlean Corparáideach nua cúig bliana, a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar an ngá práinneach lenár n-iarrachtaí caomhnaithe a mhéadú agus ag an am céanna ár gcuid acmhainní a chosaint agus a fhorbairt. Leagtar Cuspóirí Ardleibhéil nua amach inár bPlean Corparáideach, agus sraith pleananna gníomhaíochta ann chun cabhrú linn iad a bhaint amach. Leagtar amach an méid sin ina mhionsonraí ar leathanach 13, agus léirítear sa tuarascáil seo na réimsí inar thugamar aghaidh ar ár gCuspóirí Ardleibhéil i rith na bliana.

Tá Bord IIÉ freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas agus comhlíonadh a áirithiú i dtaca le forálacha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartais agus straitéisí i ndáil le hiascaigh intíre agus leis an tslatiascaireacht mhara. Mar chuid dár sainchúram reachtúil ceapann an Bord pleananna agus spriocanna straitéiseacha, déanann sé cinntí straitéiseacha ar phríomhcheisteanna gnó agus ullmhaíonn sé plean gnó agus buiséad bliantúil. Is é an Bord a bhíonn freagrach freisin as taifid airgeadais leormhaithe a choinneáil, sócmhainní IIÉ a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

Is é ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), atá ina chomhalta ex-officio den Bhord, a dhéanann idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an fhoireann bainistíochta shinsearach. Is é POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach a bhíonn freagrach i dteannta a chéile as bainistíocht, stiúradh agus rialú laethúil IIÉ, agus an treoir straitéiseach a leagann an Bord á leanúint go ginearálta. Coinníonn siad an Bord ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm na mbeartas straitéiseach agus i dtaobh aon riosca shuntasaigh.

Tá daoine ag croílár ár ngnóthaí: féachaimid le rannpháirtíocht ár bhfoirne, na slatiascairí agus an phobail i gcoitinne a mhealladh. Tá tacaíocht luachmhar agus leanúnach á fáil againn ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan T.D., agus óna chomhghleacaithe, agus táim an-bhuíoch as sin. Is mian leis an mBord agus liomsa an buíochas seo a ghabháil le gach duine dár gcuid comhghleacaithe in IIÉ, a choinníonn orthu ag obair le dúthracht agus le gairmiúlacht leanúnach chun ár seirbhísí iascaigh a sholáthar.

Fintan Gorman

Fintan Gorman, Cathaoirleach





Brollach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Agus ár n-éachtaí ina gcúis mórtais dúinne, cuirim fáilte romhat chuig ár dTuarascáil Bhliantúil 2021, mar aon le fíor-bhuíochas de mo chomhghleacaithe atá fós tiomanta agus gairmiúil, in ainneoin na paindéime leanúnaí COVID-19.

Ag teacht lenár luachanna, oibrímid go trédhearcach, go hoscailte agus le meas, agus comhoibrímid le hionracas, ag cuimhneamh go háirithe ar ár ról mar mhaoir na hinbhuanaitheachta. Tá ár ngníomhartha faoi stiúir ár bPlean Chorparáidigh nua 2021-2025 (leathanach 13), ina leagtar amach ár gCuspóirí Ardleibhéil: síos tríd an tuarascáil seo is féidir leat a fháil amach gur tugadh aghaidh orthu in 2021.

Is é an misean atá againn acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, agus a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht a uasmhéadú. Gheobhaidh tú cuid dár bpríomhéachtaí, lena n-áirítear:

- Monatóireacht agus caomhnú thar speicis agus gnáthóga éisc iolracha, i dtionscadail nua agus leanúnacha, le cúnamh freisin ónár nAonad Tacaíochta Soghluaiste nua
- Ár n-úsáid teicneolaíochta amhail baoithe sonraí, r-rothair agus dróin a mhéadú, agus ár mbonneagar a fheabhsú
- Comhoibriú le heagraíochtaí eile, idir dhaingniú ár gceangal le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le tionscadail éagsúla eolaíocha idirnáisiúnta, agus chaidreamh nua a bhunú le heolaithe saoránaigh
- Oideachas agus for-rochtain, ag díriú go háirithe ar leanaí, ar mhná agus ar dhaoine faoi mhíchumas
- Díriú ar inbhuanaitheacht, idir uasghrádú ar fhoirgnimh agus laghdú an ídithe fuinnimh agus úsáid mhéadaithe an fhótavoltachais agus na bhfeithiclí leictreacha; dheimhnigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) éacht suntasach de choigilt 43.6% ar fhuinneamh faoi dheireadh 2020
- Dul chun cinn agus comhoibriú ar fud ár bhfoirne go léir, idir airgeadas, agus lóistíocht, agus an fhoireann ghlas agus soláthar, chomh maith lenár n-eolaithe allamuigh agus ár nOifigeach Iascaigh.

Tá mé féin, an Bord, agus gach duine againn in IIÉ thar a bheith buíoch de gach duine sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, atá diongbháilte agus proifisiúnta ina gcuid tacaíochta, go háirithe an tAire Eamon Ryan T.D..

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas as cuimse a chur in iúl do mo chomhghleacaithe go léir ag IIÉ as a ndéine, a ndíograise agus a ndílseachta gan teip dár bhfís. Táim ag tnúth le tógáil ar ár mbunús láidir agus le todhchaí gheal a sheachadadh d'éisc agus do ghnáthóga, dár muintir féin, agus don phobal i gcoitinne.

Francis O'Donnell,
POF





Comhaltaí Bhord IIÉ

Fintan Gorman, Cathaoirleach	*Arna cheapadh i mí Mheán Fómhair 2013, arna athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2018*
Bernadette Orbinski Burke	*Arna ceapadh i mí Iúil 2016, arna hathcheapadh i mí Iúil 2021*
Michael McGreal	*Arna cheapadh i mí an Mhárta 2019*
Seamus Boland	*Arna cheapadh i mí an Mhárta 2019*
Marie Louise Heffernan	*Arna ceapadh i mí na Bealtaine 2019*
Fiona Walsh	*Arna ceapadh i mí Iúil 2019*
Patrick Gibbons	*Arna cheapadh i mí Eanáir 2016, arna athcheapadh i mí Feabhra 2021*
Seán Coady	*Arna cheapadh i mí na Samhna 2015, arna athcheapadh mí na Nollag 2020*
An tOll. Frances Lucy	*Arna ceapadh i mí an Mhárta 2015, arna hathcheapadh mí na Nollag 2020*
Francis O'Donnell, Príomhfheidhmeannach (ex officio)	Arna cheapadh i mí na Samhna 2020



Foireann Bhainistíochta Shinsearach IIÉ

Francis O'Donnell	*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (agus Comhalta boird ex officio)*
An tUas. Pat Doherty	*Ceann Airgeadais agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh*
Róisín Bradley, Uas.	*Ceann Acmhainní Daonna*
An Dr. Greg Forde	*Ceann Oibríochtaí*
An Dr. Cathal Gallagher	*Ceann Taighde agus TFC*
Suzanne Campion, Uas.	*Ceann Forbartha Gnó*
An Dr. Ciaran Byrne	*Ceann Lóistíochta*

Ceantair Abhantraí

An tUas. Brian Beckett	*IIÉ Bhaile Átha Cliath, Ceantar Abhantraí an Oirthir – CAO*
Lynda Connor, Uas.	*IIÉ Chluain Meala, Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt – CAOD*
An tUas. Seán Long	*IIÉ Mhaigh Chromtha, Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt – CAID*
An tUas. David McInerney	*IIÉ Luimnigh, Ceantar Abhantraí na Sionainne – CAS*
An tUas. Pat Gorman	*IIÉ na Gaillimhe, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI*
Mary Walsh, Uas.	*IIÉ Bhéal an Átha, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI*
An Dr. Milton Matthews	*IFI Bhéal Átha Seanaidh, Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt – CAIT*

Plean Corparáideach

Ag IIÉ, táimid faoi threoir ár bPlean Chorparáidigh, a chlúdaíonn an tréimhse 2021-2025.

Is ann a mhionsonraítear ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna. Is orthu siúd a thógaimid ár n-iompraíocht, agus is uathu a dhírímid ár bhfeidhmíocht chun ár bhfreagrachtaí a shásamh thar ceann an phobail agus na hacmhainne luachmhaire a bhfuil sé de dhualgas orainn a chosaint do na glúine atá ann agus atá le teacht.

Cuspóirí Leibheál Ard (CLA)

is inár bPlean Corparáideach a leagtar amach seacht gCuspóir Ardleibhéil (CAL) ar a múnlaímid ár ngníomhaíochtaí go léir. Déantar iad sin a mhiondealú a thuilleadh ina dtacar gníomhartha agus torthaí.

Taispeántar síos tríd an tuarascáil seo na seacht ndeilbhín lena léirítear ár gCuspóirí Ardleibhéil, rud a thugann le fios conas a fhéachtar lenár dtionscadail na cuspóirí sin a bhaint amach agus rannchur lenár bPlean Corparáideach.

NÓSANNA	Chun gnáthóga iasc a fhorbairt agus a fheabhsú go hinbhuanaithe.
IASC	Chun daonraí iasc allta na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, agus a fheabhsú.
GEALLSEALBHÓIRÍ	Téigh i dteagmháil le geallsealbhóirí go gníomhach sa maoirseacht leanúnach dár acmhainn comhroinnte
INBHUANAITHEACHT	Chun ról ceannasaíochta a imirt inár n-aidhmeanna gníomhú ar son na haeráide agus bitheagsúlachta a bhaint amach.
ÁR BHFOIREANN	Meas a thabhairt dár bhfoireann agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le forbairt agus feidhmíocht.
BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH	Chun cultúr luach do chuid airgid agus luacháil feidhmíochta a chothú i mbealach intomhaiste, sóiléir agus freagrach.
NUÁLAÍOCHT	Bain leas as chumhacht nuálaíochta chun seirbhís iascach comhaimseartha a thabhairt.

Tá ár bPlean Corparáideach iomlán ar fáil le léamh ar ár suíomh gréasáin.



01

Acmhainn Iascach na hÉireann a Chosaint agus a Chaomhnú





01

Acmhainn Iascach na hÉireann a Chosaint agus a Chaomhnú

Is é Iascach Intíre Éireann a bhíonn freagrach as acmhainn iascaigh na hÉireann, na héisc agus a ngnáthóga a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú sna huiscebhealaí intíre go léir agus suas le 12 mhíle amach ón gcósta ó bhonnlínte.

Déanaimid iascach a chosaint agus a choimirciú go díreach trí shaothar ár bhfoirne allamuigh atá lonnaithe ar fud na tíre, a fhorfheidhmíonn rialacháin agus fodhlíthe maidir le héisc agus iascach

Déanaimid monatóireacht ar cháilíocht an uisce, agus áirithímid go ndéantar iad siúd atá freagrach as truailliú nó marú éisc a ionchúiseamh

Áirithímid go gcuirtear san áireamh i bhforbairtí comhshaoil an gá lenár n-iascach a chosaint agus todhchaí d'iasc a shlánú.

Baineann sé leis an

ÁR BHFOIREANN

COVID-19: an tionchar ar ár n-oibríochtaí

Chonacthas leanúint de shrianta COVID-19 in 2021, le leibhéil dhifriúla de bhearta 'dianghlasála' agus bearta eile sláinte agus sábháilteachta. Bhí tionchar suntasach ag an ngá le foireann a choinneáil chomh scartha agus ab fhéidir freisin ar an gcumas patról faoi cheilt a dhéanamh.

Bhí tionchar suntasach ag na tréimhsí dianghlasála ar ghníomhaíochtaí cosanta in 2021. Murarbh ionann agus 2020, áfach, nuair a bhí an dearcadh ann nach raibh an fhoireann amuigh agus infheicthe, in 2021 bhí foireann IIÉ in ann a bheith i bhfad níos feiceálaí 'ar an talamh'.

I rith 2021, i gcomhthéacs dearfach an fheachtais vacsaínithe, tháinig dúshláin agus srianta breise chun cinn mar gheall ar an athraitheach Deilte a bhí níos in-tarchurtha, agus ar a sheal féin ní raibh an t-athraitheach Oimiocróin, cé go raibh sé ní b'in-tarchurtha, chomh dian céanna, bhí sé ina chúis le leathadh tapa an ionfhabhtaithe agus ba chúis le leibhéal áirithe 'imdhíonachta tréada'. Faoi dheireadh na bliana bhí an chuma ar an scéal go raibh an phaindéim ag druidim le stádas eindéimeach.

D'fhonn oibríochtaí a choinneáil gníomhach agus solúbtha, chuaigh IIÉ go minic i muinín na tástála antaiginí chun sábháilteacht na foirne a áirithiú agus iad ag obair ina bhfoirne ar fud na tíre. Bhí na foirne beagáinín cosúil le meithleacha, agus daoine ag fanacht taobh istigh d'fhoirne buansocraithe chun dóchúlacht an tras-ionfhabhtaithe a laghdú. In 2021 chonacthas gá leanúnach le feithiclí breise chun sláinte na foirne a chosaint. Táthar ag súil nach mbeidh sé seo ag teastáil sa todhchaí mar iarracht chun costais agus tionchair ar chúrsaí aeráide a laghdú.



Ceadaíodh dúinn amach sa bhliain chun oibriú, agus bhíomar feistithe ní b'fhearr le 'gnáthphatróil' a chur i gcrích; bhí feithiclí modhnaithe againn le haghaidh dé-áitíochta agus bearta sábháilteachta iomchuí á gcur i bhfeidhm chun an fhoireann a chosaint.

In ainneoin na srianta suntasacha sin, bhí bliain thar a bheith rathúil ag IIÉ maidir le sláine an iascaigh agus an chomhshaoil a chosaint. In 2021, d'earcaigh IIÉ 37 Oifigeach Iascaigh shéasúracha shealadacha chun cur leis an iarracht chosanta i rith mhíonna an tsamhraidh.

Baineann sé leis an

IASC

Ár bpatróil chosanta

Gníomhaíocht na bpatról in 2021

In 2021, rinne Foireann Cosanta IIÉ gníomhaíochtaí cosanta i gcomhréir le Plean Náisiúnta cuimsitheach um Chosaint Iascaigh 2021. Aithníodh sa phlean sin na réimsí agus na huaireanta is mó riosca do stoic éisc agus leithdháileadh acmhainní go sonrach ar na limistéir sin. Ina theannta sin, chuir IIE Aonad Tacaíochta Soghluaiste (ATS) ar bun freisin, arbh é ab aidhm leis cur le hiarracht chosanta na mball foirne reatha, go háirithe i réimsí ina bhfuil fadhbanna póitseála ar eolas nach bhfuil baill foirne áitiúla in ann clúdach a chinntiú le linn na dtrí sheal den tréimhse 24 uair an chloig thar phríomhsheachtainí an tsamhraidh.

Thiomnaigh Foireann Cosanta IIÉ 167,416 uair an chloig san iomlán ar ghníomhaíochtaí patróil frithphóitseála, mar a leagtar amach i dTáblaí 1.1 agus 1.2. Léirítear líon agus miondealú na gcineálacha éagsúla patróil i dTáblaí 1.3 agus 1.4.

Tábla 1.1: *Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála*


Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála	2020*	2021
Patróil locha	28,845	34,556
Patróil abhann	66,951	76,048
Patróil mhara	4,879	7,418
Patróil chósta/inbhir	28,770	31,187
Dordphatróil	10,405	12,215
Patróil BFT	2,157	1,232
Líon iomlán na n-uaireanta	**142,007**	**162,656**

** Tabhair do d'aire: chuaigh na srianta COVID-19 i bhfeidhm ar an gcumas tabhairt faoi phatróil áirithe de réir choinníollacha Leibhéal 5.*

Tábla 1.2: *Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála: An tAonad Tacaíochta Soghluaiste*

Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála: ATS Meitheamh – Meán Fómhair	2021
Patróil locha	0
Patróil abhann	1,359
Patróil mhara	65
Patróil chósta/inbhir	3,336
Dordphatróil	0
Patróil BFT	0
Líon iomlán na n-uaireanta	**4,760**

Figure: *Number of patrols by type in 2021*



Tábla 1.3:
Líon patról de réir cineáil

Cineál patróil	2020	2021	2021
Patróil iomlána feithiclí agus coise	30,882	33,307	102
Patróil bháid	573	790	7
Patróil chadhc	129	159	2
Patróil PWC	56	33	0
Patróil chuadrothair	46	5	0
Patróil rothair	1,227	1,562	2
Patróil an Aerchóir	2	4	0
Patróil dróin	136	392	14
Líon iomlán patról	**33,051**	**36,252**	**127**

Tábla 1.4:
Líon na bpatról de réir an chineáil Aonaid Tacaíochta Shoghluaistet

Cé nach raibh cuid de na fillteacha bradán chomh bisiúil agus a bhí in 2020, b'ábhar misnigh fós iad na fillteacha ar go leor aibhneacha. Lean fadhbanna ar aghaidh in 2021 a bhain leis an bpaindéim áfach, agus brúnna breise á gcur ar stoic éisc leochaileacha de bharr daoine a bheith as láthair ón áit oibre. Laghdaigh sé sin de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh agus a d'fhill an saol ar an ngnáthnós.




Roinnt samplaí dár gcuid patról in 2021

Urghabhálacha – CAID Chorcaí/hCiarraí 2021

Urghabhadh 3,120 méadar de líontán mídhleathach amach ó chósta Chiarraí in 2021, atá mar mhéadú 2,700 méadar ar 2020 agus méadú 850% ar an meánfhad a urghabhadh le cúig bliana anuas. Ba i gCorca Dhuibhne, agus i gceantair Phointe an Choma Dhóite agus Ard na Caithne a urghabhadh móramh na líontán.





Ag teacht leis an mbeartas i leith na foirne atá ag obair i gceantair dhifriúla, fuair foireann Cheantar Chiarraí cúnamh ó bhaill Cheantar Chorcaí, agus Deilte 11 á imscaradh ar chomhphatróil le Deilte 3. Imscaradh ATS chuig an Cheantair freisin le linn an bhuaicshéasúir chun cur le hobair na bhfoirne áitiúla agus bhí baint aige le sé líontán a urghabháil le linn an ama sin. Urghabhadh 31 líontán san iomlán, arbh i gCorca Dhuibhne a gabhadh 22 díobh. Rinneadh dhá phatról is caoga Deilte i mBád Righin Inséidte i rith na bliana chun líontóireacht mhídhleathach ar muir a bhrath agus a chosc i gCeantar Abhantraí an Iardheiscirt.

Íomhánna: *Líontán mídhleathach a urghabhadh ag Pointe na Cathrach, Cé Bhréanainn*

Urghabhálacha – CA na Sionainne Iúil 2021


D'éirigh leis an oibríocht faireachais leanúnach ar Abhainn an Fhorghais i gCluain Ráda i mí Iúil 2021. Tar éis faireachas faoi cheilt, lenar áiríodh úsáid na gceamaraí íomháithe theirmigh nua, ghabh Oifigigh beirt fhear a raibh ocht mbradán agus trí bhreac dhonna ina seilbh. In oibríocht leantach an lá dár gcionn, d'urghabh Oifigigh sé líontán (220 méadar san iomlán) agus bád alúmanaim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí na hoíche aréir. Beidh an bheirt acu os comhair na gcúirteanna in 2022.



Íomhá: *Bradán agus breac donn a urghabhadh ar an tSionainn*


Urghabhálacha – Iúil CAI Bhéal an Átha 2021


Bhí baint ag an bhfoireann le go leor patról cóimheasctha ag d'oibrigh i nDúichí comharsanachta. Le linn oibríocht amháin, ghlac an fhoireann páirt i bpatról Deilte ag breacadh an lae a chruthaigh gabháil nuair a chonacthas bád ag iascach go mídhleathach amach ó Phort na bhFrancach. Tharla patróil eile idircheantair idir Beannchar agus Béal an Átha (go leor patról Deilte), chomh maith le patróil ar Abhainn na hlascaí le foireann Shligigh.



Íomhá: *Patról go moch ar maidin ar gabhadh duine amháin amach ó Phort na bhFrancach lena linn a raibh dhá líontán a bhí feistithe go mídhleathach ina sheilbh*

Urghabhálacha – CAOD Lúnasa 2021





I rith mhí Lúnasa, d'urghabh patróil chosanta CAOD larthar Phort Láirge cúig líontán cuaille mhídhleathacha ar inbhear uachtarach Phort Láirge. Tógadh dhá líontán ó Cheathrú na hAbhann agus urghabhadh trí cinn eile ag Poll Ruáin. Ba é an toradh a bhí ar phatróil mhí Mheán Fómhair ná urghabháil cheithre líontán cuaille mhídhleathacha eile: urghabhadh dhá líon ag an gCeathrú Láir, Co. Chill Chainnigh, 60 méadar ar chomhfhad, urghabhadh ceann amháin ag Ceathrú na hAbhann, Co. Chill Chainnigh, 50 méadar ar fhad, agus líontán amháin 50 méadar ar fhad a urghabhadh i Seolbhealach an Rí ar Abhainn na Siúire i gCo. Phort Láirge. Thángthas ar líontán breise i bhfolach sa chrannlíne agus urghabhadh é le linn cuardach leantach ag foireann i gCeathrú na hAbhann. Tháinig foireann Oirthear Phort Láirge ar dhá líontán mhídhleathacha a cuireadh ar an mBearú ag an mBac agus an Dromainn: bhí bradán sa dá líontán, agus scaoileadh ar ais beo ceann acu. Bhí aithne ag an bhfoireann ar an áit inar leagadh an dá líontán, mar seachtain roimhe sin tháinig siad trasna ar choite a bhí curtha i bhfolach sa choillearnach. ***Íomhánna:*** *Líontáin urghafa ó Pholl Ruáin, Co. Chill Chainnigh*

Urghabháil dord – CAOD Deireadh Fómhair 2021



Leithdháileadh uaireanta suntasacha chun dord a chosaint in CAOD, thar iniúchtaí ar shlatiascairí áineasa agus seiceálacha ar líontóireacht mhídhleathach araon. Tar éis oibríocht faireachais, d'éirigh le foireann Loch Garman duine a ghabháil i gceantar Charnaí. Maidin amháin i mí Dheireadh Fómhair 2021, d'urghabh an fhoireann 25 doingean mara agus 250 méadar de líontán a úsáideadh go neamhdhleathach. Is leis an aturnae atá comhad an cháis.

Íomhá: *Gabhadh 25 dhoingean mara ag Cé Charnaí*

Fuarthas roinnt teagmhálaithe/glaonna chuig an mbeolíne le linn 2021 faoi dhaoine a bhí ag iascaireacht go mídhleathach ag Taiscumar Bhóthar na Bruíne agus Loch an Bhriotáis. D'úsáid IIÉ roinnt freagairtí comhphatróil i gcomhar leis An Garda Síochána le dea-thorthaí.




Íomhá: *Comhphatróil IIÉ leis An Garda Síochána (Ceantar Bhaile Átha Cliath)*

Bradáin shaothraithe éalaithe – Abhainn Dhamhrois



Ba iad slatiascairí a chuir oifigigh ó Cheantar Abhantraí an larthair i nGaillimh ar an airdeall faoi láithreacht dhóchúil bradán saothraithe; a bhí ag iascaireacht bradán fiáin an Atlantaigh ar Abhainn Dawros i Leitir Fraic, ar a dtugtar Abhainn na Coille Móire go háitiúil. Ghabh na slatiascairí éisc a raibh droch-eití orthu agus gnéithe sainiúla eile a bhaineann leis na bradáin shaothraithe. Cuireadh na samplaí a bailíodh ar aghaidh chuig an Roinn Taighde a dheimhnigh gur de bhunadh an dobharshaothraithe na héisc seachas a bheith ina mbradáin fhiáine an Atlantaigh. Níor sainaithníodh ó fhiosrúcháin áitiúla an raibh na héisc ón bhfeirm bradán in aice láimhe.

Íomhá: *Bradán gafa*



Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT


Patróil inbhuanaitheachta – rothair

Le linn 2021, rinne foireann IIÉ 1,562 patról rothair, méadú ó 1,227 in 2020. Is léir go bhfuil r-rothair nua éifeachtach mar is féidir stráicí móra de na canálacha a chlúdach ar bhealach níos éasca. Tá an t-aiseolas ó na patróil sin an-dearfach ón bhfoireann agus tá an chuma ar an scéal gur modh patrólúcháin éifeachtach breise iad.


Patróil rothair leictrigh Pháirc Ros Mór

Tá Lochanna Pháirc Ros Mór suite i bPáirc Foraoise Choillte ar an R189, 3km ó Bhaile Mhuineacháin. Tá carrchlós den scoth ann ach tá rochtain ar na lochanna deacair gan ach rochtain chos ann don phobal. Déanann Oifigigh Iascaigh patróil thráthrialta ar an bpáirc agus ar a lochanna iomadúla ar rothar agus/nó ar rothar leictreach. Tá roinnt lochanna sa chnuasach seo agus is iad an Dá Loch, Loch an Chaisleáin, Loch Ghort an tSagairt agus Loch Chnoc an Scioból na hionaid slatiascaireachta is mó éileamh.

Tá na lochanna seo éadomhain go ginearálta agus is fearr a oireann d'iascaireacht cuaille agus snámháin. Úsáideann slatiascairí na lochanna go léir go tráthrialta agus tharla teagmhais de ghníomhaíocht mhídhleathach iontu. Taispeántar an gnáthbhealach patróil sa ghrafaic agus tá sé beagán faoi bhun 7km ar fhad iomlán. Is sampla iontach é seo de shuíomh ina n-oibríonn rothair agus rothair leictreacha go han-mhaith chun patróil éifeachtúla a cheadú ar an tír-raon sin, agus ar an limistéar mór sin.



Íomhá: *Bealach patróil Pháirc Ros Mór*



Íomhá: *Patról rothair ar Pháirc Ros Mór*



Baineann sé leis an

NUÁLAÍOCHT

Patróil dróin

Cuireann teicneolaíocht dróin úsáidí spreagúla ar fáil thar raon leathan oibríochtaí iascaigh: is féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar láithreacha a bheadh deacair a bhaint amach murach sin, agus féadann siad limistéir a chlúdach níos tapúla, rud a laghdóidh an líon daonuaireanta go suntasach.

Críochnaíodh 392 phatról dróin san iomlán in 2021, rud a léiríonn méadú suntasach ar an mbliain roimhe sin nuair a rinneadh 136. Tá dróin an-úsáideach chun monatóireacht a dhéanamh ar limistéir ghiolcaí do bháid, agus cois cladaigh le haghaidh líontán ar snámh agus corc. Cabhraíonn siad freisin le suirbhéanna taighde agus le tacú le hobair forbartha agus gnáthóige. Chumasaigh forbairt feidhmchláir intí logáil na sonraí ábhartha go léir, rud a sheachnaíonn páipéarachas suntasach.



Íomhá: *Patról Dróin, Abhainn Fheartraí*



Íomhá: *Líontán mídhleathach le ceannlíne ar snámh a bhraith Oifigigh Iascach ag baint úsáide as teicneolaíocht dróin*



Íomhá: *Feidhm dróin lena léirítear eitiltí dróin a críochnaíodh le linn 2021 in CAO*

Ár ndróin á n-úsáid: roinnt samplaí

I mí an Mheithimh 2021, sholáthair IIÉ píosa **scannánaíochta dróin de dhobharcheantar Dhamhrois do Chomhairle** Chontae na Gaillimhe chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach ar na fadhbanna tuilte ag An Choill Mhór, Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe

I mí Mheán Fómhair 2021, rinne **Nuacht TG4** scannán ar phatról dróin le CAI na Gaillimhe, chun aird a tharraingt ar an méadú ar ghníomhaíocht iascaireachta mídhleathach in 2021 agus chun úsáid na ndrón mar chuid de ghníomhaíochtaí laethúla phearsanra IIÉ a thaispeáint

Rinne baill foirne i Liatroim **suirbhé dróin ar an mbealach deimhnithe do sheachbhóthar nua N5 idir Bealach an Doirín agus Scramóg**. Rinneadh sraith eitiltí ag pointí rochtana éagsúla feadh an bhealaigh ag cuardach le haghaidh sruthchúrsaí gan mharcáil agus limistéir inspéise d'iascaigh. Marcáladh na sruthchúrsaí a sainaithníodh, glacadh grianghraif díobh agus sonraíodh a gcomhordanáidí agus iontráladh ar bhileog sonraí iascaigh iad. Cumasaítear leis seo moltaí iomchuí a dhéanamh do na conraitheoirí foirgníochta bóithre maidir le dearadh pointí trasnaithe bonneagair ar bhealach lena gcoisctear tionchar diúltach ar ghnáthóg iascaigh. Laghdaigh drón IIÉ na daonuaireanta oibre a chaith pearsanra IIÉ ag trasnú réimsí fada de chonair an tseachbhóthair.





Íomhánna: *Suirbhé dróin ar bhealach sheachbhóthar an N5 (fálaithe) le láithreán tochailte seandálaíochta thíos. Radharc ón aer ar an sruthchúrsa a méasúnaíodh le linn shuirbhé dróin ar bhealach an tseachbhóthair*

Tacaíocht ón Aerchór do phatróil IIÉ

Gach bliain lorgaíonn Iascach Intíre Éireann tacaíocht an Aerchóir chun patrólú a dhéanamh ar an limistéar cois cladaigh le haghaidh sruthlíonta mídhleathacha agus iascaireacht eile. Rinneadh ceithre phatról leis an Aerchór san iomlán in 2021.

Ós rud é go bhfuil na limistéir atá le patrólú os cionn na farraige, is é an Casa an t-aon eitleán oiriúnach atá ann, ar eitleán turba-liáin dhá inneall é agus a bhfuil cumas fadraoin ann.

Rinne an tAerchór aerphatról cois cladaigh i mí Iúil 2021. D'fhág an patról ó Aeradróm Bhaile Dhónaill agus bhí sé sceidealaithe le patrólú a dhéanamh ar na céstaí thiar agus theas. De bharr néalta ísle níorbh fhéidir patról a dhéanamh ach ar chodanna áirithe den réigiún cois cladaigh. Tharla siad sin amach ó chósta Chiarraí ó dheas de Dhairbhre, ó Chuan na Gaillimhe agus ó chósta an Chláir idir Ceann Boirne agus an Dún Beag. Chonacthas roinnt soithí beaga iascaireachta ag feidhmiú ach ní raibh baint ag aon cheann acu le gníomhaíocht mhídhleathach.

I mí Lúnasa 2021, rinneadh patrólú breise aeir cosanta Casa i gcomhar leis an Aerchór feadh an chósta theas agus thoir, ó Charn Uí Néid go Ceann an Chairn go Ceann Chill Mhantáin. Rinneadh cigireacht ar roinnt cuanta beaga leis an rún aon sruthlíontóireacht mhídhleathach a bhrath. Chlúdaigh an patról sin go leor talún go tapa agus rinneadh imscrúdú ar roinnt bád agus glacadh grianghraif díobh ach níor aimsíodh aon ghníomhaíocht mhídhleathach.



Íomhá: *Rinneadh Aerphatról Cladaigh an 1 Iúil 2021*

Ár n-iniúchtaí iascaigh agus seiceálacha comhlíontachta

Feidhmíonn foirne Oifigigh Iascaigh IIÉ ar fud na tíre, agus téann siad i dteagmháil le gach cineál slatiascairí idir shlatiascairí garbhéisc agus shlatiascairí bradáin, bric ghil agus bric dhoinn. Thairis sin, déanann siad seiceálacha freisin ar iascairí tráchtála bradáin chomh maith le hiascairí dreidireachta oisrí. Is é cuspóir na n-iniúchtaí sin a chinntiú go gcomhlíonann slatiascairí agus sealbhóirí ceadúnais téarmaí uile a gceada nó a gceadúnais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le modh, trealamh, mála agus teorainneacha méide, agus mar sin de. In 2021, rinneamar 36,099 iniúchadh den sórt sin in ainneoin na srianta a chuir COVID-19 orthu: féach tábla 1.5 le haghaidh sonraí maidir le himscrúduithe iascaigh.

Table 1.5: *Líon na n-iniúchtaí iascaigh*

Iniúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais agus slatiascairí	2020	2021
Iniúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais tráchtála bradáin agus bric ghil	629	807
Iniúchtaí ar shlatiascairí áineasa le haghaidh ceadúnais agus/nó ceada	13,487	15,722
Iniúchtaí ar shlatiascairí eile	16,247	17,596
Líon na slatiascairí dord a seiceáladh le haghaidh chomhlíonadh na reachtaíochta agus na rialachán iascaigh	1,712	1,974
Líon iomlán na n-iniúchtaí iascaigh	**32,075**	**36,099**

I gcás ina ndéanann slatiascairí mionsárú ar na rialacháin nó b'fhéidir go bhfuil siad aineolach ar na rialacháin a bhaineann le réimse áirithe, eisíonn IIÉ rabhaidh. Eisítear iad sin freisin le slatiascairí óga a d'fhéadfadh a bheith ag sárú na rialachán nó le slatiascairí nach bhfuil ag sárú aon rialacháin ach a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ar tí gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin. In 2021 d'eisíomar 715 rabhadh nó foláireamh den sórt sin. B'ionann líon na bhFógraí Pionóis Muirear Seasta (FPMS) a eisíodh in 2021 agus 296, méadú ó 240 thiar in 2020.

Fíor: *Líon foláireamh agus fógraí pionóis muirear seasta arna n-eisiúint*

Líon foláireamh arna n-eisiúint le slatiascairí



2020	2021	2021
756	715	0
		eisithe ag an Aonad Tacaíochta Soghluaiste

Líon Fógraí Pionóis Muirear Seasta arna n-eisiúint



2020	2021	2021
240	293	3
		eisithe ag an Aonad Tacaíochta Soghluaiste

Tugtar de chúram ar an Aonad Tacaíochta Soghluaiste fadhbanna níos tromchúisí a shainaithint i réimse ar leith nó fadhbanna atá ag cruthú deacrachta don fhoireann áitiúil, mar sin is beag fíneálacha nó foláirimh a eisíonn an fhoireann seo.

I gcás ina mbaineann cion le húsáid líontáin, pléitear go fíor-thromchúiseach leis an ábhar; téann sé ar aghaidh go díreach chuig an gcúirt agus ní thairgtear aon rogha ar FPMS.

Tháinig méadú suntasach ar líon na rabhadh a eisíodh in 2020, rud a tugadh ar aghaidh isteach in 2021. Bhain sé seo go páirteach leis an athrú ar nósanna slatiascairí in 2020/2021 a bhain le COVID-19. Ba chóir a thabhairt faoi deara má thugtar rabhadh d'iascaire aon uair amháin nach dócha go dtabharfar an trócaire sin dó ar chionta ina dhiaidh sin.

Déanaimid seiceálacha ar an láthair freisin ar cheannaithe éisc agus ar bhialanna, ar óstáin agus ar thithe aíochta chun a chinntiú nach gcuirtear aon iasc a ghabhtar go mídhleathach ar fáil le díol nó le hithe. In 2021, rinneamar 308 seiceáil: féach tábla 1.8 le haghaidh sonraí.

Fíor: *Líon na seiceálacha comhlíontachta*

Líon seiceálacha comhlíontachta	2020	2021
Líon ceannaithe éisc arna seiceáil	147	224
Líon bialann, óstán, tithe aíochta arna seiceáil	33	84
Líon iomlán na seiceálacha comhlíontachta	180	308

Baineann sé leis an

IASC

Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2021

Le linn ár bpatról agus ár n-iniúchtaí, thángamar ar raon leathan earraí mídhleathacha agus míreanna dlíthiúla a úsáideadh go mídhleathach agus d'urghabhamar iad. In 2021 d'urghabhamar 1,195 mhír iascaireachta mhídhleathacha, lena n-áirítear slata iascaireachta, báidíní, innill, gaistí agus líontáin. B'ionann fad iomlán na 242 líontán a urghabhadh agus 11,690m.

Ina theannta sin, ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2021 d'urghabh an tAonad Tacaíochta Soghluaiste 66 mhír iascaireachta mhídhleathacha. B'ionann fad iomlán na 33 líontán a urghabhadh agus 2,165m.

Table 1.6:
Urghabháil míreanna mídhleathacha / Míreanna mídhleathacha arna n-urghabháil ag an Aonad Tacaíochta Soghluaiste: Meitheamh – Meán Fómhair 2021

Urghabháil míreanna mídhleathacha	2020	2021	2021
Líontáin a urghabhadh	250	242	33
(b'ionann an fad iomlán in 2021 agus 11,690m), arna mhiondealú mar seo a leanas:			*(b'ionann an fad iomlán do Meitheamh – Meán Fómhair 2021 agus 2,165m)*
Urghabháil ar muir	**45**	**48**	**12**
Urghabháil i bhfionnuisce	**81**	**113**	**19**
Urghabháil in inbhir	**124**	**81**	**2**
Líon iasc arna n-urghabháil	761	730	31
Líon slat arna n-urghabháil	238	191	2
Líon earraí eile arna n-urghabháil	38	32	0
Líon iomlán na míreanna arna n-urghabháil	**1,287**	**1,195**	**66**

Baineann sé leis an

IASC

Tuinnín gorm

In 2021, ceadaíodh 22 árthach chairtfhostaithe slatiascaireachta chun páirt a ghlacadh i gclár CHART Tuinnín, ag oibriú ó chalafoirt i nDún na nGall, Sligeach, Gaillimh, sa Chlár, i gCorcaigh agus Port Láirge idir 1 Iúil agus 12 Samhain 2021.

Rinne soithí patróil deilte IIÉ monatóireacht ar an iascach sin lena chinntiú nár maraíodh ná nár coinníodh aon tuinnín gorm. D'éirigh thar barr leis an gclár sin le blianta beaga anuas.

Cás-Staidéar: Cásanna faoin tuinnín gorm a éisteadh ag Cúirt Dúiche na nGleanntach

Thóg IIÉ cásanna ionchúisimh i gcoinne bheirt shlatiascairí a bhí lonnaithe i dTuaisceart Éireann maidir le dhá theagmhas ar leithligh i rith mhí Lúnasa 2020 maidir le sáruithe amhrasta ar Rialacháin na dTuinníní Gorma (I.R. 265 de 2019 agus Fodhlí Uimh. 981 de 2020). Éisteadh an dá chás ag Cúirt Dúiche na nGleannta i mí Iúil 2021. Cuireadh pléadálacha ciontacha isteach i ngach cás. Dhiúltaigh an breitheamh do chiontú nó d'fhorchur an Achta Promhaidh in ainneoin an dá phléadáil chiontacha, áfach, ceanglaíodh ar gach cosantóir €500 a íoc le costais dlí IIÉ sular caitheadh amach na hábhair agus sular tugadh ar ais a gcuid slat agus tácla. Cé gur chuibheasach díomách é toradh na cúirte, is léir gur leor iad na rialacháin atá i bhfeidhm chun cur ar chumas fhoireann IIÉ slatiascaireacht neamhúdaraithe do thuinnín gorm a dhíspreagadh.

Baineann sé leis an

ÁR BHFOIREANN

Foireann IIÉ ag sábháil beatha

Cuidíonn Oifigigh Iascaigh le fear gortaithe

I mí an Mhárta, caitheadh amach cás fir ar bhain gortuithe cinniúnacha dó agus é ag teitheadh ó Oifigigh Iascaigh, ar an gcoinníoll go dtugann sé tabhartas €200 don ISPCA. Moladh na hOifigigh Iascaigh a bhí páirteach ann as a scileanna garchabhrach agus a ngairmiúlacht ag an láthair.

Íomhánna: *Alt nuachtáin ar chás Frank Leneghan.*

Ballycroy man's life saved by fishery officers

Former county councillor's leg was impaled on quad handles

A FORMER county councillor's life was saved when fisheries inspectors saw him get into difficulty while illegally catching fish.

Frank Leneghan (61) of Leathanmor Court, Bangor Erris, appeared before Achill District Court on Thursday, where he admitted to catching two salmon and a sea trout illegally in the Owenduff River in Ballycroy on May 27, 2020.

Inspector Pat Armstrong of Inland Fisheries Ireland told the court that on that date, two fisheries officers noticed a man pulling on a net in the Owenduff River in the townland of Owenglass in Ballycroy. They the saw the person get on a quad, head up the mountain and topple over.

Inspector Armstong said the two officers went immediately to the scene and found the defendant trapped under the quad bike. The handlebar had gone through his leg.

The officers gave Mr Leneghan first aid and contacted the emergency services.

The fire brigade had to come to the remote area to cut the handlebar away from Leneghan's leg. The Coast Guard helicopter was called, but it had trouble finding the location and had to refuel before eventually locating the casualty.

Insp Armstrong said the fishery officers found two nets in the quad along with two salmon and a sea trout.

After his release from hospital, Mr Leneghan admitted he was 'out for a feed that night', and he said he is very grateful to the fishery officers.

Insp Armstrong admitted that if Leneghan had not made a full and frank admission, it would have been a challenging prosecution.

'PINNED'

MR Gary Mulchrone, solicitor for Mr Leneghan, said his client will not forget being pinned to the side of the mountain in a hurry. He explained that he had to be airlifted to Galway University Hospital for emergency surgery and spent 17 days in hospital. He also had to have surgery later on his back.

Mr Leneghan had no previous convictions, and Mr Mulchrone said he is embarrassed to find himself in this position. He added that the incident had been a wake-up call, and he asked Judge Fiona Lydon to consider the probation act.

Judge Lydon said there was no doubt that Mr Lenegan had been through the mill and had learned his lesson. She added that if it hadn't been for the fishery officers, he might not be here today, and she agreed to strike out the charges if he donated €200 to the ISPCA.

Baineann sé leis an

IASC

Cosaint eascann

Iascaireacht mhídhleathach eascann a aimsiú

D'urghabh Oifigigh ón IIÉ roinnt líontán eascann le linn oibríochtaí eascann ar Loch Bhaile Uaitéir agus Loch Rí in 2021. Bhí na líontáin curtha i bhfolach i gcuid iargúlta den loch. Cé nár gabhadh aon duine in 2021, urghabhadh roinnt foirne trealaimh, agus beidh tionchar ag a gcaillteanas ar chumas na n-úinéirí iascaireacht mhídhleathach a dhéanamh.

Le linn siúlóidí fairsinge cois cladaigh ar Loch Rí ag Oifigigh ó IIÉ Ros Comáin, thángthas ar bhairille/mhála coimeádáin stórála eascann i gceantar coillearnaí iargúlta i gCuan Oilfíd.





Íomhánna: *Líontáin eascann a urghabháil ar Loch Rí i mí an Mheithimh 2021*







Íomhánna: *Bairille eascann (barr ar chlé) agus fianaise ar líneáil fhada d'eascanna a fuarthas ar chladach Loch Rí (barr ar dheis). Líontáin fonsaí le cloigne dobharchúnna sa chúlra a d'aimsigh IIÉ Ros Comáin (ar bun).*

Tá clú agus cáil ar an gceantar seo maidir le hiascaireacht mhídhleathach eascann, agus leanann an urghabháil seo urghabhálacha líontán eile, línte fada, gaistí bodairlíní agus innill mhídhleathacha eile le cúpla bliain anuas. Úsáidtear an bhairille seo chun eascanna a ghabhtar go mídhleathach a stóráil faoi uisce go dtí 'lá bailiúcháin'. Tá an mogalra ar an mála caol. Tá an bhairille a chuirtear sa mhála gan íochtar agus tá na céadta poll beag inti chun a chinntiú go bhfanann sí faoi uisce. Le linn ár bpatróil ar an gcladach, breathnaíodh míreanna eile a úsáidtear le haghaidh iascaireacht mhídhleathach eascann lena n-áirítear línte agus snámháin bhuidéil.

Tacú le ball den phobal

D'fhreagair foireann Inis Córthaidh eachtra garchabhrach i mí Iúil 2021. Bhí an fhoireann ar patról agus tháinig siad trasna ar dhuine aonair a ndearnadh ionsaí colanda air. Thug na hoifigigh faoi deara go raibh an duine i bponc agus cuireadh in iúl dóibh go raibh fadhbanna sláinte ag an duine agus gur thit sé i laige. Chinntigh na hoifigigh a sábháilteacht agus chuir siad glao ar chúnamh éigeandála. Tháinig an duine chuige/chuici féin arís agus tugadh tacaíocht dó/di go dtí gur tháinig na seirbhísí éigeandála ar an láthair.

Baineann sé leis an

IASC

Líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh agus a cuireadh i gcrích in 2021

I gcás cionta níos tromchúisí faoin reachtaíocht iascaigh agus comhshaoil, déanann Iascach Intíre Éireann ionchúisimh a thionscnamh. In 2021, tionscnaíodh 116 cás ionchúisimh ar sháruithe na reachtaíochta iascaigh agus comhshaoil. Thionscain an tAonad Tacaíochta Soghluaiste 12 chás ionchúisimh eile.

Toisc go dtógann sé roinnt míonna chun cás a phróiseáil chuig éisteacht cúirte, is gnách go mbaineann na hionchúisimh a dhéanaimid le heachtraí a tharla an bhliain roimhe sin. Mar sin, in 2021 thugamar 82 chás chun críche maidir le cionta iascaigh agus chuireamar tús le 103 chás eile. Chuireamar críoch freisin le 23 chás maidir le cionta comhshaoil agus chuireamar tús le 13 chás eile. Mar gheall ar imní sábháilteachta maidir le COVID-19, tá cásanna curtha siar ag roinnt cúirteanna go dtí go laghdófar an baol ionfhabhtaithe, rud as ar eascair riaráiste suntasach i réimsí áirithe.

Tábla 1.7: *Líon na n-ionchúiseamh arna dtionscnamh agus arna dtabhairt chun críche*

Líon ionchúiseamh le haghaidh cionta iascaigh	2020	2021
Líon ionchúiseamh arna dtionscnamh le haghaidh cionta iascaigh	119	103
Líon ionchúiseamh arna dtabhairt chun críche le haghaidh cionta iascaigh	52	82
Líon ionchúiseamh le haghaidh cionta comhshaoil	**2020**	**2021**
Líon ionchúiseamh arna dtionscnamh le haghaidh cionta comhshaoil	17	13
Líon ionchúiseamh arna dtabhairt chun críche le haghaidh cionta comhshaoil	8	23

Ionchúiseamh ag Cúirt Dhúiche na hUaimhe

I mí Eanáir 2021, ciontaíodh fear i ngunna sleá a bheith ina sheilbh nó faoina smacht in Abhainn na Bóinne i mBaile Shláine an 7 Iúil 2020. Gearradh fíneáil €100 air agus dámhadh costais agus speansais dar luach €1,530.72 ina choinne freisin. Forghéilleadh an gunna sleá agus bradáin.


Ionchúiseamh ag Cúirt Dúiche Achadh an Iúir (ina suí i gCúirt Dúiche an Chabháin)

I mí Eanáir 2021, eisíodh barántas binse chun fear a ghabháil, nár éirigh leis teacht i láthair ar an lá. Chiontaigh an breitheamh é nuair a bhí sé as láthair agus cheadaigh sé freisin d'fhorghéilleadh 14 gharbhiasc. Ciontaíodh an ciontóir i mbac a chur ar Oifigeach Údaraithe, as iasc a thógáil as lochán na mbád in Achadh an Iúir (contrártha d'Fhodhlí Uimh. 862 de 2009), agus freisin as a bheith i seilbh/smacht sracadóireachta.

Ionchúiseamh ag Cúirt Dúiche Cheatharlach

I gcás os comhair Chúirt Dúiche Cheatharlach i mí an Mheithimh 2021, phléadáil an cosantóir ciontach i dtrí chúiseamh ar an toghairm, eadhon sárú ar Fhodhlí Uimh. 970 2018, ag diúltú a ainm agus a sheoladh a thabhairt contrártha d'Alt 301 den Acht 1959 agus ag teip chun a cheadúnas iascaireachta a thabhairt ar aird contrártha d'Alt 303. Leagadh amach na fíricí os comhair na cúirte. Mar mhaolú, dúirt a dhlíodóir go raibh an cosantóir 38 mbliana d'aois, go raibh beirt leanaí aige agus go raibh sé ar leas sóisialach. Ghabh sé a leithscéal as a chuid gníomhartha agus is cosúil nach bhfuil sé ag iascaireacht a thuilleadh.

Dúirt an Breitheamh go raibh dearcadh an-lag aici ar dhiúltú an chosantóra a ainm agus a seoladh a thabhairt. Mar gheall ar an gcion seo ghearr sí fíneáil €500 air agus thug sí 120 lá dó chun an fhíneáil seo a íoc. Marcáladh an dá chúiseamh eile cruthaithe agus curtha san áireamh. D'ordaigh sí freisin don chosantóir costais de €650 móide CBL a íoc.



Ionchúiseamh suntasach ag Cúirt Dúiche Bhéal an Átha

Éisteadh cás i gCúirt Dúiche Bhéal an Átha a bhain le heachtra ag Cé Bhéal Deirg, Co. Mhaigh Eo i mí Iúil 2020, áit ar cuireadh bac, bagairt agus ionsaí ar chúigear Oifigeach Iascaigh agus iad ag iarraidh dul ar bord báid. Nuair a d'éirigh le beirt Oifigeach dul ar bord, tugadh amach chun farraige in aghaidh a dtola iad, áit ar bhagair a ngabhálaithe iad a chaitheamh thar bord.

Phléadáil an triúr cosantóirí ciontach agus thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) breac-chuntas ar an gcás agus thug na hOifigigh a raibh baint acu leis an eachtra fianaise. Ghlac an breitheamh le dlínse agus chuir triúr Cigirí, Cigire Cúnta agus Oifigeach Iascaigh fianaise ar fáil, inar cuireadh síos ar na fíricí faoinar tharla an oíche úd faoi thrácht.

D'ordaigh an breitheamh go ndéanfadh an triúr cosantóirí uile cúrsa bainistíochta feirge agus go n-íocfaidís suim dar luach €2,500 an duine, a roinnfear ansin idir carthanais agus go n-íocfar méid beag leis an gCigire a chuaigh amach san fharraige. D'iarr sí freisin Tuairisc Phromhaidh a dhéanamh ar dhuine de na cosantóirí. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, breithneoidh sí pianbhreitheanna ar fionraí agus cuirfear gach ábhar ar atráth go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2022.

Ionchúiseamh i gCúirt Dúiche Chill Chainnigh

Tharla sáruithe ar an Reachtaíocht Iascaigh (sárú ar Alt 97(1) d'Acht 1959) nuair a breathnaíodh beirt fhear i mbun líontóireacht mhídhleathach ar Abhainn na Bearú agus iad ag iarraidh bradáin a ghabháil. Éisteadh an cás os comhair Chúirt Dúiche Chill Chainnigh i mí Iúil 2021. Chuir na cosantóirí in aghaidh na gcúiseamh. Thug triúr Oifigeach Iascaigh fianaise. Ag deireadh chás an ionchúisimh rinne an t-aturnae ionchúisimh iarratas ar threoir ar an mbonn nach raibh an fhianaise a tairgeadh leordhóthanach agus dá mba thriail le giúiré é seo nach mbeadh sé sábháilte an t-ábhar a fhágáil faoi bhráid an ghiúiré. Dhiúltaigh an breitheamh sa chás seo don iarratas ar threoir. Dúirt an t-aturnae ansin nach mbeadh a chliaint ag tabhairt fianaise. Lean an breitheamh leis na cosantóirí a chiontú ar gach cúiseamh agus maidir le sárú Alt 97(1) d'Acht 1959 ghearr sé na pionóis seo a leanas ar na cosantóirí:

Cosantóir A - Pianbhreith chúig mhí príosúnachta. Fíneáil €2,000 mar aon le costais €1,245, agus dhá mhí dhéag leis na méideanna sin a íoc. Marcáladh gach ceann de na cúisimh a bhí fágtha de bheith cruthaithe agus cuireadh san áireamh iad.

Cosantóir B – Pianbhreith thrí mhí príosúnachta. Fíneáil €1,500 mar aon le costais €1,245, agus dhá mhí dhéag leis na méideanna sin a íoc. Marcáladh gach ceann de na cúisimh a bhí fágtha de bheith cruthaithe agus cuireadh san áireamh iad.

Mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú as bád a úsáid contrártha d'Alt 285(A)(1) d'Acht 1959, forghéilltear an bád go huathoibríoch. Shocraigh an breitheamh cúirtbhannaí i gcás achomharc chun na Cúirte Cuarda, agus seirbheáladh Fógraí Achomhairc ina dhiaidh sin ar aturnae IIÉ thar ceann na beirte cosantóirí.

Rinneadh na cásanna a achomharc chuig an gCúirt Chuarda agus déileáladh leo i gCúirt Chuarda Chill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tugadh na hachomhairc i gcoinne dhéine na pianbhreithe. Tugadh Tuairiscí Promhaidh ar an mbeirt achomharcóirí don Chúirt agus leag Oifigeach Iascaigh na fíricí amach don Chúirt. Tugadh ciontuithe roimhe seo na beirte achomharcóirí don Chúirt, mar aon le sonraí an cháis a bhí ar feitheamh i gcoinne an chiontóra. Tar éis dó an fhianaise agus na haighneachtaí a éisteacht, dúirt an breitheamh go dtabharfadh sé an cás chun críche an lá sin. D'ordaigh sé don chiontóir 50 uair an chloig de Sheirbhís Phobail a dhéanamh in ionad na pianbhreithe thrí mhí príosúnachta agus laghdaigh sé an fhíneáil go €500 agus thug sé trí mhí dó an fhíneáil sin a íoc. Dheimhnigh sé an tOrdú le haghaidh chostais €1,245 a deonaíodh sa Chúirt Dúiche, ach ní dhearna sé aon Ordú maidir le costais a bhain leis an achomharc. Tá an cás seo curtha ar atráth go dtí mí Feabhra chun fanacht ar thuarascáil eile ón tSeirbhís Phromhaidh.

Ionchúiseamh i gCúirt Dúiche Chill Chainnigh

Phléadáil cosantóir neamhchiontach i sárú Fhodhlí Uimh. 975 de 2019 i gcás ar iascaireacht mhídhleathach bradán a éisteadh i gCúirt Dúiche Chill Chainnigh i mí Lúil 2021. Ba é bunús a chosanta go ndearna sé agóid i gcoinne an ainm a thugtar ar an gceantar faoi thrácht 'Poll na mBollán'. Ba í an fhianaise a bhí aige ná go dtugtar 'An Bolg' air. Dhiúltaigh an breitheamh don idirdhealú sin mar rud nach mbaineann le hábhar sa mhéid is go raibh log an chiona tugtha go soiléir ar an Toghairm ag Inis Tíog i gceantar na Cúirte Dúiche i gCill Chainnigh.

Mhaígh an cosantóir freisin nuair a thug sé an bradán i dtír go raibh sé ag cur fola as na geolbhaigh agus nach raibh sé chun marthain. Mar sin mharaigh sé go daonnachtúil é agus thug leis é. Dúirt sé dá dtabharfadh sé an t-iasc ar ais chuig an uisce go mbeadh sé lofa. Níor ghlac an breitheamh leis an gcosaint sin agus chiontaigh sé an cosantóir i sárú Airteagal 3(a) d'Fhodhlí Uimh. 975 de 2019.

Mar mhaolú, cuireadh in iúl nach bhfuil aon chiontú roimhe seo ag an gcosantóir, agus is cosúil go bhfuil drochshláinte air. Tar éis éisteacht le fianaise na gCigirí Cúnta, agus na haighneachtaí a rinneadh thar a cheann, ghearr an breitheamh fíneáil de €300 mar aon le ranníocaíocht €630 i leith chostais an ionchúisimh. Thug sé sé mhí don chosantóir na méideanna sin agus cúirtbhannaí seasta a íoc i gcás achomharc chun na Cúirte Cuarda.

Ionchúiseamh i gCúirt Dúiche Dhún Dealgan

Thug Oifigigh Iascach Intíre Éireann breac-chuntas ar fhíricí an cháis chuig Cúirt Dúiche Dhún Dealgan i mí Mheán Fómhair 2021 faoin gcaoi ar tugadh faoi deara beirt fhear i mbun liús a thógáil agus a mharú go mídhleathach ar Loch Dhroim Chatha. Gearradh fíneáil €300 an duine ar an mbeirt fhear. Mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú as bád a úsáid contrártha d'Alt 285 (A)(1) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959, forghéilltear go huathoibríoch anois an bád a d'urghabh Iascach Intíre Éireann.

Baineann sé leis an
ÁR BHFOIREANN

Teagmhais ionsaithe in aghaidh fhoireann IIÉ agus iad ar dualgas

Is cúis imní i gcónaí do IIÉ an leibhéal méadaitheach de naimhdeas agus ionsaitheacht a léirítear i leith Oifigigh Iascaigh agus iad i mbun a gcuid dualgas. Tá sábháilteacht na foirne ríthábhachtach, ach is léir nach dtugann gach saoránach an meas atá tuillte ag na hOifigigh Stáit seo. In 2021, thaifead foireann IIÉ 72 eachtra san iomlán de naimhdeas/ionsaitheacht a bhí dírithe ar bhaill foirne agus iad i mbun a ndualgais, ar mhéadú ó 61 thiar in 2020 é. Le blianta beaga anuas, tá díobháil cholanda mar gheall ar ionsaí pearsanta, tiomáint feithiclí ina n-aghaidh agus ó chaitheamh amach san uisce san áireamh le roinnt acu seo. Le fada an lá tá IIÉ ag iarraidh ceamaraí colainne a imscaradh d'fhoirne a oibríonn san allamuigh chun sábháilteacht na foirne a áirithiú. Leanfaidh IIÉ ar aghaidh ag úsáid aon uirlisí is féidir chun caighdeáin sábháilteachta agus iarmhairtí a fheabhsú dár bhfoireann san allamuigh.

Teagmhas ionsaithe, Beannchar

I mí Lúil 2021, gabhadh beirt ag iascaireacht go neamhdhleathach ar an Abhainn Gharbh. Urghabhadh dhá líontán, trí bhradán agus veain. Le linn na gabhála, rinne duine amháin acu ionsaí ar an gCigire Cúnta. Bhí cóir leighis de dhíth ar an mball foirne agus ní raibh cumas itheacháin go ceann roinnt laethanta aige leis an gcaoi ar bhain an gortú dá éadan agus dá bhéal. Tionscnaíodh comhaid ionchúisimh agus éisteadh an cás i gCúirt Dúiche Acla i mí Eanáir 2022. Tar éis éisteacht leis na fíricí a leagadh amach i gcoinne na beirte daoine agus leis an maolú a thairg an chosaint ina dhiaidh sin, rinne an breitheamh an-soiléir nár mheas sí gur cothrom na Féinne a bhí sa chineál iompair sin agus dúirt sí gur póitseáil fhollasach agus mhailíseach a bhí ann. I bhfianaise na gcúinsí, caitheadh amach na cúisimh ar an mbonn go n-íocfadh gach duine €250 le IIÉ chun cabhrú le saothar iascaigh agus €750 móide CBL mar ranníocaíocht le costais, agus na fíneálacha le híoc laistigh de cheithre mhí. Tá na cásanna curtha ar atráth lena lua go dtí an 12 Bealtaine chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh go sásúil ar chúrsaí.

Baineann sé leis an

NÓSANNA

Cáilíocht uisce a chosaint


Déanann foireann comhshaoil agus allamuigh Iascaigh Intíre Éireann gnáthchigireachtaí ar cháilíocht uisce chun leibhéil truaillithe i ngnáthóga éagsúla a mheas, agus tá sé mar bheartas againn eagraíochtaí agus daoine aonair a ionchúiseamh maidir le cionta comhshaoil ina dtarlaíonn damáiste do ghnáthóg, truailliú nó marú éisc.

Gach bliain, tagann brú suntasach ar shruthchúrsaí ó leathadh sciodar roimh am. Níl aon tairbhe ann sciodar a leathadh ar thalamh bháite nó go díreach roimh theagmhais báistí a bheith ar feitheamh; ach ceadaítear sciodar a leathadh nuair is ar éigean atá an féar ag fás ar chor ar bith. Mura ndéantar é sin in aimsir thirim agus dóchúlacht an fháis ann, caillfear an chuid is mó de na cothaithigh sin le srutháin agus le haibhneacha, agus sa deireadh déanann siad díghrádú ar cháilíocht na n-uiscí sin agus ar an mbithéagsúlacht mhacrainneirteabrach iontu.


In 2021, tugadh 2,382 cuairt feirme ar an iomlán ar fud na tíre, agus eisíodh litreacha rabhaidh i gcásanna ina raibh imní ar leith maidir le hiascaigh.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na cineálacha éagsúla cigireachtaí comhshaoil a rinneamar in 2021. Rinneadh 33,308 cigireacht san iomlán in 2021: méadú suntasach orthu sin a rinneadh thiar in 2020.

Fíor: *Cigireachtaí ar cháilíocht uisce agus ar ghnáthóga - 2020*



Fíor: *Cigireachtaí ar cháilíocht uisce agus ar ghnáthóga- 2021*



Cás truaillithe uisce ag Cúirt Dúiche an Chabháin

D'éirigh le IIÉ in ionchúiseamh i gcoinne Uisce Éireann an 16 Meán Fómhair 2021 i gCúirt Dúiche an Chabháin. Bhain an t-ionchúiseamh le teagmhas truaillithe a tharla ag Ionad Cóireála Séarachais Ármhach, Co. an Chabháin. Ghearr an breitheamh fíneáil €2,500 ar Uisce Éireann agus dhámh costais dar luach €3,985.17.

Cás truaillithe uisce ag Cúirt Dúiche Thuama

An 8 Meitheamh 2021 ag éisteacht i gCúirt Dúiche Thuama, phléadáil Corrib Farming Ltd., ó Thuaim, Co. na Gaillimhe, ciontach i sárú ar na hAchtanna Iascaigh, an 22 Meán Fómhair 2020. Thug Oifigeach Sinsearach Comhshaoil Iascach na Gaillimhe fianaise gur rianaíodh foinse mórtheagmhais truaillithe ar Abhainn an tSúilín siar go dtí píobán a tháinig as feirm na cuideachta i dTuaim. Ba é duine den phobal a thug an chéad tuairisc don IIÉ, agus tar éis imscrúdú a dhéanamh, aimsíodh fás trom algach ar an abhainn. Ba thráscairí iad sin ar shaibhriú cothaitheach an dobharlaigh, ag clúdach thart ar 4km le sruth ón bpointe sceite, áit a dtéann sí isteach in Abhainn an Chláir ina dhiaidh sin.





ar an doirteadh feirme. Cé gur chomhoibrigh an chuideachta go hiomlán agus gur gheall siad an scéal a leigheas láithreach bonn, rinneadh damáiste suntasach do cháilíocht uisce dhobharcheantar Loch Coirib. Chiontaigh an breitheamh Corrib Farming agus d'ordaigh don chuideachta €1,000 a íoc, ní mar fhíneáil, ach le hoibreacha athchóirithe ar dhobharcheantar Loch Coirib – chomh maith le costais saotharlainne dar luach €349.32 agus costais dlí de €800.

Íomhánna: *An Súilín truaillithe (barr) agus píobán sceite chlós feirme (ar bun)*



Deimhníodh le samplaí uisce a tógadh mar chuid den imscrúdú go raibh truailliú uisce ar an tSúilín mar thoradh

Baineann sé leis an
NÓSANNA

Baineann sé leis an
IASC

Tionscadail cosanta comhshaoil

Chuir láithreán **líonta talún stairiúil ag Ball Bán, na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall** tús le hoibreacha feabhsúcháin faoi mar a d'ordaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus arbh í Comhairle Contae Dhún na nGall (DCC) a chuir chun feidhme iad. D'fhostaigh CCDnG RPS Consulting chun plean suímh a chur le chéile agus ar a sheal féin tá Priorirt Construction ceaptha ag RPS chun tabhairt faoi na hoibreacha a bheidh de dhíth. Is é an aidhm fhoriomlán an suíomh a dhaingniú, draenáil a sholáthar agus an limistéar a theorannú chun insíothlú a stopadh as a dtiocfadh caillteanas láisteáite ar Abhainn Bhun Góistíon uachtarach, ar córas ina bhfaightear salmainidí é. Tá an suíomh féin fairsing agus an-sceirdiúil agus thug foireann IIÉ cuairt air go minic, lena n-áirítear cuidiú le cruinnithe suímh agus suirbhé dróin. Creidtear go dtiocfaidh an oibríocht i gcrích faoi Aibreán 2022.

Tharla **sciorradh móna** ar chuid d'athailíniú an N56 agus cuireadh gníomh feabhais i bhfeidhm láithreach. Chuathas i dteagmháil le IIÉ agus le CCDnG chun na bearta ciorraithe ar éirigh leo a shainaithint agus a chur chun feidhme, agus níor tháinig aon ábhar isteach sna huiscí cóngaracha. Tá an limistéar athfhásta agus daingnithe.

Chuaigh IIÉ i gcomhairle le húinéir talún ar an tSimhin, Co. Chiarraí, maidir leis an obair atá beartaithe chun **bruach armúr carraige a chosaint**. Ar iniúchadh an tsuímh dó, phléigh an tOifigeach Comhshaoil Iascaigh áitiúil tionchar diúltach na hinnealtóireachta crua (armúr carraige, cur isteach san abhainn le hinnealra, costas) leis an úinéir talún, i gcomparáid leis na buntáistí comhshaoil agus costais a bhaineann le hinnealtóireacht bhog (sciorrthaí bruach treisithe le hithir, athshíolaithe agus athphlandaithe chun an bruach a athbhunú agus a chobhsú). Roghnaigh an t-úinéir talún dul ar aghaidh leis an réiteach bog innealtóireachta. Chuaigh an toradh chun tairbhe na gnáthóige agus bhithéagsúlacht an chreasa bhruachánaigh óir cothabháladh bruach nádúrtha na habhann, agus





Íomhánna: *Sciorradh móna tosaigh (ar chlé) agus an limistéar daingnithe agus a ndearnadh monatóireacht air (ar dheis)*

soláthrófar scáth, éagsúlacht plandaí agus láithreacha neadaithe don fhiadhúlra ann amach anseo. Táthar ag beartú é seo a úsáid mar léiriú ar an méid is féidir a bhaint amach agus sa dul i ngleic le comhairliúcháin ina dhiaidh sin. Déanfar monatóireacht ar an tionscadal seo d'fhonn tionscadail chomhchosúla a spreagadh ag láithreacha eile chun gnáthóg iascaigh a chosaint i gcomhréir leis an gCreat-treoir Uisce.

Tógadh píosaí scannánaíochta físe de **bhric gheala ag sceitheadh** ar chraobh-abhainn le Loch Luíoch, An Coireán, Co. Chiarraí, i mí na Samhna 2021. Gabhadh íomhánna ar chaighdeán maith sa chraobh-abhainn an-bheag. Ba é an cuspóir na húinéirí talún a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis na srutháin is lú fiú, agus cosc a chur ar oibreacha ag bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar an ngnáthóg agus ar na stoic éisc.

Agus iad ar ghnáthphatróil i mí Lúil 2021, thug foireann IIÉ faoi deara go raibh **tochaltóir in Abhainn Achadh na Cloiche**. Arna imscrúdú sin, fuarthas amach go raibh conraitheoir fostaithe ag an úinéir talún chun gairbhéal a bhaint as stráice de thart ar 300m, a raibh cuid de ina ghairbhéal sceite. Tá comhad á ullmhú ag IIÉ d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh.



Íomhá: *Breac geal ag sceitheadh i bhfo-abhainn le Loch Luíoch*

Baineann sé leis an

IASC

Maruithe éisc

Imscrúdú agus tuairisciú ar mharuithe éisc

Gach bliain taifeadann IIÉ líon suntasach maruithe éisc. Cé nach mbíonn foinse na maruithe éisc sin soiléir i gcónaí is é beartas IIÉ é go ndéanfaidh an eagraíocht na daoine atá freagrach a ionchúiseamh i gcás ina sainaithnítear an fhoinse.

In 2021, thaifead IIÉ 41 eachtra ar leithligh maruithe éisc ar fud na tíre. Bhí sé seo ina mhéadú suntasach ar an líon a sainaithníodh thiar in 2020. Ina theannta sin, bhí méadú suntasach ar líon na n-iasc a maraíodh sna teagmhais sin, agus sainaithníodh breis agus 18,000 iasc a maraíodh. Tá súil ag IIÉ tuarascáil níos mionsonraithe a sholáthar ar mharuithe éisc níos déanaí sa bhliain.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar bhunús na 41 mharú éisc a tuairiscíodh in 2021.

Tábla 1.8: *Maruithe éisc de réir tionscnaimh*

Maruithe éisc	2020	2021
Iomlán na maruithe éisc a tuairiscíodh	15	41
De bharr cleachtas talmhaíochta	5	8
De bharr oibríochtaí tionsclaíocha	1	7
De bharr oibreacha bardasacha	0	2
Cúiseanna eile (galar, cúiseanna nádúrtha)	7	24
Cúis neamhdheimhnithe	2	0
Líon measta na dtaismeach éisc dá bharr – neaslíon	**8,000**	**18,410**

Marú éisc ag Loch Bharr na gCnó, Co. an Chabháin

Thuairiscigh duine den phobal i mí Iúil 2021 go bhfacthas éisc mharbha ar chladach Loch Bharr na gCnó, Co. an Chabháin. Rinne foireann IIÉ imscrúdú agus d'aimsigh siad líon mór iasc a bhí tar éis bháis. Áiríodh os cionn 5,000 iasc san iomlán lena n-áirítear bran, róiste, péirse agus liús. Tugadh faoi deara blás mór algach ar an loch dhá lá roimh mharú na n-iasc agus bhí teocht an uisce a glacadh chomh hard le 22 chéim ceinteagráid, agus an ocsaigin thuaslagtha íseal ag dul leis. Níor sainaithníodh aon fhianaise de thruailliú i mbád patróil a rinneadh ar an loch freisin. Rinneadh an tátal gur tosca nádúrtha ba chúis leis an eachtra amhail teochtaí arda agus leibhéil ocsaigine ísle.







Íomhánna: *Marú éisc agus blás algach ar Loch Bharr na gCnó, Co. an Chabháin*

Marú éisc ag An Muileann Iarainn, Co. an Chabháin

Tharla an marú éisc ag an gCláideach, Co. an Chabháin mar thoradh ar chlár athstocála BSE mar ar fuarthas timpeall 250 muóg bradáin ag an suíomh inar cuireadh sa loch iad. Dheimhnigh BSL go raibh athstocáil déanta acu ar an lá faoi thrácht. Níor aimsíodh aon éisc mharbha in aghaidh srutha ón suíomh, agus chonacthas na mílte muóg bradáin beo fós ag an suíomh freisin. Ba dhóchúil gur cailleadh na héisc sin le linn iompair agus gur scaoileadh amach san abhainn iad in éineacht leis na héisc shláintiúla.





Íomhánna: *Muóg bradáin ag an gCláideach, Co. an Chabháin*

Marú éisc ag Droichead an Bhuitléaraigh, Co. an Chabháin





Fuarthas tuairisc maidir le héisc mharbha ar Abhainn na hEoghanacha ag Droichead an Bhuitléaraigh, Co. an Chabháin. Tar éis imscrúdú a dhéanamh, tugadh faoi deara go raibh 17 mbreac, trí róiste, trí phéirse agus dhá bhodairlín tar éis bháis. Tógadh teocht an uisce ag an suíomh agus bhí sé 22 chéim ceinteagráid le hocsaigin thuaslagtha íseal ann. Bhí leibhéil uisce an-íseal freisin ag an am. Fuarthas amach go raibh na cúiseanna nádúrtha, mar go raibh go leor iasc ag snámh san uisce agus gan aon fhianaise d'aon truailliú inti.

Íomhánna: Bric mharbha ag Droichead an Bhuitléaraigh, Co. an Chabháin

Marú éisc ag an nGlaise

Thug Oifigeach Comhshaoil CAID faoi imscrúdú ar mharú éisc suntasach ar an nGlaise, craobh-abhainn sceite bradán le hAbhainn na Sláine. Fuarthas amach gur leath an marú éisc thar achar de thart ar 2.5km agus bhí thart ar 3,000 bás breac, bradán, loimprí agus garmachán san áireamh. Rianaíodh foinse an mharaithe go sruthán feirme a bhí ag trasnú achar gearr suas an abhainn le héisc agus inveirteabraigh mharbha síos an abhainn ón gcrosaire agus inveirteabraigh bheo a bhí le feiceáil in aghaidh srutha ón mbealach trasna. Le linn imscrúdaithe fuarthas amach gurbh iad lotnaidicídí foinse an truaillithe. Tá comhad ullmhaithe d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh.

Marú éisc ag Abhainn na Gleoire, Co. Mhaigh Eo

An 3 Meán Fómhair 2021 fuarthas tuairiscí ar theagmhas maraithe éisc ag Abhainn na Gleoire, láthair sceite thábhachtach do bhradán agus breac, gar do Choillte Mach, Co. Mhaigh Eo. D'fhreastail Oifigigh Comhshaoil agus Iascaigh ó CAI Bhéal an Átha ar an láthair. Tógadh samplaí uisce agus éisc ón suíomh, agus baineadh iad le haghaidh anailís eolaíochta ag saotharlann neamhspleách. Shiúil baill foirne le sruth ón teagmhas, agus bhailigh siad bradáin, gealóga agus muóga bric marbha. San teagmhas tromchúiseach maraithe éisc sin, bailíodh 500 iasc marbh san iomlán ach is dócha go raibh an líon a maraíodh i bhfad ní b'airde.





Tá an t-imscrúdú ar an teagmhas tromchúiseach maraithe éisc curtha i gcrích. Tá comhad ullmhaithe d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh. Ina fhianaise sin, ní leagfar amach a thuilleadh sonraí faoin imscrúdú sa tuarascáil seo.

Íomhánna: *Sceitheadh bán ó bhruach abhann Ionad Cóireála Uisce Choillte Mach agus Éisc mharbha a fuarthas ó Abhainn na Gleoire*

Baineann sé leis an

NÓSANNA

Teagmhais truaillithe

Fuarthas tuairisc ar thruailliú ola ag suíomh **Liffey Mills i Ros Cré** tríd an mbeolíne. Chonacthas sruth glan sa phíobán le linn seiceála an lá dár gcionn. Léiríonn imscrúduithe le Liffey Mills gurbh í trucail ag sceitheadh sreabhán hiodrálach foinse ba dhóchúla an truaillithe. Tá Liffey Mills tiomanta do dheighilteoir breise ola/soolta a shuiteáil ag an tsaoráid.





Íomhánna: *Píosa scannánaíochta dróin de Loch an Tonaigh agus blás algach ann*

Cuireadh glaoch ar ár mbeolíne ag tabhairt tuairisce ar theagmhas truaillithe ar **Loch an Tonaigh, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall.** Tar éis imscrúdú a dhéanamh, tugadh faoi deara go raibh blás algach tromchúiseach tar éis tarlú ar an loch mar gheall ar na teochtaí arda sna laethanta roimh an teagmhas. Tá an loch ceangailte le Loch na Crí agus táthar ag súil go bhféadfadh go mbeadh ró-ualú cothaitheach ón seanláithreán dumpála ag Loch na Crí ina fhachtóir a chuir leis. Imscaradh drón chun roinnt íomhánna a ghabháil de mhéid na heachtra.



Íomhá: Abhainn na Ceathrún Beag, Cathair na Mart, ina dtaispeántar truailliú glantach

An 16 Eanáir 2021 fuair an fhoireann glaoch chuig an mbeolíne maidir le heachtra truaillithe ag **Abhainn na Ceathrún Bige i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo**. Bhain an teagmhas le sceitheadh garbhthuitrí trí thimpiste isteach i ndraein áir bháistí ó channa glantach a bhí á ghlanadh le haghaidh athchúrsála. Cuireadh bac ar dhraein áir bháistí chun tuilleadh éillithe a chosc agus le cúnamh ó fhoireann Theach Chathair na Mart rinneadh na píobáin a ní agus a chaidéalú glan. An lá dár gcionn, rinneadh suirbhé dróin, cadhac agus cladaigh ar an loch éadomhain in aice láimhe chun aon bhás éisc a sheiceáil, ach níor taifeadadh aon cheann díobh.

Comhairle 2021

Iarratas Dobharshaothrú

Tá iarratas ar cheadúnas nua do láithreán dobharshaothraithe bradán curtha ar aghaidh chuig IIÉ le tuairimí a fháil. Tá an ceadúnas atá molta laistigh de Chuan Bhaile na Cille Iasmuigh a shreabhann an Damhros nó an Choill Mhór amach ann. Tá feirm bradán ag feidhmiú níos gaire don chladach sa cheantar seo cheana féin. Tá imní fós ar IIÉ faoin leibhéal dobharshaothraithe bradán atá á cheadúnú in aice le hiascaigh thábhachtacha bradáin fhiáin agus bric ghil chomh maith le hiascaigh atá tábhachtach don diúilicín péarla fionnuisce atá i mbaol mór.

Barúlacha pleanála

Mar chuid de shainchúram IIÉ maidir le hiascaigh agus an ghnáthóg bhruachánach a bhaineann leo a chosaint, rinne IIÉ léirbhreithniú ar 10,281 iarratas pleanála agus rinne sé aighneachtaí sonracha ar 1,341 acu thiar in 2021. Cé nach féidir achoimre a thabhairt ar na haighneachtaí sin sa tuarascáil seo, coinnítear na barúlacha ar chomhaid na n-údarás áitiúil a luaithe a chuirtear isteach iad, rud atá ar fáil go poiblí.

Moltaí do Limistéir Chaomhantais Speisialta

Mar chuid d'athbhreithniú iomlán ar Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna) sa tír, rinne IIÉ aighneacht chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le moltaí le haghaidh athbhreithniú ar Limistéir Chaomhantais Speisialta áirithe ar fud na tíre.

Loch Eachros Beag, An Clochán, Co. na Gaillimhe

Mar gheall ar fhionnachtain liús i Loch Eachros Beag, áit nár taifeadadh riamh cheana iad, caitheadh roinnt laethanta ar bhainistíocht stoic chun leibhéal na liús sa loch a fháil amach. Áiríodh fiche liús san iomlán lena n-áirítear éisc a ghabh dhá bhád leictriascaireachta, líontáin shamplacha agus éisc a tuairiscíodh trí na meáin shóisialta, mar aon leo siúd a gabhadh ar dtús i gclár samplála TRU thiar in 2021. Tá an clár bainistíochta stoic tugtha chun críche ar bhonn sealadach, ach tiocfaidh sé arís go luath in 2022 roimh shéasúr sceathraí na liús.



01 Acmhainn Iascach na hÉireann a Chosaint agus a Chaomhnú

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Gníomhú ar son na hAeráide in IIÉ - dul chun cinn in 2021

Leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, tiomnaítear Éire do sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, agus laghdú 51% faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2018). Faoi Acht 2021, éilítear le cuspóir aeráide náisiúnta na hÉireann ar an stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráid-neodrach a shaothrú agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.



Torthaí Fuinnimh IIÉ

Thuairiscigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gur bhain Iascach Intíre Éireann coigilteas 43.6% amach i bhfuinneamh faoi dheireadh 2020. Ba mhór an t-éacht é sin agus ba léiriú é ar na hiarrachtaí a rinne foireann IIÉ chun an toradh sin a bhaint amach. Cuireann sé IIÉ ar an mbealach ceart chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

Feidhmíonn ár bhfoirne glasa áitiúla agus náisiúnta ról dearfach ar bhonn leanúnach agus iad ag obair i dtreo laghdú bliantúil 7% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a bhaint amach faoi 2030. Táthar tar éis tuilleadh tionscadal tíosach ar fhuinneamh i bhfeidhm in 2021, lenar áiríodh painéil ghréine ar an díon, baint an taiscthéimh sheanda, athsholáthar na bhfiúschlár, uasghráduithe cumhachta ar réadmhaoine agus oibreacha uasghrádaithe foirgneamh lenar áiríodh aerdhíonacht agus insliúchán.

Na chéad chéimeanna eile maidir le gníomhú ar son na haeráide

Tá IIÉ fós tiomanta d'inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht réadmhaoine, cabhlaigh, dramhaíola, bainistíochta uisce agus chórais soláthair ghlais a bharrfheabhsú. I measc na mbeart do 2022 tá:

- Tacaíocht agus forbairt leanúnach a sholáthar d'fhoirne glasa IIÉ
- Suiteáil 24 phointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus 11 chóras fhótavoltacha
- Gan ach feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach i gcás inarb infhaighte agus inarb indéanta ar bhonn oibríochtúil ó dheireadh 2022, rud a chuirfidh ar chumas d'Iascach Intíre Éireann dul thar cheanglais na Treorach um Fheithiclí Glana agus gníomhú mar cheannaire sa réimse sin




- Tuairisc a thabhairt ar astuithe agus inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht acmhainní agus gníomhaíochtaí bithéagsúlachta
- Cur chuige glas soláthair a sheachadadh trí phraghsáil charbóin agus critéir aeráide a áireamh i dtairiscintí poiblí
- Tuilleadh teicneolaíochtaí glasa a sheachadadh chuig punann réadmhaoine IIÉ
- Suiteáil níos mó pointí luchtaithe feithiclí leictreacha ar bhonn náisiúnta
- Níos mó suirbhéanna réadmhaoine a dhéanamh chun coigilteas tíosach ar fhuinneamh a bhaint amach
- Leanúint de bheith mar chuid de chur chuige comhpháirtíochta SEAI maidir le hinbhuanaitheacht
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhramhaíl atá á táirgeadh ag IIÉ
- A chinntiú nach ndéanann beartais agus cleachtais Iascach Intíre Éireann a cheapadh i gconairí ardcharbóin agus cosaint ó thaobh carbóin de ar chinntí agus cláir mhóra a dhéanamh ar bhonn córasach, ag bogadh le himeacht ama go straitéis infheistíochta atá nach mór neodrach ó thaobh carbóin de (clár soláthair réadmhaoine)
- Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas iniúchta fuinnimh a leathnú chuig réadmhaoine breise IIÉ

- Bualadh le speisialtóirí SEAI ar riachtanais, tacaíochtaí agus straitéis d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (FNMNF)
- Sainaithint leanúnach na dtionscadal agus na ngníomhartha bunaithe ar shonraí monatóireacht fuinnimh ar fud na láithreacha go léir (bearta éadoimhne agus doimhne ar a seal) lena n-áirítear gníomhartha gréine teirmeacha agus fótavoltacha, fuinneoga agus doirse atá tíosach ar fhuinneamh, insliúchán cuasbhalla, insliúchán dín agus córais téimh atá tíosach ar fhuinneamh
- Leanúint ar aghaidh le feidhmiú céimneach na gcóras soilsithe cliste i ngach foirgneamh poiblí de chuid IIÉ agus leanúint ar aghaidh le feistis soilse a thiontú go LED i gcás inar féidir
- Monatóireacht agus leasú a dhéanamh ar spriocanna feidhmíochta fuinnimh agus laghdaithe fuinnimh ar fud na láithreacha go léir.

Réadmhaoine IIÉ

- Bhain IIÉ cúig rátáil fuinnimh foirgnimh (RFF) agus seacht gcinn de dheimhniú fuinnimh taispeána (DFT) amach ag a réadmhaoine in 2021, rud a fhágann go raibh 19 réadmhaoin iomlán rátáilte ag RFF ann
- Tugadh cead pleanála do chóras fótavoltach 14.72kWh ag oifig IIÉ i mBéal Átha Seanaidh in 2021, agus beidh an tionscadal le tosú i mí Feabhra 2022
- Tá pleananna á gcur le chéile in 2021 le haghaidh chóras 34.7kWp agus port luchtaithe carranna ag oifig IIÉ i nGaillimh, cuirfear an tionscadal sin i bhfeidhm i Ráithe 3 de 2022
- Tá córas PV 6kWp curtha isteach ag bunáit Bhreacbháinsí de chuid IIÉ
- Tá córas PV 6kWp curtha isteach ag bunáit Loch Con de chuid IIÉ
- Rinneadh suirbhé ar fhuinneamh foirgnimh ag trádstóras IIÉ in 2021 agus sainaithníodh an gá le hinsliúchán i gcuid tosaigh na réadmhaoine; sannadh conraitheoir chun trádstóras IIÉ a insliú in Iarthar na Cathrach i Ráithe 1 de 2022
- Rinneadh suirbhéanna fuinnimh ag ceithre réadmhaoin bhreise in 2021; déanfar uasghrádú ar chreatlacha foirgnimh agus athsholáthairtí téimh sna réadmhaoine sin
- Chuaigh IIÉ chun tairisceana le haghaidh 11 shuiteáil fhótavoltacha bhreise agus 24 phointe luchtaithe bhreise d'fheithiclí leictreacha a sholáthar







Fíor: *Tomhaltas fuinnimh in 2020 léirithe mar phríomhriachtanas fuinnimh iomlán (TPER)*

Léirítear sa ghraf seo a leanas an laghdú leanúnach ar úsáid leictreachais laistigh de IIÉ. Ba chuidiú é tabhairt isteach fótavoltachais gréine ar an díon, córais téimh nua, suirbhéanna réadmhaoine, uasghrádú ar chreatlacha foirgnimh agus rannpháirtíocht fostaithe chun fuinneamh a laghdú. Tá ídiú leictreachais laghdaithe ó 1,008,159kWh thiar in 2020 go 931,875kWh in 2021.

Fíor: *Treochtaí úsáide leictreachais IIÉ: 2009 go dtí deireadh 2021*



Fíor: *Treochtaí ídithe fuinnimh IIÉ: 2009 (bliain bhonnlíne tuairiscithe SEAI) go dtí deireadh 2021*




Bunáit Loch Arbhach – CAI Bhéal an Átha

Is sampla é Bunáit Loch Arbhach i mBéal an Átha de réadmhaoin IIÉ inar méadaíodh an tíosacht ar fhuinneamh in 2021 trí aerdhíonacht, leaca insliúcháin, doras garáiste inslithe agus athsholáthar teasa. Tá IIÉ ag tosú ar laghdú a thabhairt faoi deara in úsáid fuinnimh sa réadmhaoin.



Íomhá: *Méadú ar thíosacht fuinnimh ag Bunáit Loch Arbhach le díonlach grianphainéil*

Fíor: *Treochtaí monatóireachta fuinnimh Loch Arbhach in kWh Bealtaine 2020 go Samhain 2021*



02

Taighde: Eolas a fhorbairt le gníomhú a mhúnlú





Taighde: Eolas a fhorbairt le gníomhú a mhúnlú

Baineann sé leis an

NÓSANNA

Cuireann foirne taighde Iascach Intíre Éireann an chomhairle eolaíoch ar fáil a thacaíonn agus a threoraíonn ár n-iarrachtaí chun acmhainní iascaigh na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú. Is lena gcuid saothair a áirithítear go bhfuil tuiscint chríochnúil againn ar na dúshláin atá romhainn agus gur féidir linn freagraí cuí a fhorbairt ar fhadhbanna caomhnaithe, cibé a bhaineann siad sin le hoibreacha caomhnaithe agus athchóirithe speiceas nó gnáthóige, nó le bearta chun brúnna comhshaoil aitheanta a mhaolú. Leanann siad leo freisin ag forbairt agus ag roinnt eolais agus saineolais maidir lenár n-iascach agus na gnáthóga a thacaíonn leo. Is eolaithe feidhmeacha iad ár dtaighdeoirí a úsáideann modheolaíochtaí cruthaithe agus scoláireacht dhian, in éineacht le tiomantas láidir do leas ár n-iascach agus na timpeallachta agus na ngnáthóg a chothaíonn iad.


Clúdaítear na nithe seo a leanas lenár dtaighde:

Clár Suirbhé Náisiúnta Taighde (NRSP)

Lochanna agus Aibhneacha (NRSP-L&R) - lena gclúdaítear speicis éisc aonair, gnáthóga, plandaí ionracha, suirbhéanna ar lochanna agus aibhneacha aonair, agus cuid d'oibleagáidí na hÉireann faoin Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) a chomhlíonadh freisin

Clár Iasc Spóirt Mara

Áirítear leis staidéir ar speicis áirithe ar nós an doird agus an tuinnín ghoirm



Hidreamoirfeolaíocht agus athchóiriú gnáthóg

Na fachtóirí gnáthóige fisiceacha atá mar bhonn agus taca faoi éiceolaíocht agus nascacht aibhneacha



Speicis ar údar imní caomhantais iad

Monatóireacht agus tuairisciú ar stádas na speiceas éisc atá liostaithe faoi Threoir an Aontais maidir le Gnáthóga agus rannchuidiú le tionscadail idirnáisiúnta lena n-áirítear DiaDES



Tionscadail salaiminidí

Réimse tionscadal taighde agus comhairleach a bhaineann le bradán fiáin agus breac geal



Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann (EMP)

Taighde agus monatóireacht leanúnach ar líon eascann na hÉireann




Baineann sé leis an

IASC

Clár Suirbhé Náisiúnta Taighde (NRSP)

Is iad príomhfheidhmeanna na foirne NRSP saineolas a sholáthar maidir le modheolaíochtaí samplála agus tacaíocht allamuigh do roinnt clár taighde, agus tionscadail shonracha taighde fheidhmigh a chur i gcrích. Tá sé ríthábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar stádas stoic éisc agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad d'athruithe ar an gcomhshaol agus ar an aeráid chun tacú le bainistíocht agus le hinbhuanaitheacht speicis agus ghnáthóga tábhachtacha iasc fíoruisce na hÉireann. Tacaíonn an fhoireann go díreach le seachadadh roinnt clár atá nasctha go dlúth (arna mionsonrú thíos) a sholáthraíonn seirbhís chuíchóirithe agus chostéifeachtach. Áirítear le saothar na foirne:

- Oibleagáidí monatóireachta éisc na hÉireann a chomhlíonadh faoi Threoir Réime an Aontais maidir le hUisce (TRU)
- Suirbhéanna aibhneacha agus lochanna a dhéanamh do chláir thaighde éagsúla agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann mara/uisce thrasdultaigh
- Athshlánú líonta salmainidí i ndobharcheantar an Abhainn an Chnoic a chur chun cinn – monatóireacht ar éifeachtacht
- Bonn fianaise a thógáil maidir le tionchar an athraithe aeráide ar speicis iasc fionnuisce agus inbhir in Éirinn
- Tuilleadh a fhoghlaim faoi speicis ionracha agus conas iad a rialú
- Cur lenár n-eolas faoi speicis gharbhiasc agus liús ionas gur féidir linn stoic a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú agus tuiscint níos soiléire a fhorbairt ar a n-idirghníomhaíochtaí le speicis eile
- Teicnící suirbhéireachta nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear modhanna neamh-ionracha.



Baineann sé leis an

IASC

Tugtar achoimre thíos ar na príomhéachtaí in 2021.

An Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) agus cláir monatóireachta éisc lochanna agus aibhneacha

Tháinig an Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) (2000/60/CE) i bhfeidhm sa bhliain 2000 agus trasuíodh í ina dhiaidh sin i ndlí na hÉireann in 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003). Ceanglaíonn an Treoir ar gach Ballstát AE measúnú a dhéanamh ar stádas éiceolaíoch reatha na ndobharlach dromchla (aibhneacha, lochanna, agus uiscí trasdultacha) trí mhonatóireacht a dhéanamh ar raon d'eilimintí cáilíochta fisiceacha, ceimiceacha agus bitheolaíocha maille le monatóireacht leanúnach chun stádas éiceolaíoch agus athrú thar am a mheas. Tá freagracht sannta d'Iascach Intíre Éireann ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) as na riachtanais mhonatóireachta éisc do TRU in Éirinn a sheachadadh. Tá an clár seo ar siúl ó 2007 i leith.

Bhain na cláir sin roinnt aschur suntasacha amach in 2021. Áirítear leo sin: 14 thuairisc aibhneacha agus lochanna, séasúr rathúil allamuigh in ainneoin roinnt srianta fós maidir le COVID-19, críochnú tionscadail chun cur chuige nua a fhorbairt chun láithreáin a roghnú don innéacs náisiúnta clár monatóireachta iasc in aibhneacha agus forbairt dhréachtchlár suirbhéireachta nua sé bliana um éisc in aibhneacha chun freastal ar riachtanais agus ceanglais reachtúla IIÉ araon (mar shampla bainistíocht iascaigh agus TRU).





Bileoga fíricí agus tuarascálacha 2020

Chomh maith le mórthuarascáil achomair TRU inar sonraíodh an saothar a rinneadh le linn 2020 a seachadadh i R2 2021, críochnaíodh 10 dtuarascáil lochanna agus trí bhileog fíricí aibhneacha. Féach www.wfdfish.ie chun tuilleadh sonraí a fháil.

Sampláil allamuigh 2021

Rinneadh suirbhéireacht le linn 2021 ar 26 láithreán aibhneacha monatóireachta faireachais (SM), 21 loch SM agus ceithre uisce thrasdultacha. Rinneadh suirbhé freisin ar 248 láithreán aibhneacha agus ceithre loch sa bhreis agus sannadh stádas éiceolaíochta éisc TRU do gach ceann díobh. Rinneadh suirbhéireacht ar shé láithreán déag bhreise ar an mBearú trí úsáid a bhaint as bád buma an bháid leictriascaireachta (féach an íomhá).





Íomhá: *Leictriascaireacht báid bhuma ar Abhainn na Bearú in aice le Ceatharlach (bhí maisc fós ag teastáil le linn na paindéime COVID-19)*

Íomhá: *Seat scáileáin samplach ón bhfoirm leictreonach nua le haghaidh leictriascaireacht abhann*

Roghnú láithreán i ndobharcheantair innéacs (aibhneacha)

Tá cláir monatóireachta comhshaoil dhea-dheartha ríthábhachtach le haghaidh na cinnteoireachta atá bunaithe ar fhianaise. Má dhéantar clár monatóireachta a cheapadh go dona is féidir go dteipfidh air faisnéis bhríoch a sholáthar chun eolas a thabhairt don bhainistíocht agus don cheapadh beartais. Bhí an líonra náisiúnta monatóireachta um fhaireachas iasc in aibhneacha reatha teoranta agus níor chuir sé dóthain faisnéise ar fáil chun críocha cláir bhainistíochta iascaigh ná cláir bhearta TRU. In 2020, thionscain IIÉ tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngréasán monatóireachta éisc atá ann faoi láthair agus chun cur chuige níos eolaíche agus bunaithe ar shonraí a chur i bhfeidhm chun láithreáin mhonatóireachta a roghnú laistigh de dhobharcheantair innéacs roghnaithe, agus é mar sprioc deiridh clár monatóireachta éisc shé bliana a fhorbairt d'fhonn freastal ar riachtanais IIÉ agus an chláir náisiúnta monatóireachta éisc TRU in Éirinn araon.

Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal dobharcheantair innéacs a roghnú (67 san iomlán) agus, laistigh de gach ceann díobh sin, líon iomchuí de láithreáin shamplála a roghnú trí leas a bhaint as an gcur chuige samplála glactha cothromaithe (BAS). Chuige sin, roghnaíodh na dobharcheantair trí leas a bhaint as réimse critéar, lenar áiríodh méid, nascacht leis an bhfarraige agus saothar oidhreachta/leanúnacht IIÉ. Laistigh de gach dobharcheantar roghnaithe, sannadh paraiméadair chomhshaoil do gach láithreán ionchasach lena n-áirítear ord srutha, airde, céatadán foraoiseachta agus úsáid talún, agus ritheadh iad trí phacáiste staitisticí algartam BAS in R.

Rinneadh saothar fairsing chun na haschuir a bhailíochtú, lena n-áirítear anailís ghrafach a léiriú, seiceáil suímh trí leas a bhaint as orta-íomhánna agus cuairteanna suímh. Tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas i dtuarascáil ar leithligh a bheidh ar fáil go luath dar teideal 'Úsáid an Chur Chuige Shamplála um Ghlacacht Chothrom do Roghnú Láithreáin i nDobharcheantair Innéacs'.


Rinneadh aistriú eolais freisin tríd an gcód R a chomhroinnt le tionscadail taighde eile laistigh de IIÉ agus trí cheardlanna a reáchtáil leis an gcaoi é a chur chun feidhme a thaispeáint. Cuireadh an saothar sin i láthair freisin do Ghrúpa Bainistíochta Sonraí IIÉ agus don EPA agus scaipfear in áiteanna eile í le linn 2022.

Clár monatóireachta TRU shé bliana

Forbraíodh clár samplála nua shé bliana le haghaidh aibhneacha agus lochanna araon, lena gcuimsítear an chéad dá thimthriall monatóireachta TRU eile (2022-2024 agus 2025-2027) agus tá sé seachadta don EPA. Cuimsítear leis an sceideal aibhneacha nua dhá phríomhchuid, a ritheann i gcomhthráth: an timthriall SM tríbhliantúil (2022-2024 agus 2025-2027) agus timthriall innéacs dobharcheantair shé bliana amháin.

Tuairisciú Ghníomhaireacht Chomhshaoil an Aontais Eorpaigh

Iarradh ar IIÉ tuairisc a thabhairt den chéad uair in 2021 ar stádas éisc le haghaidh chineálacha éagsúla dobharlaigh in Éirinn do 2019 agus 2020 faoin gCóras Faisnéise Uisce don Eoraip (WISE). Bunaíodh sreabhadh sonraí WISE-2 chun sreabhadh comhchuibhithe sonraí bitheolaíocha arna dtuairisciú mar Chóimheasa Cáilíochta Éiceolaíochta (EQRanna) a fháil ó gach catagóir uisce dromchla ar fud an Aontais: aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus cósta (TRAC). Tuairiscíodh stádas iasc do 42 láithreán abhann, 15 loch agus 18 TRAC. Ghlac an córas leis go raibh an seachadadh bailí ar bhonn teicniúil an 9 Feabhra 2022. Déanfar an próiseas sin ar bhonn bliantúil as seo amach.



Íomhá: *Rinneadh suirbhé in 2021 ar láithreáin locha, aibhneacha agus uisce thrasdultaigh agus ar dhobharlaigh*

Thairbhigh An Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) agus cláir mhonatóireachta éisc lochanna agus aibhneacha den iliomad éifeachtúlachtaí nua in 2021. Ina measc sin bhí rolladh amach an fheidhmchláir um shuirbhé allamuigh ar aibhneacha; feidhmchlár um shuirbhé allamuigh ar lochanna a fhorbairt, raon doiciméad nua um nós imeachta caighdeánach oibriúcháin (SOP) a thiomsú agus modhanna staitistiúla nua chun oibríochtaí laistigh den chlár a fheabhsú.

Fuair an chuid is mó den fhoireann oiliúint faoi bhainistíocht sonraí, mar shampla trí leas a bhaint as staitisticí R agus SQL Server, agus fuair roinnt acu oiliúint freisin in úsáid ArcGIS Pro. Tá formhór na foirne ag aistriú chuig ArcGIS Pro a úsáid chun críocha GIS faoi láthair.

Bainistíocht sonraí

Tar éis don oiliúint staitisticí bainistíochta sonraí R a bheith críochnaithe, thosaigh an fhoireann ag forbairt bealaí níos éifeachtúla chun graif minicíochta faid ilbhliantúla a ghiniúint. Rinneadh aistriú eolais tríd an gcód a chomhroinnt le gach ball d'fhoireann NRSP agus trí dhá cheardlann inmheánacha ar leithligh a reáchtáil.

Tá píosa cód eile á scríobh faoi láthair chun cabhrú le sonraí gabhála éisc a atheagrú ar bhealach níos éifeachtúla lena n-úsáid san uirlis aicmithe iasc in aibhneacha (FCS2-Éire), ar cheart dó dlús a chur leis an gcuid sin den saothar agus fáil réidh le hearráidí daonna a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tá saothar breise déanta chun sonraí aibhneacha agus lochanna araon a ullmhú do bhunachar sonraí nua IIÉ. Áirítear leis seo saothar ar tháblaí tagartha agus saothar leanúnach chun paraiméadair shonraí a athlipéadú agus a athchatagóiriú i ngach tacar sonraí ábhartha.

Buan-nósanna imeachta oibríochta (SOPanna)

Scríobhadh agus/nó nuashonraíodh sraith SOPanna leictriascaireachta in 2021/2022. Ina measc tá sé SOP leictriascaireachta agus SOP amháin don Chataramán Síota.

Ina theannta sin, tá SOP fostaithe nua curtha le chéile freisin chun cabhrú le fiontair nuathionscanta oiriúnú níos tapúla don chlár, agus cuirfear ar fáil d'fhostaithe nua é ó 2022 ar aghaidh.

Scríobhadh SOPanna eile chun cabhrú le baill foirne i mbun gnáththchúraimí (bliantúla) GIS, lena n-áirítear sonraí láithreáin chomhshaoil a fháil ó GIS don uirlis aicmithe FCS2-Éire.

Feidhmchláir shuirbhéireachta

Thosaigh an fhoireann ag forbairt dhá fheidhmchlár nua suirbhéireachta (do shuirbhéanna aibhneacha agus lochanna) le linn 2020 le cúnamh ó fhoireann bainistíochta sonraí IIÉ. Tástáladh an feidhmchlár aibhneacha san allamuigh in 2021 trí leas a bhaint as táibléid stóinsithe agus úsáideadh é ina dhiaidh sin chun na sonraí go léir a bailíodh a chur isteach. Tá tuilleadh feabhsuithe déanta agus leanfar ar aghaidh á ndéanamh go dtí go gcuirfear tús leis an obair allamuigh i mí Iúil 2022.

Rinneadh tástáil ar fheidhmchlár na lochanna (lena n-áirítear modúil allamuigh agus saotharlainne) san allamuigh, ar dhá loch (Loch Coirib agus Loch Mhín na Snáthaide) agus sa tsaotharlann le héisc agus sonraí ó Loch Mhín na Snáthaide. Rinneadh tuilleadh forbairtí ar bhonn na dtrialacha sin. Tá tuilleadh tástálacha beartaithe san allamuigh agus sa tsaotharlann araon in 2022, agus é mar aidhm iad a chur i bhfeidhm go céimneach ag deireadh an tsamhraidh 2022.

Báid taighde nua

In 2021 cuireadh dhá bhád nua Whaley ar fáil d'fhoireann na lochanna. Baineadh úsáid as na báid sin le linn suirbhéanna móra lochanna ar Loch Coiribe, Loch Meilbhe agus Loch Léin. D'fheabhsaigh luas agus raon méadaithe na mbád sin éifeachtúlacht, chuir siad ardán oibre níos fearr ar fáil i gcomparáid le báid locha níos lú agus níos mó spáis chun líontáin suirbhéireachta a iompar go sábháilte, rud a chuir feabhas ar an éifeachtúlacht. Tá oiliúint don fhoireann beartaithe go luath in 2022, chun cabhrú le feabhas a chur ar úsáid na mbád sin ar lochanna eile.

Baineann sé leis an

IASC

An Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús (NCFP)

Is é cuspóir leathan an chláir taighde seo tuiscint IIÉ ar speicis thábhachtacha garbhéisc agus liús agus a n-idirghníomhaíochtaí lena dtimpeallacht agus le speicis chónaitheacha eile a mhéadú. Oibríonn foireann NCFP laistigh d'fhoireann iomlán NRSP chun suirbhéanna comhpháirteacha a sheachadadh ar na stoic éisc go léir atá in aibhneacha agus i lochanna ar fud na hÉireann, agus baintear leas as tacair shonraí atá ann cheana féin chun easnaimh eolais a líonadh. Déantar saintionscadail thaighde mar chuid den chlár freisin.

Suirbhéanna ar stoc éisc

Rinneadh suirbhé ar stoic éisc ar phríomhchainéal na Bearú, agus ar cheithre loch a thacaíonn le garbhiascaigh. Thaispeáin suirbhé ar loch beag i gCo. Mhaigh Eo, arna iarraidh sin don bhfoireann CA áitiúil, go raibh líon fíor-mhór cúramán ann agus gur thacaigh sé le tograí forbartha ar an iascach sin.

Rinneadh suirbhéireacht freisin ar cheithre loch ar dhobharcheantar Abhainn an Chnoic, áit ar coilínigh le deireanas é an liús agus atá ag dul i bhfeidhm ar líonta salmainidí ann. Ina theannta sin, thaifead foireann an chláir liús den chéad uair i Loch Eachros Beag i gConamara, agus róiste ó Loch an tSéideáin ar dhobharcheantar an Fhorghais, ag cur béime ar thábhacht na gclár monatóireachta leanúnach.

Rinneadh measúnú ar aiste bia an liúis ó 16 loch mar a raibh samplaí ar fáil ó shuirbhéanna locha NRSP.

Tugtar cuntas ar gach éifeachtúlacht nua mar atá thuas do TRU agus don Chlár Lochanna agus Aibhneacha.

Athshlánú líonta salmainidí i ndobharcheantar Abhainn an Chnoic a chur chun cinn

Tionscnaíodh plean athshlánaithe líon éisc do Dhobharcheantar Abhainn an Chnoic, ar fo-dhobharcheantar de Loch Coiribe atá ann, thiar in 2018. Is é cuspóir an phlean ná sraith tionscadal a fhorbairt ar féidir tabhairt fúthu chun téarnamh na mbreac donn (idir éisc chónaitheacha agus imirceacha) agus na mbradán i lochanna agus in aibhneacha araon a chur chun cinn chun tuilleadh meatha a chosc. Rinneadh suirbhéanna bonnlíne ar na stoic éisc sa dobharcheantar thiar in 2017 agus 2018 agus leanfar ar aghaidh gach trí bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe. Moladh clár monatóireachta éifeachtúlachta mar chuid den phlean. Tá monatóireacht agus meastóireacht riachtanach chun éifeachtacht na mbeart atá dírithe ar fheabhas a chur le líon agus riocht na n-iasc a chinneadh.



Monatóireacht ar éifeachtacht

Rinneadh suirbhé ar cheithre loch (Loch an Phréacháin, Loch an Droichid, Loch an tSiáin agus Shanaghree) mar chuid den mhonatóireacht leanúnach ar éifeachtacht i ndobharcheantar Abhainn an Chnoic. Rinneadh suirbhéireacht freisin ar shé láithreán abhann is fiche (19 gcraobh-abhainn agus seacht bpríomhchainéal). Seachadadh réamhthuarascáil chuig IIÉ na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 2021.

Tugadh faoi shuirbhé leictriascaireachta bradáin ar fud an dobharcheantair ag deireadh mhí Lúnasa 2021 ar 31 láithreán. Ba athléiriú é sin ar shuirbhé a rinneadh roimhe seo ar na suíomhanna céanna thiar in 2007. Tá réamhthuarascáil curtha le chéile.

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

An tAthrú Aeráide

Lean logálaithe sonraí ar aghaidh ag taifeadadh teocht an uisce ag suíomhanna príomhchainéil abhann agus locha sa dobharcheantar. Íoslódáladh sonraí teochta an uisce i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tá anailís á déanamh orthu faoi láthair.

Tugtar cuntas ar gach éifeachtúlacht nua mar atá thuas do TRU agus don Chlár Lochanna agus Aibhneacha.

Clár Taighde um Maolú ar an Athrú Aeráide (CCMRP) agus Tionscadal Athléimneachta Aeráide Oifig na nOibreacha Poiblí (OPWCRP)

Tá an t-athrú aeráide sainaitheanta ag IIÉ mar cheann de na bagairtí is mó atá os comhair na timpeallachta uiscí agus éisc níos leithne faoi láthair agus amach anseo. Tá éiginnteachtaí suntasacha agus easnaimh thaighde fós le háireamh maidir le tionchair an athraithe aeráide ar speicis, líonta agus gnáthóga éisc na hÉireann. Mar fhreagra air sin, tionscnaíodh Clár Taighde um Maolú ar Athrú Aeráide (CCMRP) thiar in 2019 chun easnamh suntasach eolais a bhaineann le speicis éisc na hÉireann agus tionchair an athraithe aeráide orthu a líonadh. Is é an aidhm atá leis clár measúnaithe fianaise-bhunaithe a thógáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar earnáil iascaigh na hÉireann i dtimpeallachtaí fionnuisce agus inbhir araon, agus le heolas a thabhairt agus cumas a thógáil don chaomhnú iascaigh.

Chuir IIÉ agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) tús freisin le clár comhoibríoch taighde um athléimneacht aeráide (OPWCRP) i dtreo dheireadh 2020 chun leochaileacht aeráide dobharcheantair ina bhfuil draenáil artaireach déanta a imscrúdú agus chun an athléimneacht aeráide a thógáil do chaomhnú iascaigh laistigh de na córais sin a mheas. Oibreoidh an dá thionscadal le chéile agus roinnfidh siad acmhainní le chéile.

Bainfear úsáid sa chlár as arduirlisí léarscáilithe chun teocht an tsrutha agus athróga eile a shamhaltú, agus chun dobharlaigh atá i mbaol ó thionchair athraithe aeráide a shainaithint, chun straitéisí cosanta agus maolaithe a mheasúnú agus chun oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara.

Líonra monatóireachta dobharcheantair innéacs náisiúnta fadtéarmach a bhunú

Dearadh agus suiteáladh líonra monatóireachta dobharcheantair innéacs náisiúnta i 12 dhobharcheantar atá gar dá staid nádúrtha agus atá draenáilte. Samhlaítear go nochtfaidh an líonra monatóireachta sin freagairt gach dobharcheantair innéacs ar an athrú aeráide agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do mheasúnú ar scála náisiúnta ar leochaileacht aeráide gnáthóg éisc fionnuisce, lena n-áirítear córais atá draenáilte go hartaireach.

Imscaradh 429 logálaí sonraí teochta, leibhéal an uisce agus tuaslagtha ar fud 12 dhobharcheantar (aibhneacha agus lochanna). Cuimsíodh leis an saothar le linn 2021 suiteáil, cothabháil agus slánú an líonra náisiúnta monatóireachta thábhachtaigh seo.


- Rinneadh 213 logálaí sonraí faoi theocht an uisce abhann a shuiteáil agus a chothabháil thar naoi ndobharcheantar innéacs neamhdhraenáilte chun éagsúlacht gheografach thoir, thiar, thuaidh agus theas a chuimsiú (Abhainn Ghaoth Beara, Abhainn na hOirimhe, Abhainn an Dúin Bhig, Loch Luíoch, An Aighlinn, An Fheoir, An Deargail, An Dothra agus Abhainn Fheartraí)
- Imscaradh 115 logálaí sonraí faoi theocht an uisce i láithreáin abhann i dtrí dhobharcheantar Oifig na nOibreacha Poiblí (An Bhóinn An Mhuaidh agus Abhainn na hUíne)
- Suiteáladh seacht logálaí ocsaigine tuaslagtha i suíomhanna tábhachtacha abhann i ndobharcheantar Loch Síleann
- Suiteáladh agus cothabháladh 58 logálaí teocht an uisce i gceithre loch (Loch Barra, Loch Thamhnaigh Ard, Loch Luíoch agus Loch Dhoire Ianna)
- Suiteáladh ardán monatóireachta locha (baoi sonraí) den scoth chun teocht an uisce ag doimhneachtaí iolracha a thaifeadadh, rud a cheadaíonn d'aisghabháil sonraí neas-fhíorama, i Loch Síleann i mí Iúil 2021. Suiteáladh braiteoir ocsaigine tuaslagtha díreach faoi bhun dhromchla an locha freisin. Tá an dara baoi sonraí ceannaithe agus suiteálfar i gCo. Chiarraí é.
- Suiteáladh agus cothabháladh stáisiúin aimsire uathoibríocha ar thrí shuíomh gar do na dobharcheantair innéacs, nó laistigh díobh. Tá sraith braiteoirí comhtháite ag gach stáisiún aimsire agus taifeadtar leo sonraí theocht an aeir, luas agus treo na gaoithe, frasaíocht agus brú baraiméadrach gach 30 nóiméad.

Tuarascálacha agus bileoga fíricí

- Tuarascáil Bhliantúil CCMRP 2020: clúdaítear léi seo suiteáil agus socrú an líonra monatóireachta náisiúnta agus cuimsíodh léi réamhthorthaí ón líonra
- Críochnaíodh léirbhreithniú ar an litríocht maidir le tionchair an athraithe aeráide ar iascach fionnuisce, agus glacadh lena fhoilsiú mar chaibidil leabhair é san eagrán nua den *'Encyclopedia of Inland Waters'* atá le cur i gcló
- Críochnaíodh measúnú leochaileachta le haghaidh speicis iasc fionnuisce na hÉireann, agus foilseofar le linn 2022 é
- Bileoga fíricí baoi sonraí: tiomsaíodh faisnéis le scaipeadh agus dáileadh ar pháirtithe leasmhara ábhartha í.

Baoi sonraí Loch Síleann

Déanfaidh an baoi monatóireachta úrscothach ar Loch Síleann monatóireacht ar theocht an uisce ar fud cholún uisce an locha. Is féidir na sonraí a aisghabháil i neas-fhíoram trí thairseach tiomnaithe ar a n-úsáidtear teicneolaíocht Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Soláthróidh sé sin faisnéis thábhachtach maidir le srathú teirmeach agus rogha theirmeach éisc. Ceannaíodh méadar cáilíochta uisce ilpharaiméadair, agus cuirfear isteach ar an ardán go luath in 2022 é. Tugtar deis leis seo monatóireacht a dhéanamh ar theocht an uisce, ocsaigin thuaslagtha agus clóraifill sa loch i bhfíor-am trí dheais ar líne.



Íomhá: *Ardán monatóireachta locha úrscothach ar Loch Síleann*

Sreabhadh a thomhas

Tugadh isteach córas fuaimiúil próifíleora srutha Doppler (ADCP) mar chuid den trealamh riachtanach allamuigh don chlár le linn 2021. Tá an ionstraim ardbheachtais nua sin i bhfad níos ardfhorbartha ná na méadair reatha thraidisiúnta agus cuirfidh sé ar chumas don fhoireann an scaoileadh a chaighdeánú agus a thomhas trí leas a bhaint as bogearraí cliste ionsuite. Chuir OPW oiliúint ar fáil don fhoireann i mí Mheán Fómhair.



Íomhá: *Sreabhadh a thomhas le próifíleoir srutha Doppler fuaimiúil (ADCP) ar An Deighnín, Co. Chill Chainnigh*

Samhail a fhorbairt

- Cuireadh tús le réamhobair ar arduirlisí mapála a úsáid (samhaltú líonra srutha/ samhlacha spásúla-ama) chun léarscáileanna riosca a chruthú le haghaidh cheithre dhobharcheantar
- Códú méadrach teirmeach: forbraíodh cód chun achoimre thapa a thabhairt ar thacair shonraí mhóra teochta uisce a cruthaíodh le haghaidh dobharcheantar.

Bainistíocht sonraí

- Forbraíodh feidhmchlár Shuirbhé ArcGIS 123 chun sonraí a bhailiú ar an láthair, rud a chuir deireadh leis an ngá atá le páipéarachas ar an láthair/san oifig
- Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na sonraí go léir a bhailítear ón líonra inrianaithe agus faoi rialú cáilíochta. Tá plean bainistíochta sonraí curtha le chéile agus tá bunachar sonraí á fhorbairt a chuimseoidh na sonraí a bhailítear trí úsáid a bhaint as sonraí Shuirbhé ArcGIS 123 agus na sonraí logálaí sonraí uile, agus a sholáthróidh inniúlachtaí deaise le haghaidh bhailiú sonraí caighdeánaithe ar an láthair agus rianú imscaradh agus láimhdeachas logálaithe
- Tá sonraí an stáisiúin aimsire ar fáil trí fheidhmchlár saor in aisce (www.weatherlink.com)



Íomhá: *Go moch ar maidin ar an mBearú*

Baineann sé leis an

IASC


Clár Iasc Spóirt Mara

Tá Iascach Intíre Éireann freagrach as comhairle a thabhairt ar bheartas agus ar straitéisí náisiúnta a bhaineann leis an tslatiascaireacht mhara in Éirinn. Cuimsítear leis an gClár Iasc Spóirt Mara staidéir ar speicis ar leith, lena n-áirítear an dord agus an tuinnín gorm, agus clúdaítear leis freisin suirbhéanna áineasa agus inbhir. Áirítear ar an réimse seo dár dtaighde staidéir ar speicis ar leith cosúil leis an dord agus an tuinnín gorm.


Clár Doird Náisiúnta

Tá sé mar aidhm ag taighde an Chláir Náisiúnta Dord comhairle a chur ar fáil ar stoc doird trí thuiscint a fháil ar stádas an stoic trí mhonatóireacht ag baint úsáide as taighde feidhmeach agus sonraí arna ndíorthú ón eolaíocht saoránach.

Mar gheall ar chliseadh na stoc doird, cuireadh cosc ar iascaireacht tráchtála don dord in uiscí na hÉireann thiar in 1990. Ón tráth sin i leith, tá an dord á bhainistiú don tslatiascaireacht amháin. Ó 2013 i leith, tá taighde iascaigh agus eolaíocht na saoránach comhcheangailte le Clár Doird Náisiúnta IIÉ chun tuiscint níos fearr a fháil ar an doingean mara Eorpach atá le fáil in uiscí cósta na hÉireann. Déantar suirbhé bliantúil ar cheithre inbhear iasclainne doird thábhachtacha chun monatóireacht a dhéanamh ar earcú céimeanna óga na beatha (aois 0-4 bliana). Cuidíonn eolaithe saoránach le caomhnú an doird trí shamplaí gainne doird de gach méid doird a bhailiú, logaí dá ngníomhaíocht slatiascaireachta doird a choinneáil agus an dord a chlibeáil ar son IIÉ freisin.



Íomhá: *Clibeáladh an dord leis an gclib B-03272 le linn shuirbhé trálaeireachta doird IIÉ ar an Abhainn Mhór thiar in 2018, arna athghabháil díreach 14km le sruth ag Eochaill in 2021 ag an slatiascaire Warren Devlin*




- Mar fhreagra ar phaindéim COVID-19, athraíodh an líontán a úsáideadh sna suirbhéanna ar líontán saighne in 2020 agus 2021 chuig líontán mogalra níos éadroime agus níos mó. D'éascaigh sé seo d'éifeachtúlacht i líon na foirne a bhí riachtanach chun suirbhéanna líontóireachta saighne a dhéanamh.
- Ar aon dul le cuspóir ardleibhéil IIÉ um Ghnáthóga, rinneadh suirbhéanna ar líontán saighne iasclainne doird agus suirbhéanna trálaeireachta ar phríomh-iasclanna doird chun monatóireacht a dhéanamh ar earcú dord. Tagann sé seo le cuspóirí phlean corparáideach IIÉ trí phríomhghnáthóga iasclainne a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu don speiceas slatiascaireachta spóirt sin. Déantar monatóireacht le suirbhéanna ar líontán saighne doird ar earcaíocht óg na bliana (0-ghrúpa) ag na ceithre inbhear is tábhachtaí go náisiúnta, an tSláine, an Bhearú, an Abhainn Mhór agus an Lithe ag Trá Lí. Tugadh le fios sna suirbhéanna sin go raibh earcaíocht gealóg in 2021 thar a bheith lag i dtrí cinn as ceithre phríomh-iasclann doird (an Bhearú, an Abhainn Mhór agus an Lithe i dTrá Lí). Níor taifeadadh aon dord 0-ghrúpa ón Lithe i dTrá Lí in 2021, tar éis bliain rathúil earcaíochta thiar in 2020. Déanann doird óga canablú ar ghrúpaí dord níos óige, agus mar sin d'fhéadfaí go raibh tionchar ag aoisghrúpa rathúil na bliana 2020 ar óg na bliana 2021. Taifeadadh bliain mheasartha rathúil ar an tSláine, cé go raibh doird óga na bliana beag, rud a thugann le tuiscint go mb'fhéidir go mbeadh marthanas lag ann an geimhreadh dár gcionn (.i. geimhreadh 2021/22).



- Soláthraítear faisnéis ó shuirbhéanna trálaeireachta ar thrí iasclann doird an chósta theas (an Bhearú, an tSláine agus an Abhainn Mhór) eolas ar líonmhaireacht aoisghrúpaí 1-4 bliana. Tugtar le fios ó na suirbhéanna trálaeireachta doird go bhfuil rath fós ar na doird sin a earcaíodh chuig gach ceann de na trí inbhear in 2018 mar éisc thrí bliana d'aois. Chonacthas i dtacar sonraí 2019 i líonta suntasacha freisin iad mar éisc aon bhliain d'aois agus i dtacar sonraí 2020 mar éisc dhá bhliain d'aois.
- Go hachomair, léirítear leis an monatóireacht ar dhord óg go bhfuil éagsúlacht réigiúnach láidir idir iasclanna agus nach raibh 2020 ná 2021 ina mblianta láidre earcaíochta do phríomh-iasclanna doird , seachas an Lithe i dTrá Lí in 2020.
- Chuir eolaithe saoránach sonraí isteach ar 78 ndord i bhfoirm samplaí gainne agus sonraí clibeála. Tá samplaí breise bailithe ag slatiascairí in 2021 fós ag teacht isteach, mar sin níl tacar sonraí na bliana críochnaithe go fóill. Bhí an dord a thuairiscigh slatiascairí idir 33cm agus 56cm ar fhad. Ba é an dord is sine a taifeadadh in 2021 ceann 12 bhliain d'aois ag 56cm ar fhad.
- Tugtar le fios leis na sonraí clibeála go bhfilleann an dord gach bliain ar a láithreacha cothaithe samhraidh, ag filleadh go tráthrialta laistigh de chúpla céad méadar dá suíomh clibeála sna blianta roimhe sin.
- Tá páipéar comhoibríoch ar bun ina gcomhcheanglaítear sonraí suirbhéireacht líontóireachta saighne iasclainne na hÉireann le sonraí maidir le líontóireacht saighne ó iasclanna roghnaithe doird na Ríochta Aontaithe mar chuid de chomhar idir IIÉ agus CEFAS.
- Tá measúnú ar an stoc ar siúl freisin trí úsáid a bhaint as sonraí slatiascaireachta fadbhunaithe laistigh de IIÉ freisin.

Foilsíodh tuarascáil le haghaidh slatiascairí in 2021 ina ndéantar achoimre ar na sonraí a chuir slatiascairí doird is eolaithe saoránach ar fáil idir na blianta 2018 agus 2020: cliceáil anseo leis an tuarascáil a fháil.



Clár Thuinnín Gorm an Atlantaigh (CHART Tuinnín)

Is é tuinnín gorm an Atlantaigh an tuinnín is mó ar domhan; is féidir leis fad os cionn 4m a bhaint amach agus suas le 680kg (1,500lb) a mheá. Bíonn éileamh mór ar iascairí farraige orthu mar gheall ar a gcumhacht agus a luas. Ba í 2021 an dara bliain de threochlár bailithe sonraí chun tuinnín gorm a ghabháil, a chlibeáil agus a scaoileadh in uiscí na hÉireann. Déantar dianmhonatóireacht ar an iasc sin mar níl aon chuóta ag Éirinn don speiceas tráchtála seo, ach is féidir é a ghabháil, a chlibeáil agus a scaoileadh laistigh de theorainneacha an chláir um Chlibeáil agus Scaoileadh Tuinníní (CHART).



Is comhoibriú ilghníomhaireachta é seo idir IIÉ, Foras na Mara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus na máthair-ranna rialtais (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara). Is é príomhchuspóir an chláir é tuiscint a fháil ar dháileadh spásúil agus ama an tuinnín ghoirm Atlantaigh a ghabhann chuig cósta na hÉireann ar bhonn bliantúil ar a slí imirce iarsceathraí. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag IIÉ na tairbhí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag slatiascaireacht tuinnín ghoirm do phobail chósta na hÉireann a thuiscint. Agus béim á cur ar mharthanas iarscaoilte agus gan aon mhortlaíocht i gcás inar féidir, tá sé mar aidhm ag CHART Tuinnín cineál inbhuanaithe acmhainn slatiascaireachta an tuinnín ghoirm a uasmhéadú.

Is é Taighde IIÉ a chomhordaíonn an clár CHART Tuinnín , i gcomhar leis na páirtithe leasmhara a liostaítear thuas. Bíonn ról lárnach ag Taighde IFI maidir le húdarú bliantúil a dhéanamh ar scipéirí CHART Tuinnín , na modhanna agus an trealamh a cheadaítear do shlatiascaireacht tuinnín ghoirm, don bhailiú sonraí agus, go ríthábhachtach, don chúrsa oiliúna. Éilíonn an tAontas Eorpach agus an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú


Tuinníní Atlantacha (ICCAT) go gcuirfí oiliúint ar scipéirí údaraithe.

Bhí tionchar ag teacht na paindéime COVID-19 ar go leor gnéithe den chlár seo. Reáchtáladh an cúrsa oiliúna do scipéirí ar líne, lenar áiríodh físeáin, láithreoireachtaí agus seisiún oiliúna i bhfoirm físeáin bheo. Tá leas éisc ina phríomhchuid den chlár CHART Tuinnín. Forbraíodh modhanna agus treoirlínte CHART tuinnín chun leas éisc agus marthanacht iar-scaoilte a uasmhéadú.

An trealamh agus teicneolaíocht a tugadh do scipéirí údaraithe roimhe seo ar fhreastal dóibh ag an gcúrsa oiliúna, seachadadh le cúiréir ina ionad sin é. Mar sin féin, seachadadh an clár in am ar bhealach eile mar gheall ar chomhoibriú idir Taighde agus Forbairt, TFC agus Oibríochtaí. Bíonn dlúthbhaint ag TFC leis óir bailíonn na scipéirí gach sonra go digiteach ar tháibléid arna soláthar ag IIÉ. Rinne an fhoireann oibriúcháin na cigireachtaí trealaimh agus árthaí roimh fhaomhadh deiridh na 22 scipéir údaraithe chun a chinntiú go raibh an trealamh is airde rátála – slata, ríleanna, duáin agus líne – ar bord agus réidh le go bhfaigheadh na scipéirí a n-údarú Alt 14, agus feidhmiú sa chlár suirbhéireachta seo ar ghabháil, scaoileadh agus clibeáil a ndéantar dianmhonatóireacht air. Shonraigh foireann CHART Tuinnín an trealamh sin chun amanna troda a íoslaghdú agus chun dea-thorthaí a uasmhéadú don iasc cumhachtach ach íogair sin. Thuairiscigh na scipéirí údaraithe gach gníomhaíocht slatiascaireachta tuinnín ghoirm laistigh de 24 uair an chloig trí mheán feidhmchláir agus táibléid bhailithe sonraí bunaithe ar GPS arna fhorbairt ag IIÉ, a sholáthraíonn láithreacha iascaireachta agus éisc, faisnéis slatiascaireachta, tomhais agus fianaise ghrianghrafadóireachta de gach tuinnín gorm a ghabhtar le duán.

In 2021, d'údaraigh clár CHART Tuinnín 22 scipéir chairtfhostaithe ó Dhún na nGall, Sligeach, Gaillimh, an Clár, Corcaigh agus Port Láirge chun iascach eolaíoch a oibriú, ina raibh slatiascairí rannpháirteach go hiomlán, chun 242 thuinnín ghorma Atlantacha a ghabháil, a chlibeáil agus a scaoileadh. Cuireadh oiliúint ar na scipéirí gairmiúla sin chun sonraí tuinnín ghoirm a chlibeáil, a thomhas agus a thaifeadadh.

Íomhá: *Tuinnín gorm Atlantach gafa, clibeáilte agus scaoilte an 27 Lúnasa 2021 ag Michael Callaghan, Dún na nGall, scipéir cairte údaraithe Tuinnín CHART*



- Ba bhliain lagmheasartha í 2021 i gcomparáid leis an mbliain fhíor-rathúil in 2020. Mar sin féin, d'fheidhmigh cósta iarthuaisceart na hÉireann ar bhonn leanúnach mar shuíomh tábhachtach le haghaidh teagmhálacha leis an tuinnín gorm Atlantach, agus taifeadadh líonta beaga de thuinníní gorma feadh chóstaí thiar agus theas na hÉireann freisin.
- Tá an cósta theas an-athraitheach ó thaobh rátaí gabhála de: bhí líon na dtuinníní gorma a clibeáladh sa raon idir 3 thiar in 2019 agus 170 in 2020 agus 23 in 2021. Go háirithe, fuarthas an tuinnín gorm gar don chósta, mar atá taifeadta go seasmhach i mBá Dhún na nGall ó cuireadh tús leis an gclár. Is beag radharc a tuairiscíodh feadh an chósta thiar agus, in éineacht le hiarracht íseal iascaireachta, níor clibeáladh ach tuinnín gorm amháin in 2021. Is é an cósta thiar an réigiún is lú táirgiúlacht le haghaidh teagmhálacha leis an tuinnín gorm, le níos lú ná cúig thuinnín ghorma á gclibeáil in aghaidh na bliana go dtí seo.
- Ba é 203cm meánfhad an tuinnín ghoirm ar thángthas air agus 275cm an ceann ba mhó agus de mheáchan 395kg (872lb). Níor taifeadadh aon mhortlaíocht thar an tréimhse. Agus béim á cur ar mharthanas iarscaoilte agus gan aon mhortlaíocht i gcás inar féidir, tá sé mar aidhm ag CHART Tuinnín cineál inbhuanaithe acmhainn slatiascaireachta an tuinnín ghoirm a uasmhéadú.
- Nuáil nua in 2021 ab ea forbairt mhol ar líne in ArcGIS chun torthaí a thuairisciú ar ais do scipéirí cairtfhostaithe. Bhí scipéirí cairtfhostaithe in ann logáil isteach ina n-aonar agus rochtain a fháil ar léarscáileanna agus ar fhaisnéis achomair ar a gcuid sonraí féin, lena n-áirítear ar láithreacha iascaireachta, suíomhanna clibeála, méid a gcuid éisc etc. Cé gur thug sé sin rochtain éasca dóibh ar a gcuid sonraí, thug sé cosaint freisin dá gcuid sonraí ó úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ba leasú é an mol ar CHART Tuinnín toisc gur laghdaíodh an riachtanas leis go gcuirfeadh foireann IIÉ ríomhphoist achoimre chuig na scipéirí óir bhí rochtain láithreach acu ar na sonraí a chuir siad isteach chuig an gclár.
- Tá leasuithe á dhéanamh ar thuarascáil ar chlár 2021 agus tá sé le heisiúint i R2 de 2022.
- Táirgeadh tuarascáil ar chlár 2020 do ICCAT i mí Lúnasa 2021 i gcomhar le Foras na Mara agus leis na comhpháirtithe go léir ar an gclár.

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Clár Clibeála Éisc Spóirt Mara

Is clár comhoibritheach é Clár Clibeála Éisc Spóirt Mara atá éifeachtúil, costéifeachtach agus fadtéarmach atá bunaithe ar an eolaíocht saoránaigh idir Forbairt Ghnó IIÉ agus Taighde IIÉ, slatiascairí agus scipéirí cairtfhostaithe. Clibeálann slatiascairí mara agus scipéirí cairtfhostaithe ealásmabrainciaigh a ghabhtar ar shlat agus dorú thar ceann IIÉ. De cheal chineál comhoibríoch an chláir seo, ní bheadh IIÉ in ann tuairisciú a dhéanamh ar ealásmabrainciaigh. Tá 19% d'Ealásmabrainciaigh na hÉireann liostaithe ina speicis i mBaol Criticiúil (10%) nó i mBaol (9%). Soláthraíonn clár clibeála na nIasc Spóirt Mhara léargas stairiúil agus reatha i ndáileadh agus méid na 15 speiceas d'ealásmabrainciaigh.

Soláthraíonn an clár ísealchostais sin stór do thuairim is 40,000 teagmhas clibeála le haghaidh speicis ealásmabrainciach iolracha ó na 1970í i leith. Úsáidtear na sonraí luachmhara fadtéarmacha sin ar bhonn tréimhsiúil chun tacú le measúnuithe speiceas agus le foilseacháin eolaíochta.

Soláthraíonn an clár clibeála sin sonraí freisin ar dháileadh cladaigh na n-ealásmabrainciach, agus cothabháiltear bunachar sonraí tábhachtach clibeála leis. Níl an fhaisnéis seo ar fáil ó thuairiscí iascaigh tráchtála agus tugtar aghaidh léi ar phríomheasnamh eolais maidir le dáileadh cladaigh agus úsáid ghnáthóg an ghrúpa sin in uiscí na hÉireann.

Forbraíodh Treoir um Dhea-Láimhsiú Ealásmabrainciach in 2021 chun comhairle a chur ar shlatiascairí maidir le teicnící agus trealamh dea-chleachtais chun marthain ealásmabrainciach iarscaoilte a uasmhéadú. Tá an t-aschur seo le scaoileadh go luath in 2022.

In éagmais sonraí iascaigh tráchtála, mar phríomhpháirtithe leasmhara, bíonn ról ríthábhachtach, gníomhach agus riachtanach ag slatiascairí i maoirseacht an doird trí shonraí gainní agus faid an doird a bhailiú, logleabhair d'iarrachtaí slatiascaireachta agus rannpháirtíocht i ngnáthchlár clibeála. Feidhmíonn slatiascairí agus scipéirí cairtfhostaithe, mar pháirtithe leasmhara, ról ríthábhachtach agus gníomhach i gclibeáil ealásmabrainciach, rud a chuireann leis an maoirseacht. De cheal chineál comhoibríoch an chláir seo, ní bheadh IIÉ in ann tuairisciú a dhéanamh ar ealásmabrainciaigh.

Suirbhé Iascaigh Áineasa Mara na hÉireann (IMREC)



Mar oileán le díreach os cionn 3,000km de chósta agus saol saibhir muirí, tá acmhainn slatiascaireachta mara ag Éirinn a bhfuil an-mheas uirthi go hidirnáisiúnta. Cuireann an acmhainn sin gníomhaíocht áineasa thábhachtach ar fáil agus soláthraíonn sí tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha ar fud na bpobal tuaithe agus cósta. Ach ní mór dúinn tuilleadh eolais a fháil faoin acmhainn seo, ionas go mbeidh bonn láidir againn le haghaidh anailísí eolaíochta ar iascaigh. Chun an riachtanas sin a chomhlíonadh, d'fhorbair Iascach Intíre Éireann suirbhé ar Iascach Áineasa Mara na hÉireann (IMREC) thiar in 2019, ar clár é atá deartha chun éascú do bhailiú faisnéise faoi ghabhálacha éisc áineasa ar muir agus feadh an chósta.

Ag deireadh 2021 cuireadh i gcrích treoir-staidéar fairsing inar léiríodh réamh-mheastacháin don rannpháirtíocht in Éirinn sa tslatiascaireacht mara áineasa agus do na rátaí gabhála ilspeiceas den chéad uair. Bailíodh na sonraí don iarracht slatiascaireachta mara trí dhá shuirbhé neamhspleácha a rinn an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ipsos MRBI. Nuair a cuireadh le chéile iad, rinneadh meastachán leis na sonraí sin go measann timpeall ar 250,000 cónaitheoir Éireannach gur slatiascairí mara atá iontu. Astu sin, déanann 76% acu iascaireacht ón gcladach, 55% acu iascaireacht ó bhád beag agus 30% acu iascaireacht ó bhád cairtfhostaithe, fiú amháin más ar bhonn ócáideach é. Tugann slatiascairí cladaigh na hÉireann thart ar ocht dturas in aghaidh na bliana, agus déanann slatiascairí ó bháid bheaga timpeall seacht dturas in aghaidh na bliana. Rinne foireann IIÉ breis agus 220 agallamh ar leithligh le slatiascairí ar an láthair timpeall an chósta chun rátaí gabhála a mheas. Bhain an fhoireann úsáid as uirlisí digiteacha bailithe sonraí suirbhéireachta chun sonraí suirbhéireachta a thaifeadadh agus a uaslódáil go héifeachtúil chuig geo-bhunachar sonraí láraithe. Fuarthas amach ón anailís gurbh iad ronnach agus mangach ina dhiaidh sin na speicis ba mhinice a gabhadh i gcás slatiascairí cladaigh agus ó bháid bheaga araon. Seachas an ronnach agus an mangach, scaoileadh saor formhór na speiceas a gabhadh le linn thurais slatiascaireachta farraige.

Mar thoradh ar an treoir-staidéar, foghlaimíodh roinnt ceachtanna freisin ar conas feabhas a chur ar

éifeachtúlacht samplála agus ar bhailiú sonraí do chláir shamplála atá beartaithe do 2022 agus ina dhiaidh sin. Tá ardán láidir curtha ar fáil ag an staidéar seo chun leanúint le meastacháin ghabhálacha na hiascaireachta áineasa mara (MRF) a bheachtú lena n-ionchur sa chéad timthriall eile den chreat um bailiú sonraí (DCF) faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) nua, a bhfuil gnáthbhailiú sonraí in iascaigh áineasa mhara ina comhpháirt de (Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún).

Cuideoidh an fhaisnéis a bhailítear trí IMREC le páirtithe leasmhara an acmhainn iascaigh agus an tslatiascaireacht áineasa a bhainistiú. Tacóidh sí le cosaint na hacmhainne do shlatiascairí farraige agus dóibh siúd araon a sholáthraíonn na seirbhísí a thacaíonn leis an tslatiascaireacht mhara agus a chuireann poist ar fáil i bpobail cois cósta.

Suirbhéanna ar iasc inbhir (TRU san áireamh)

Is córais dhinimiciúla iad inbhir, ina n-athraíonn teocht, salandacht, moirtiúlacht, doimhneacht agus sreabhadh gach lá mar fhreagra ar na taoidí. Ciallaíonn sé sin gur gnáthóga táirgiúla iad inbhir ina soláthraítear gnáthóg ríthábhachtach d'éagsúlacht speiceas, go háirithe don iasc óg. Mar éiceachórais, tá inbhir faoi bhagairt ó ghníomhaíochtaí daonna amhail truailliú, díghrádú gnáthóg, uirbiúchán agus go leor eile nach iad. Chun na gnáthóga sin a chosaint agus monatóireacht a dhéanamh orthu, thug an tAontas Eorpach isteach an Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) (2000/60/CE) mar chuid de chur chuige caighdeánaithe do na Ballstáit go léir chun a gcuid acmhainní uisce a bhainistiú agus chun éiceachórais uisceacha a chosaint thiar in 2000.

Tá sé mar aidhm ag suirbhéanna inbhir stádas (ard, maith, measartha, bocht nó olc) d'uiscí trasdula roghnaithe na hÉireann (.i. inbhir) agus uiscí cósta a rangú chun riachtanas rialachais comhshaoil IIÉ faoi TRU a chomhlíonadh. A luaithe a chinntear stádas na ndobharlach roghnaithe, cuidíonn monatóireacht leanúnach le héifeachtacht na mbeart is gá chun dobharlaigh a ghlanadh agus stádas 'maith' a bhaint amach, rud a chosnaíonn an t-iasc agus a ghnáthóg dá réir, agus a chinntíonn inbhuanaitheacht na n-éiceachóras luachmhar ag an am céanna. Tá an clár samplála fairsing deartha chun láithreacht agus dáileadh speiceas éisc in inbhir na hÉireann a chinneadh, agus tuairiscítear na torthaí don EPA, ár bpríomhpháirtí leasmhar. Déantar an tsampláil ar bhonn rollach agus is féidir na torthaí ó 2021 a achoimriú mar seo a leanas:



Íomhá: *Roc garbh in inbhear na Sionainne Íochtarach, Meán Fómhair 2021*

- Rinneadh suirbhéireacht ar chúig dhobharlach i bhfómhar 2021, lenar áiríodh: Loch Drongáin, Loch na dTrí gCaol, Dugaí Luimnigh, Inbhear na Sionainne Íochtaraí agus Loch Gile.
- Laghdaíodh an iarracht samplála le líontáin fonsaí beagáinín le srianta COVID-19, ceann amháin de na trí chuid don tsampláil chomhchodach. Mar nós traidisiúnta, socraítear slabhra de thrí líontán ag gach suíomh samplála. Mar gheall ar an scaradh sóisialta agus riachtanais láimhsithe, laghdaíodh é sin go dtí dhá líontán in aghaidh an láithreáin samplála.
- Le linn an tsuirbhé, rinneadh 124 shampláil le líontáin (líontáin saighne, tráil agus fonsaí). Gabhadh, comhaireadh agus sainaithníodh 11,245 iasc aonair chuig leibhéal an speicis sular scaoileadh saor iad. Chonacthas sé speiceas éisc is daichead i gcaitheamh an chláir samplála.
- I measc na suíomhanna a ndearnadh suirbhéireacht iontu, b'ísle an fhlúirse speiceas i Loch Gile agus i nDugaí Luimnigh. Cuireann an easpa éagsúlachta gnáthóige, méid beag, agus uirbiú i gcás Dhugaí Luimnigh lena fhlúirse speiceas íseal. Os a choinne sin, bhí an fhlúirse speiceas ab airde ag Inbhear na Sionainne Íochtaraí agus ag Loch na dTrí gCaol, le 33 agus 28 speiceas taifeadta iontu faoi seach. Tá gnáthóga casta agus inathraitheacht sna hinbhir sin, rud a fheidhmíonn ról suntasach maidir le flúirse, éagsúlacht agus marthanacht speiceas a chur chun cinn, lena n-áirítear roinnt speiceas tábhachtach slatiascaireachta.

Baineann sé leis an

NÓSANNA

Baineann sé leis an

IASC

Hidreamoirfeolaíocht agus athchóiriú gnáthóg

Tá an nascacht aitheanta ag an Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) mar phríomhthoisc maidir le feidhmiú nádúrtha aibhneacha. Comhpháirt amháin den hidreamoirfeolaíocht abhann is ea an nascacht, ábhar ilchodach ina bpléitear na tosca fisiceacha gnáthóige atá mar bhonn agus mar thaca ag an éiceolaíocht – cainníocht an uisce, riocht na gnáthóige ionsrutha agus bruachánaí agus nascacht na gcainéal ar a dtaobh agus ar a bhfad. Tá na téamaí sa hidreamoirfeolaíocht ag teacht le haidhmeanna foriomlána Iascach Intíre Éireann speicis agus a ngnáthóga a chaomhnú, chomh maith le haidhmeanna na Treorach um Ghnáthóga maidir le céimeanna éagsúla saoil na speiceas iasc imirceach a thaistealaíonn idir an fharraige agus fíoruisce, atá liostaithe san Iarscríbhinn. II den Treoir.

Leanadh ar aghaidh le trí thionscadal hidreamoirfeolaíochta shuntasacha, agus snáitheanna comhroinnte eatarthu go léir, le linn 2021:

- Tionscadal Trasteorann Chúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) Interreg
- Staidéar an Chláir Feabhsaithe Aibhneacha Comhshaoil (EREP) i gcomhar le OOP
- An Clár Náisiúnta Bacainní, arna chistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Cúram Dobharcheantair (CatchmentCARE)

Cuireadh tús leis an tionscadal Chúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) (2017-2022) i dtreo dheireadh 2017. Tá sé dírithe ar cháilíocht an uisce a fheabhsú i dtrí dhobharcheantar trasteorann: an Fhinn, an Arna agus an Abhainn Mhór. Tá sraith ardán 'gníomhartha' dobharcheantair ag an tionscadal chun cáilíocht uisce a scrúdú agus a fheabhsú (arna sainiú ag TRU) agus áirítear leo sin saibhriú poncfhoinse, saibhriú foinse idirleata, bearta hidreamoirfeolaíochta (ionsrutha agus bruachánaí) agus fadhbanna screamhuisce. Tá comhpháirt láidir eolaíochta ann chomh maith le gné rannpháirtíochta pobail.

Ar fhoireann IIÉ tá Oifigeach Taighde don Arna agus roinnt tionscadal san Abhainn Mhór, Oifigeach Tionscadail Dobharcheantair don Arna agus Cúntóir Riaracháin. Laistigh den tionscadal, bhí IIÉ chun tosaigh sa phacáiste oibre measta raon feidhme agus tá tuarascáil ar fáil ar láithreán gréasáin Chúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) ina sonraítear stádas na dtrí dhobharcheantar, ag cur i dtábhacht na brúnna atá ann faoi láthair agus na moltaí maidir le feabhsúchán. Cuireadh de chúram ar IIÉ oibreacha ionsrutha agus bruachánacha a sheachadadh i ndobharcheantar na hArna.

Tá pleananna cumtha ag an bhfoireann chun cáilíocht an uisce a fheabhsú i ndobharlaigh roghnaithe trí bheostoc a eisiamh ó shruthchúrsaí uisce agus trí chriosanna maolánacha a chruthú. Go dtí seo, tá trí thionscadal curtha i gcrích ag carnadh i 12km d'aibhneacha atá faoi chosaint fálaithe le foinsí óil malartacha curtha ar fáil do na feirmeoirí lena n-áirítear caidéil féaraigh, caidéil ghréine agus umair bailithe báistí. Tá raon suirbhéanna nuálacha ar siúl chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na n-oibreacha athchóirithe sin ar an ngnáthóg agus ar na speicis éisc atá i láthair lena n-áirítear mapáil ag baint úsáide as dróin, trasghearrthacha mionsonraithe ag baint úsáide as teicneolaíocht satailíte chun cruinneas suíomhanna a chinntiú chomh maith le suirbhéanna leictriascaireachta. Tá dul chun cinn déanta ar thionscadal bogtha bacainne i ndobharcheantar na hAbhann Móire le táirgeadh tuarascála ar roghanna hidreolaíochta do Chora Scairbh na gCaorach, atá ina dhlúthchéim de thionscadail den sórt sin.

Tá roinnt Scéimeanna Dreasachta Pobail curtha i gcrích ag Lisa Doyle, ár nOifigeach Tionscadail Dobharcheantar san Arna. Ina measc sin tá tionscnaimh ghlantacháin feadh na habhann agus staidéar ar ghluaiseacht uisce, ag baint úsáide as sainruaim tríd an ngréasán fairsing uaimheanna atá faoi bhun dhobharcheantar na hArna. Tá nasc faoi thalamh aimsithe idir an Éirne agus Log na Sionna, rud a tharraingíonn amhras ar fhíorfhoinse na Sionainne. Tá monatóireacht fhuaimiúil ar siúl chun fuaimeanna an fhiadhúlra laistigh de dhobharcheantair na hArna a thaifeadadh agus tá físeán á ullmhú ina leith. Tá roinnt painéal faisnéise curtha in airde a chuireann faisnéis ar fáil faoin bhfiadhúlra áitiúil lena n-áirítear an phiardóg, ag cur i dtábhacht na contúirtí a bhaineann le plá na piardóige trí mheán fhaisnéis ábhartha bithshlándála.



An Clár Feabhsaithe Aibhneacha Comhshaoil

Is tionscadal fadtéarmach, ilghnéitheach é an Clár Feabhsaithe Aibhneacha Comhshaoil (EREP) a reáchtáiltear i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Cuireann sé critéir TRU i bhfeidhm ar aibhneacha draenáilte/cainéalaithe chun stádas an phobail éisc agus na hidreamoirfeolaíochta (gnáthóg fhisiceach agus nascacht) a scrúdú. Is é an aidhm atá ann tacair shonraí bonnlíne a ghiniúint do na dobharcheantair dhraenáilte sin, chomh maith le moltaí a dhéanamh ar straitéisí bainistíochta iomchuí chun gnáthóg fhisiceach a choinneáil agus a fheabhsú.

I rith 2021, rinne an clár suirbhé ar fud an dobharcheantair inar scrúdaíodh an pobal éisc, an ghnáthóg fhisiceach agus na bacainní féideartha ar imirce éisc i ndobharcheantar na hAbhann Duibhe (Ceanannas), ar cuid de chóras na Bóinne ar fud chontaetha an Chabháin agus na Mí é. Filleann EREP ar chainéil freisin ina ndearnadh staidéir roimhe seo chun tacair shonraí fhadtéarmacha ar éisc agus ar ghnáthóga a charnadh. Rinneadh athshuirbhéireacht ar an Níth, áit a ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí agus IIÉ oibreacha caipitiúla thiar in 2009, lenar cuimsíodh fálú chun beostoc a eisiamh, cosaint bruach (innealtóireacht chrua agus bhog araon), agus athphróifíliú ar ghrinneall an chainéil. Tá rannpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí ríthábhachtach do sheachadadh rathúil an chláir. Baineadh leas as deiseanna éagsúla le linn 2021 chun cuspóirí EREP a chur chun cinn le rannáin chomhshaoil agus dhraenála de chuid OOP. I measc na ngníomhaíochtaí bhí torthaí ar staidéir eolaíocha a scaipeadh, siúlóidí san allamuigh chun bearta bainistíochta ionsrutha agus bruachánacha a chur chun cinn i gcomhréir leis an dea-chleachtas, chomh maith le ceardlann oiliúna ar líne a cuireadh ar fáil d'innealtóirí.


An Clár Náisiúnta Bacainní

Ba í 2021 an bhliain dheireanach don Chlár Náisiúnta Bacainní (CNB) (2018-2021), arna chistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacha. I measc na gcúraimí tionscadail a cuireadh i gcrích tá bunachar sonraí náisiúnta a sholáthar maidir le bacainní féideartha ar aistriú éisc (73,092 déanmhas), forbairt uirlis Mheasúnaithe agus Scagtha Bacainní (I-BAST) a bhailíonn sonraí ar an láthair agus a uaslódálann láithreach é sin chuig freastalaí néal-bhunaithe, agus beartú tosaíochta a thabhairt do bhacainní ar bhainistíocht sa tríú timthriall TRU. Chuaigh CNB i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí chun 'Treoraíocht Dearaidh d'Aistriú Éisc ar Bhacainní Beaga' a sholáthar, doiciméad ina dtugtar breac-chuntas ar threoirlínte maolaithe le haghaidh bacainní beaga in aghaidh na nascachta. Tá tuarascáil deiridh á soláthar ag CNB freisin ina leagtar amach fadhbanna a bhaineann le bacainní faoi láthair agus amach anseo, lena n-áirítear reachtaíocht, maolú, scagadh éisc, astarraingt agus athrú aeráide.

Agus SNIFFER (TRU111 Céim 2a Modheolaíocht mear-mheasúnaithe garbhthaifigh á cur i bhfeidhm chun bacainní ar imirce éisc a mheas 2010), measúnú bacainne níos mionsonraithe, tá measúnú déanta ag CNB ar 207 mbacainn shuntasacha ar ghabháil éisc ag díriú ar dhobharcheantair LCS (An Fheoir, an tSiúir, an Bhearú, an Bhóinn, An Abhainn Mhór, An Life agus An tSláine). Táthar tar éis ocht dtuarascáil SNIFFER is fiche a eisiúint maidir le déanmhais aonair chun cúnamh le cead pleanáil a fháil nó arna n-iarraidh ag Oibríochtaí IIÉ. Táthar tar éis tuarascálacha dobharcheantair SNIFFER a eisiúint freisin ina ndéantar measúnú ar dhéanmhais iolracha freisin don Daoil i Luimneach agus don Dothra i mBaile Átha Cliath. Tá tuarascálacha dobharcheantair SNIFFER arna n-iarraidh ag oibríochtaí IIÉ fós le heisiúint (an tsuirbhéireacht curtha i gcrích agus ar feitheamh a scríofa) don Life, don Bhóinn agus don Bhrosnach.

Comhtháthaítear ar bhonn leanúnach sa chlár seo sonraí bacainní ó chomhghleacaithe CA IIÉ, ón gClár Monatóireachta AMBER, EREP agus Eascann agus ó chomhlachtaí eile stáit de réir mar a bhíonn sonraí ar fáil. I rith 2020, lean an fhoireann tionscadail orthu ag imscaradh cláir oiliúna, rud a d'éascaigh do rannpháirt fhoirne CA IIÉ sna suirbhéanna ar na bacainní. Tá na foirne CA, Taighde agus CNB sin tar éis tabhairt faoi chláir fhairsinge um measúnú bacainní ina ndearnadh meastóireacht ar na mílte déanmhas ionsrutha (féach an léaráid thíos). I mí Eanáir 2022, bhí suirbhéireacht déanta ag IIÉ ar 25,868 struchtúr ionsrutha trí leas a bhaint as feidhmchlár I-BAST agus as an gciansuirbhéireacht agus, díobh sin, sainaithníodh 6,321 struchtúr mar bhacainní ar ghabháil éisc tríothu.

Tá maoiniú faighte ag CNB freisin ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun an clár a shíneadh go ceann cheithre bliana eile.



Íomhá: *Céatadán curtha i gcrích na measúnuithe bacainní a críochnaíodh sna 583 fho-dhobharcheantair TRU an 15 Feabhra 2022*



Baineann sé leis an

IASC

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Speicis ar údar imní caomhantais iad

Dírítear foireann Ghnáthóga Iascach Intíre Éireann go príomha ar chomhlíonadh oibleagáidí na hÉireann chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar stádas na speiceas éisc atá liostaithe faoi Threoir an Aontais maidir le Gnáthóga. Rannchuidíonn an fhoireann freisin le tionscadail idirnáisiúnta lena n-áirítear DiaDES.

DiadES Faoi thionscadal Interreg DiadES, rinneadh suirbhé forleathan ar shlatiascairí i dTigh Moling ar an mBearú i mí na Bealtaine 2020. Ag an uair sin, gabhadh scannánaíocht agus agallaimh le gnólachtaí áitiúla, le slatiascairí agus le foireann taighde IIÉ. Tiomsaíodh na físeáin sin le píosaí scannánaíochta ó thíortha comhpháirtíochta agus foilsíodh ar chainéal YouTube DiadES iad. Chuaigh an obair ar aghaidh chuig gainní seide a aosú chun feidhmiú mar chomhlánú ar anailís ar na staidéir mhicri-cheimice agus hibridithe a rinneadh faoi phacáiste oibre a sé den chlár. Tháinig foireann DiadES agus na Treorach um Ghnáthóga le chéile chun sampláil DNA comhshaoil a dhéanamh timpeall ar shuíomh sceathraí na seide fallacsaí i dTigh Moling. Cabhróidh an saothar imscrúdaitheach sin linn tuiscint a fháil ar iompraíocht sceathraí na seide agus ar na dálaí comhshaoil a tharlaíonn i rith na tréimhse úd. Críochnaíodh tuarascálacha cás-staidéir ar sheirbhísí éiceachórais na speiceas diadromach i gcomhar le comhpháirtithe is eacnamaithe in DiadES, agus tiomsaíodh faisnéis fhairsing shocheacnamaíoch faoi Chuan Phort Láirge. Leanamar ar aghaidh ag bailiú faisnéise ar dháileadh speiceas diadromach ar muir, agus ullmhaíodh tuarascáil ar sheachghabháil speiceas diadromach trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ón gClár Breathnóirí ar Muir.

EVOLAMP Is tionscadal atá bunaithe ar an ngéineolaíocht é EVOLAMP, faoi stiúir comhghleacaithe ó Ollscoil Évora sa Phortaingéil agus arna chistiú ag Fondúireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Portaingéile. Is é cuspóir an tionscadail imscrúdú a dhéanamh ar bhunús móilíneach na staire beatha malartaí i loimprí, trí anailís a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla beatha dhá speiceas a bhfuil gaolmhaireacht mhór eatarthu agus ag a bhfuil saolréanna ar leith, an loimpre shrutháin Eorpach neamhsheadánach fionnuisce agus an loimpre abhann sheadánach agus imirceach. Tá an fhoireann um Ghnáthóga tar éis a bheith ag comhshaothrú ar an tionscadal ó 2019 i leith, trí shampláil agus bhailiú na gcéimeanna éagsúla staire beatha den dá speiceas sin. Bhí an tionscadal ceaptha le bheith curtha i gcrích in 2021 ach tá cistiú faighte aige go ceann aon bhliana eile. Rinneadh tuilleadh samplála in 2021 agus cuireadh samplaí fíocháin ó loimprí abhann fásta agus óga ar fáil le haghaidh anailís ghéiniteach.

Clár Éisc na Treorach maidir le Gnáthóga (HD) agus Leabhar Dearg na Sonraí (RDB)

Ceanglaíonn Treoir an Aontais maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle) ar na Ballstáit monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na speicis atá liostaithe in Iarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir. Tá gá le monatóireacht faireachais faoi Airteagal 11 den Treoir agus éilíonn Airteagal 17 tuairisciú ar stádas caomhantais speiceas thar thimthriall rollach shé bliana. Tá Iascach Intíre Éireann, thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), freagrach as tuairisciú ar speicis éisc Iarscríbhinn II/V. Tá Tuarsacálacha Bliantúla ó shuirbhéanna agus imscrúduithe fhoirne na Treorach maidir le Gnáthóga agus Leabhar Dearg na Sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin IIÉ.

Ní fios faoi láthair stádas caomhantais loimprí abhann agus táthar ag díriú mar fhócas tábhachtach ar shuirbhéanna sceite chun imscrúdú a dhéanamh ar a dháileadh in aibhneacha LCS agus neamh-LCS sa timthriall tuairiscithe reatha (2019-2024). Leanadh ar aghaidh leis na suirbhéanna sin in 2021 agus taifeadadh roinnt láithreacha sceathraí ar an tSiúir, an Fheoir, an tSláine, Abhóca, an Níth agus Abhainn an Bharra. Leanadh ar aghaidh le himscaradh an chláir athbhreithnithe loimprí larbhaí agus rinneadh suirbhé ar shuíomhanna innéacs laistigh de 10 ndobharcheantar agus cúig CA chun sonraí a sholáthar le treochtaí a mheasúnú i méid líonta na loimprí srutháin. Rinneadh líon neadacha loimpre mhara a chomhaireamh ag láithreacha móra sceite ar aibhneacha LCS le measúnú a dhéanamh ar líon na n-iasc sceathraí fásta ag teacht isteach go haibhneacha na hÉireann agus ar thionchar na mbacainní saorga. Rinneadh suirbhéanna ar chomhaireamh uibheacha agus sampláil eDNA thar thréimhse 11 seachtaine ó mhí Aibreán go mí Lúil chun iompraíocht sceathraí na seide fallacsaí a imscrúdú agus an tionchar a bhí ag cora mhór ag Tigh Moling ar an mBearú. Léirigh na suirbhéanna ar chomhaireamh uibheacha teagmhais sceathraí níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leo, agus sceitheadh leanúnach thar thréimhse fhada. Tá tuilleadh oibre suirbhéireachta beartaithe do Thigh Moling an bhliain seo chugainn agus táthar ag súil go mbeidh torthaí na hanailíse eDNA ar fáil in 2022. Tháinig pearsanra tionscadail na Treorach maidir le Gnáthóga le chéile le comhghleacaithe freisin ar an gClár Doird le haghaidh suirbhéanna líontóireachta agus trálaeireachta ar inbhir san oirdheisceart. Cé gurb é an dord óg an spriocspeiceas, cuireann na suirbhéanna sin faisnéis ar fáil maidir le hearcú seide agus smealta trí iasc óg na bliana a ghabháil.





Iascach Intíre Éireann
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2021

Baineann sé leis an

IASC

Tionscadail salaiminidí

Bíonn taighdeoirí Iascach Intíre Éireann páirteach i roinnt tionscadal difriúil a bhaineann leis an mbradán agus an breac geal. Díríonn ár gcuid oibre ar chur lenár n-eolas faoin mbradán agus an breac, ionas gur féidir linn stoic a chosaint agus a chaomhnú. In 2021, bhain ár gcuid oibre le:

- An fhaisnéis ar a bhfuil comhairle bhliantúil bainistíochta bradáin bunaithe a sholáthar
- Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta Bradán na hÉireann (NSIC) ar Abhainn na hOirimhe a bhainistiú
- Imscrúdú a dhéanamh ar imirce, dáileadh, úsáid gnáthóige agus marthanas bric ghil agus brainlíní bradáin ar chósta thiar Thionscadal Salmainidí Thiar, lena n-áirítear SMOLTRACK
- Clár Monatóireachta Measúnaithe Breac Gil (STAMP) a chur i bhfeidhm ag Loch Luíoch i gCo. Chiarraí
- Acmhainneacht a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol agus bainistíocht a dhéanamh ar limistéir mhuirí faoi chosaint - Tionscadal COMPASS
- Taighde ar an mbreac donn

Comhairle náisiúnta bainistíochta bradáin/ Gnóthachtáil Teorann Caomhantais

Chuir an Sainghrúpa Teicniúil neamhspleách ar Bhradán (TEGOS) an chomhairle eolaíochta bhliantúil ar stádas na stoc bradán agus na doiciméid ghaolmhara ar fáil. Chun tacú le comhairle eolaíochta a sholáthar do shéasúr na mbradán 2021, cuireadh Leictriascaireacht ar fud an Dobharcheantair (CWEF) i gcrích in 31 dhobharcheantar nó fho-dhobharcheantar chun flúirse agus dáileadh na ngealóg bradáin a mheasúnú. Feidhmíonn an t-innéacs sin mar athróg ionadach do láithreacht bradán fásta in aibhneacha agus in go leor córas soláthraítear leis na torthaí sin an t-aon sonraí amháin ar sceitheadh bradán sna dobharcheantair sin. Tugadh cuairt ar 888 láithreán san iomlán in 2021. Sna chéad 15 bliana den chlár seo (2007-2021) tugadh faoi iomlán de 541 shuirbhé dobharcheantair in 159 ndocharcheantar nó bhfo-dhobharcheantar, comhdhéanta de 12,259 suirbhé ar láithreáin aonair. Maidir le comhairle eolaíochta don bhliain 2021, bunaithe ar na sonraí CWEF sin, bhíothas ag tuar go mbeadh 11 abhainn faoi bhun a dTeorann Caomhantais (TC), ach le meáninnéacs ard gealóg bradáin ar fud an dobharcheantair (is é sin, ≥ 17 iasc/cúig nóiméad thar an tréimhse 2007-2021), ach moladh lena n-oscailt ar bhonn na slatiascaireachta gabhála agus scaoilte.

Tá sraith chuimsitheach tuarascálacha ar chlár bainistíochta bradáin IIÉ ar fáil ar láithreán gréasáin IIÉ.

Bunaithe ar an gcomhairle eolaíochta

a chuir TEGOS ar fáil, chinn bainistíocht IIÉ i rith 2022, as na 144 abhainn ar leibhéal náisiúnta: Go n-osclófaí 48 n-abhainn le haghaidh iascach maraithe, go n-osclófaí 32 abhainn le haghaidh na slatiascaireachta gabhála agus scaoilte agus go mbeadh 64 abhainn dúnta. As na 16 abhainn bradáin earraigh: Beidh 11 cheann oscailte, cúig cinn le haghaidh na slatiascaireachta gabhála agus scaoilte agus beidh ceann amháin dúnta in 2022.

Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta Bradán (NSIC), dobharcheantar Abhainn na hOirimhe

Is í an Abhainn na hOirimhe an dobharcheantar innéacs náisiúnta salmainidí le haghaidh líonta bradán agus breac geal in Éirinn. Tá topagrafaíocht dhobharcheantar na hOirimhe, lena gcomhcheanglaítear fo-dhobharcheantar abhann agus loch-chothaithe, ionadaíoch ar ghnáth-ghnáthóg salmainidí imirceacha in Éirinn.

Ó 1985 i leith, tá clár fadtéarmach monatóireachta breac geal i bhfeidhm ar fho-dhobharcheantar Loch Thamhnaigh Ard den NSIC. Ó mhí an Mhárta go mí an Mheithimh 2021, taifeadadh iomlán de 1,500 brainlín bric ghil (óg) agus 74 dhádach bric ghil (aosaigh sceite) sa ghaiste le sruth atá suite in aice le heis-sreabhadh an locha; rinneadh monatóireacht ar bhradáin fhásta agus ar bhric gheala ag filleadh agus d'ardaigh 1,754 bhradán agus 1,032 bhreac geal san iomlán tríd an áiritheoir/gaiste éisc atá suite in aice le hEas Liath i rith 2021.

Tá NSIC ríthábhachtach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an líon breac geal in Abhainn na hOirimhe faoi láthair agus amach anseo, agus ceadóidh sé do mheasúnú ar thionchar tosca comhshaoil, lena n-áirítear leibhéil mhíolta mhara, ar an stoc breac geal. In 2014, rinneadh infheistíocht chun a inniúlachtaí taighde agus monatóireachta a fheabhsú. Mar chuid den infheistíocht sin, cuireadh isteach eagar de ghlacadóirí fuaimíochta uisce sa Chaoláire Rua chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht bric ghil agus bradáin agus ar a gcónaitheacht sa timpeallacht mhara. Tá an t-eagar sin lárnach do chlár leanúnach chun imscrúdú a dhéanamh ar chéim mhuirí na salmainidí, agus tuairiscítear é sin sa Tionscadal Salmainidí Thiar.

Cuireadh tús le tionscadal nua agus úsáid á baint as teicneolaíocht chlibe Thrasfhreagróir Comhtháite Éighníomhach (PIT) in earrach 2016 chun marthanas an bhric gheal agus na mbradán mara a chinneadh ar ais go dtí Abhainn na hOirimhe. Rinneadh clibeáil PIT ar bhrainlíní bradáin go bliantúil thar an tréimhse 2016-2021 agus bhí marthanas mara na gcohórt clibeáilte sin idir 1.5-3.8%. Go nuige seo, is mar bhláthán ag a bhfuil geimhreadh amháin caite ar mhuir (1SW) atá formhór mór na n-iasc clibeáilte atá fillte, rud a léiríonn forlámhas na comhpháirte stoic sin san abhainn.

Tábla 2.1: *Brainlíní bradáin agus bric ghil atá clibeáilte le PIT san NSIC ó 2016 i leith*

Bliain	Speiceas	Líon iasc clibeáilte	Meán (cm)	SD (cm)	Íosta (cm)	Uasta (cm)
2016	Bradán	1,022	12.5	1.5	8.7	18
	Breac geal	667	20.2	1.9	14	26.2
2017	Bradán	553	12.8	1.6	10	21.6
	Breac geal	590	19.9	1.9	15	26
2018	Bradán	893	12.8	1.3	10	18.2
	Breac geal	548	19.8	1.9	13.5	25.9
2019	Bradán	912	12.3	1.1	10	19.2
	Breac geal	699	18.7	1.9	10.9	23.9
2020	Bradán	395	14	1.2	11.2	18.7
	Breac geal	620	19.6	1.4	13.7	24
2021	Bradán	1,302	12.4	1.2	10	17.6
	Breac geal	579	19.7	1.9	12.5	25.5

Tábla 2.2: *Brath clibeanna PIT ó bhradáin fhásta agus bhric gheal atá clibeáilte in NSIC*

Bliain chlibeála	Speiceas	Líon iasc clibeáilte	Líon iomlán fillte	% Marthanas mara	% 0SW	% 1SW	% 2SW	% Iasc athsceathraí
2016	Bradán	1022	36	3.5	0	83.3	16.7	2.7
	Breac geal	667	115	17.2	100	0	0	3.5
2017	Bradán	553	11	2.0	0	100	0	0
	Breac geal	590	29	4.9	100	0	0	6.9
2018	Bradán	893	34	3.8	0	94.1	5.9	0
	Breac geal	548	132	24.1	96.96	2.27	0.76	8.3
2019	Bradán	912	29	3.2	0	89.7	10.3	*
	Breac geal	699	20	2.9*	90	10	0	35*
2020	Bradán	395	6	1.5*	0	100	*	*
	Breac geal	620	64	10.3*	84.4	15.6	*	17.2*
2021	Breac geal	579	82	14.2*	100*	*	*	*

**acmhainneacht le haghaidh tuairisceáin bhreise agus athfhillteacha sa bhliain 2022+*

Is idir 2.9% agus 24.1% thar an tréimhse 2016-2021 é marthanas mara an bhric gheal ó Abhainn na hOirimhe bunaithe ar an gclibeáil PIT. Is mar fhionnóg den chuid is mó a fhilleann na héisc (.i. sa bhliain chéanna a ndeachaigh siad ar imirce mar bhrainlíní) agus na héisc chéad-1SW gan a bheith ina gcomhchuid bheag nó mheasartha den stoc sa tsraith ama go dtí seo (2.3% go 15.6%). Is gné shuntasach ach athraitheach de stoc breac geal Abhainn na hOirimhe (8.3% go 35%) iad sceithirí athfhillteacha. Bíonn tionchar láidir ag gníomhaíocht feirmeoireachta bradáin sa Chaoláire Rua ar mharthanas an bhric gheal mhara agus bíonn marthanas i bhfad níos lú i gceist nuair a bhíonn iasc mór saothraithe i láthair.

Lean stáisiún aimsire na hOirimhe ar aghaidh ag oibriú i rith 2021. Suiteáladh an stáisiún den chéad uair go déanach in 2019 mar chuid de thionscadal IIÉ um Athrú Aeráide. Ina theannta sin, leathnaíodh agus coinníodh líonra monatóireachta teochta ar fud an dobharcheantair chun tacú leis an tionscnamh taighde seo.

Tionscadal Salmainidí Thiar (SMOLTRACK san áireamh)

In 2021, tugadh faoi dhá thionscadal teiliméadrachta, arna ngrúpáil faoi scáth Thionscadal Salmainidí Thiar, i ndobharcheantar na hOirimhe chun imscrúdú a dhéanamh ar imirce, dáileadh, úsáid gnáthóg agus marthanacht bhrainlíní bric ghil agus bradáin sa chomhshaol mara agus fionnuisce ar chósta thiar na hÉireann agus chun tosca a chinneadh ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar imirce agus ar mharthanas. Díríonn clár taighde IIÉ go príomha ar an mbreac geal, agus tá an tionscadal SMOLTRACK arna chistiú ag CEMI dírithe ar bhradáin. Déantar na staidéir ar Abhainn na hOirimhe, Abhantrach Innéacs Náisiúnta Bradán (NSIC) IIÉ, chun úsáid éifeachtúil a bhaint as bonneagar NSIC. Úsáideann an dá staidéar teicneolaíocht nuálach teiliméadrachta chun imirce éisc in Abhainn na hOirimhe, sa Chaoláire Rua agus sna huiscí cósta máguaird a rianú.

Is í an sprioc fhoriomlán líonta salmainidí a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú trína ngluaiseacht trí ghnáthóga éagsúla a rianú. Trí na sonraí sin a sholáthar is féidir bearta bainistíochta fianaise-bhunaithe a fhorbairt atá deartha chun marthanacht iomlán a fheabhsú. Bíonn an tionscadal SMOLTRACK arna bhainistiú ag NASCO rannpháirteach ar bhonn gníomhach le comhpháirtithe/páirtithe leasmhara tionscadail ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón tSualainn, ón bPortaingéil, ón Spáinn, ó Thuaisceart Éireann agus ó Shasana.

Buaicphointí Thionscadal Salmainidí Thiar

60 brainlín bric ghil agus 15 dhádach bric ghil arna gclibeáil go fuaimiúil ag gaiste Thamhnaigh Ard. Bhí an mharthanacht íseal mar go raibh na feirmeacha bradáin i sa Chaoláire Rua i mbun táirgthe agus bhí leibhéil arda na míolta mara iontu. Ba 8% agus 13% faoi seach in 2021 é an ráta marthanais (iasc a rinne imirce mhara agus a d'fhill arAbhainn na hOirimhe) le haghaidh bhrainlíní agus dhádaigh bric ghil.

Faoi SMOLTRACK, rinneadh 100 brainlín bradáin a chlibeáil go fuaimiúil le gaiste Thamhnaigh Ard i dturgnamh trucaile agus iompair chun inmharthanacht iompar na ngealóg a thástáil timpeall ar scrogall creachadóireachta a sainaithníodh i staidéir chlibeála roimhe seo. Iompraíodh leath de na brainlíní timpeall an scrogaill agus ligeadh don leath – grúpa cóimheasa – dul tríd an scrogall. Bhí an marthanas trí huaire níos airde do na grúpaí a iompraíodh. Mar sin féin, bhí an marthanas íseal le haghaidh an dá ghrúpa, le 18% agus 6% den ghrúpa iompartha agus cóimheasa faoi seach ag dul ar imirce amach as an gCaoláire Rua.

Tá an t-athrú aeráide curtha in iúl mar bhagairt mhór do mharthanas fadtéarmach bradáin. Mar sin féin, is teoranta iad na sonraí arna dtomhas faoin gcomhshaol teirmeach a bhaineann d'imiricigh, san fhionnuisce ar dtús, agus ina dhiaidh sin sna huiscí trasdula agus mara/aigéanacha. Chun monatóireacht a dhéanamh ar eispéireas teirmeach brainlíní, rinneadh clibeáil ar 100 acu le clibeanna stórála sonraí (DSTanna) ar Abhainn na hOirimhe. Taifeadfar leis na clibeanna sin an teocht ag eatraimh thráthrialta fad a n-imirce.



Íomhá: *Clib DST agus PIT atá ionphlandaithe i mbrainlíní bradáin*

Tionscadal STAMP Loch Luíoch

Cuireadh Plean Measúnaithe agus Monatóireachta Breac Geal Loch Luíoch (STAMP) i bhfeidhm in 2019 chun stádas reatha an bhric ghil i gceantar an Choireáin i gCo. Chiarraí a mheas. Ba é cuspóir foriomlán STAMP foireann uirlisí monatóireachta éiceolaíochta a chur i bhfeidhm chun ceisteanna sonracha a fhreagairt i ndáil le laghduithe ar stoic bhric gheal fhásta sa cheantar. Bhí sé mar phríomhaidhm ag STAMP tús a chur le clár monatóireachta fuaimiúil teiliméadrachta lena dtabharfaí léargas ar iompar spásúil, straitéisí



Íomhá: *Scriúghaiste i mbun feidhme ag Poll an Bhuitléaraigh*

imirce agus ráta marthanais mhuirí bhrainlíní bric ghil agus iad ag dul ar an bhfarraige ar dtús. Cuireadh tús le monatóireacht fhuaimiúil ar bhrainlíní bric ghil i mí Aibreáin 2019, nuair a ionphlandaíodh clibeanna fuaimiúla ar 50 iasc, agus i mí na Bealtaine 2020, rinneadh clibeáil ar 59 mbrainlín bric ghil bhreise. Mar gheall ar leanúint leis an gclár monatóireachta fuaimiúil i míonna Aibreáin agus na Bealtaine 2021 rinneadh clibeáil ar 133 bhrainlín bric ghil. Suiteáladh gaistí éisc ag eis-sreabhadh Loch Dhoire Ianna agus Poll an Bhuitléaraigh san earrach chun cabhrú le clibeáil breac geal agus chun sonraí éiceolaíochta breise a sholáthar maidir le brainlíní bric ghil agus bradáin. Leathnaíodh an t-eagar glacadóirí fuaimiúla muirí atá ann cheana féin freisin chun béim a chur ar raonta scaipthe bric ghil lasmuigh de Bhá na Scealg agus chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil forluí ann idir na gluaiseachtaí sin agus feirm oibríochtúil bradáin sa cheantar. In 2021, chomhoibrigh IIÉ



Íomhánna: *Scriúghaiste i mbun feidhme ag Poll an Bhuitléaraigh (ar barr) agus brainlíní bradáin a scaoiltear as scriúghaiste ag Poll an Bhuitléaraigh (ar bun)*





Íomhá: *Eascann Eorpach a scaoileadh tar éis shuirbhé leictriascaireachta in Abhainn an Chapaill*

le Foras na Mara chun measúnuithe sláinte a dhéanamh ar bhrainlíní bric ghil i mí na Bealtaine, agus rinneadh na measúnuithe sin arís ar fhionnóga fillteacha i mí Lúil. Is í an sprioc leis an scagthástáil sláinte sin a shainaithint an nochtar breac geal Loch Luíoch do phataiginí fionnuisce nó mara. I míonna Lúnasa agus Mheán Fómhair, rinneadh suirbhéanna leictriascaireachta arís ar gach ceann de na 35 láithreán monatóireachta fad-bhunaithe ar Loch Luíoch chun treochtaí bliantúla i líonta óga bradán a chinneadh.

Tá anailís á déanamh ar an tacar sonraí fairsing, lena n-áirítear sonraí comhshaoil, iascaigh agus bitheolaíocha, a bailíodh thar théarma thrí bliana an tionscadail, le foilsiú i dtuarascáil mhionsonraithe in 2022.

Tionscadal COMPASS

Is tionscadal trasnáisiúnta é COMPASS – Aigéaneolaíocht Chomhoibríoch agus Monatóireacht do Limistéir agus Speicis faoi Chosaint – a dhíríonn ar na farraigí cósta idir Éire agus iarthar na hAlban. Tá Iascach Intíre Éireann ag obair leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha (AFBI) ar an bpacáiste oibre salmainidí. Go dtí seo, tá breis agus 450 breac geal agus bradán, go príomha ag céim brainlíní ó roinnt aibhneacha (An Bhóinn, Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan agus Simhné), clibeáilte le tarchuradóirí fuaimiúla faoin tionscadal. Is iad príomhchuspóirí na hoibre sin tuiscint a fháil ar úsáid gnáthóg agus ar iompraíocht imirce salmainidí i dtimpeallacht mhuirí cois cladaigh agus gnáthóga tábhachtacha don bhreac geal a shainaithint. Tá sé mar aidhm ag an obair sin freisin bealaí nó cosáin bhrainlíní bradán a shainaithint agus iad ag dul ar imirce ó fhionnuisce amach sa timpeallacht mhuirí.

- In ainneoin srianta COVID-19, rinneadh clibeáil ar 86 mbrainlín bradáin sa Bhóinn i mí na Bealtaine. Rianaíodh gluaiseacht na mbrainlíní amach san fharraige le heagair fhuaimiúla glacadóra ar íochtar na Bóinne agus san inbhear. Deimhníodh conair thuaisceartach na mbrainlíní bradáin ach a bhfágann siad an Bhóinn le brath breise na n-iasc sin ó eagar fairsing sealadach amach

ón gcósta de 22 ghlacadóir, arna n-imscaradh ag comhpháirtithe AFBI i mí an Mhárta 2021, trasna Shruth na Maoile.

- Tá anailís á déanamh ar shonraí comhshaoil mara chun tosca a shainaithint ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar ghluaiseachtaí salmainidí ar muir. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar shuíomhanna bradán clibeáilte agus doimhneacht snámha sa cholún uisce, teocht na farraige, staideanna srutha/taoide tuile agus trá srl. le himscrúdú a dhéanamh ar thosca a lena bhféadfaí patrúin/iompraíocht imirce brainlíní a chinneadh.
- Baineadh úsáid as comhordanáidí GPS na samplaí a baineadh in ArcGIS chun gluaiseachtaí bric ghil feadh chósta thoir na hÉireann idir córas na Bóinne agus glacadóirí eile i Muir Éireann a rianú agus a chruthú. Léiríodh sna réamhthorthaí agus na léarscáileanna a táirgeadh méadracht úsáideach agus léirmhínithe amhairc a bheidh in éineacht le tuarascálacha deiridh thionscadail COMPASS. Maidir leis an mbreac geal, tá sonraí á bhfiosrú in ArcGIS ag baint úsáide as uirlisí nua samhaltaithe atá á bhfeabhsú chun anailísí beachtaithe agus mapáil inrochtana ar úsáid gnáthóg a chumasú. Léirítear sna réamhthorthaí gur dealraitheach go bhfuil an breac geal, mar shampla, teoranta go príomha do ghnáthóga cladaigh, go minic i limistéir scoite.
- Agus líonta na mbradán ag laghdú go ginearálta ar fud dháileadh nádúrtha na speiceas, agus marthanas atá laghdaithe go ginearálta ann sa chéim mhuirí, tá tuilleadh faisnéise ar imirce aigéanach, bealaí agus marthanacht iar-bhrainlín luath ríthábhachtach do chaomhnú an speicis íocónaigh sin. Rinneadh na brainlíní bradáin a chlibeáil agus a rianú agus iad ag dul ar imirce go láithreacha beathaithe aigéin. Léirítear sna luath-thorthaí go nglacann na héisc seo an bealach is giorra chuig uiscí doimhne i lár Mhuir Éireann, b'fhéidir chun leas a bhaint as na gnáthshruthanna ar dócha go gcuideoidh siad lena dturas ó thuaidh go dtí na láithreacha cothaithe san Atlantach thoir thuaidh.
- Cabhróidh na léargais bhunúsacha maidir le himirce a gheofar le lucht ceaptha beartas gníomhaíochtaí bainistíochta a stiúradh. Is léir go bhfuil gá le comhiarrachtaí taighde, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil ar na castachtaí a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar sprioc atá ag gluaiseacht ar imirce trí uiscí idirnáisiúnta.
- Tá gá le himircigh a chosaint laistigh de na conairí imirce sainaitheanta agus d'fhéadfadh uirlisí nuálacha a bheith ag teastáil chun caomhnú a chur i gcrích.

Taighde ar an mbreac donn

Tionscadal na Life

Thug cumainn slatiascaireachta ar fud dhobharcheantar na Life faoi deara agus rinne trácht ar laghdú dealraitheach ar ghabhálacha breac donn le blianta beaga anuas. Tá roinnt iarrataí déanta chun aghaidh a thabhairt ar a n-imní agus chun staid reatha líonta breac donn na Life a chinneadh. Tá tús curtha ag IIÉ le hathbhreithniú ar na sonraí go léir atá ar fáil don dobharcheantar. Rinneadh roinnt suirbhéanna ar stoc éisc (1986-2019), lena mbaineann clúdach spásúil páirteach agus iomlán. Dhírigh imscrúduithe tosaigh in 2021 ar athbhreithniú a dhéanamh ar:

- Flúirse breac donn, m.sh. taifid ón leictriascaireacht, comhaireamh claiseanna agus tuairisceáin slatiascaireachta
- Struchtúr géiniteach i líonta breac donn a ndearnadh staidéar orthu
- Stádas éiceolaíochta TRU agus stádas éisc, lena n-áirítear cur i láthair sonraí breac donn
- Brúnna antrapaigineacha: slatiascaireacht, cáilíocht uisce, hidreamoirfeolaíocht agus forbairt uirbeach.

Nuair a cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích i mí Feabhra 2021, chomhoibrigh an grúpa taighde le CAO chun leictriascaireacht a dhéanamh feadh phríomhchainéal na Life agus líon beag láithreán craobh-aibhneacha chun cabhrú le comparáid a dhéanamh le hobair shuirbhéireachta roimhe seo.

Tá gnéithe éagsúla ag iascaigh breac donn na Life a fhágann gur iarrthóirí maithe iad do chomhoibriú le páirtithe leasmhara agus leis an eolaíocht saoránaigh. Go háirithe, tá bainistiú bric dhoinn na hÉireann teoranta mar gheall ar easpa sonraí gabhála agus iarrachta, mar shampla, sampláil na gcliabh. Le sonraí Iarrachta Gabhála In aghaidh an Aonaid (CPUE) den sórt sin, d'fhéadfaí léargas simplí leanúnach a thabhairt ar staid na líonta dúshaothraithe, agus d'fhéadfadh IIÉ freagairt níos gasta a thabhairt nuair a ardaíonn slatiascairí imní faoin iascach áitiúil. Teastaíonn caidreamh sláintiúil idir grúpaí páirtithe leasmhara, go háirithe slatiascairí agus eolaithe, chun sonraí na gcliabh a bhailiú. Tugann an chumarsáid oscailte atá ann faoi láthair idir grúpaí slatiascaireachta IIÉ agus na Life le fios go bhféadfaí idirghníomhaíocht leanúnach a fhorbairt.

Baineann sé leis an

NUÁLAÍOCHT

An Nuáil

Tá pacáiste R (aip Shiny) á fhorbairt ag IIÉ a sholáthraíonn comhéadan úsáideora inrochtana chun sonraí suirbhéireachta locha atá ann cheana a úsáid chun tacú le measúnú stoic aonspeicis atá teoranta ó thaobh sonraí de.

Go hiondúil, bunaítear bainistiú go leor stoc éisc mhara a dhúshaothraítear ar mheasúnuithe stoic lena samhlaítear conas a athraíonn brú iascaireachta agus staid an lín sprice le himeacht ama. Tá dul chun cinn domhanda déanta ag IIÉ maidir le measúnú méid-bhunaithe ar stoic éisc intíre atá teoranta ó thaobh sonraí de. Úsáidtear leis na modhanna sin dáiltí tomhaiste líon na n-iasc chun brú iascaireachta agus sláinte stoic a chainníochtú agus tagairt á déanamh do líon neamhshaothraithe.

Déanann an clár monatóireachta aibhneacha agus locha ag IIÉ clár bliantúil de shuirbhéanna líonta éisc. Soláthraíonn na suirbhéanna sin dáileadh caighdeánaithe ghabháil in aghaidh an aonaid iarrachta (CPUE) agus méid lín do speicis éisc lena n-áirítear an breac donn. Tá sé léirithe i saothar roimhe seo ag IIÉ gur féidir leis na sonraí sin tacú le measúnú stoic fadbhunaithe do líonta ina bhfuil sonraí eile teoranta nó nach bhfuil ar fáil iontu. In 2021, rinne IIÉ dul chun cinn mór ar aip Shiny a fhorbairt chun uirlis inrochtana a sholáthar do thaighdeoirí chun measúnú tapa a dhéanamh ar na héifeachtaí básmhaireachta iascaireachta a d'fhéadfadh a bheith ann ar líonta locha dúshaothraithe a ndearnadh suirbhéireacht orthu mar chuid de shuirbhéanna caighdeánaithe éisc. Cabhróidh an uirlis sin chun tacú le bainistiú bric dhoinn fhiáin i lochanna na hÉireann.

Baineann sé leis an

IASC


Géineolaíocht bric dhoinn

Chomhoibrigh IIÉ, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB) agus roinnt cumann slatiascaireachta áitiúil chun samplaí gainní a bhailiú agus anailísí a dhéanamh chun struchtúr géiniteach a shonrú sna líonta breac donn i roinnt dobharcheantar locha agus abhann. Críochnaíodh dhá thuarascáil ar an taighde sin le linn 2021. D'fhéadfaí sonraí géiniteacha a chomhtháthú ar scála náisiúnta ina dhiaidh sin le haghaidh staidéir ar thaifeach tírdhreacha ar struchtúr géiniteach, agus b'fhéidir imscrúdú a dhéanamh ar spreagthaí comhshaoil na bpatrún dealraitheach. D'fhéadfadh obair ar ghéineolaíocht bric dhoinn bealach a sholáthar chuig cuir chuige chomhlántacha ag baint úsáide as teicneolaíocht eDNA atá ag teacht chun cinn.

Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann (EMP)

In 2021 chuir an Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann (EMP) leis an tuarascáil náisiúnta maidir le cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta um Bainistíocht Eascann, agus thug sé freagra ar ghlao sonraí na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) mar a d'iarr Coimisiún an Aontais Eorpach. Tá an chéad timthriall tuairiscithe eile chuig an Aontas Eorpach dlite le tarlú in 2024 agus clúdaíonn sé an tréimhse 2021-2023.

Tá foireann EMP ag déanamh monatóireachta ar eascanna gloine in Inbhear na Bóinne ó 2018 idir míonna Eanáir agus an Mheithimh. Drochbhliain a bhí in 2021 nuair a gabhadh líon an-íseal eascann gloine, i gcomparáid le gabhálacha ó 2018 agus 2019. Beidh gá le monatóireacht leanúnach sna blianta beaga amach romhainn lena fháil amach an dtiocfaidh biseach ar na gabhálacha arís. Tugann baill foirne réigiúnacha IIÉ faoi mhonatóireacht earcaíochta breise in áiteanna tábhachtacha: Abhainn na Gaillimhe, An Mháigh, An Fhéil agus An Eidhneach. Is suíomhanna monatóireachta innéacs fadtéarmacha iad sin. Cé go raibh bliain mhaith ag gaiste Abhainn na Gaillimhe, go ginearálta bhí an droch-earcaíocht in Éirinn ag teacht le patrún comhchosúil ar fud na hEorpa. Tuairiscítear sa chomhairle ICES is déanaí (2021) go bhfuil earcaíocht 5.4% (sealadach) ann don tsraith 'áit eile san Eoraip' agus 0.6% (sealadach) don tsraith 'An Mhuir Thuaidh' (an dá cheann síos ó luachanna deiridh 2020 de 7.1% agus 0.9% faoi seach). Le feasacht an phobail ar stádas na n-eascann Eorpach a mhéadú, cuireadh tús le clár monatóireachta luathóige eolaíochta saoránaigh in éineacht le NoreVision River Trust. In ainneoin na hiarrachta móire a rinneadh, taifeadadh líonta ísle agus léirigh siad laghdú ginearálta san earcaíocht. Mar chuid den obair sin, eagraíodh caint agus léiriú don fhoireann



Íomhánna: *(Ar barr) Eascann ghloine na céime lí luaithe ar chlár tomhais agus (ar bun) gaiste eascann gloine na dteifeach sa ghrianghraf le bualchomhla Bhéilinn sa chúlra*







Íomhánna: *(Ar chlé) Caint agus léiriú tugtha d'eolaithe saoránaigh NoreVision agus do leanaí scoile áitiúla agus, (ar dheis) eolaí saoránaigh atá ag lorg luathóg ag ceann de na suíomhanna roghnaithe*

eolaíochta saoránaigh agus do leanaí scoile áitiúla.

Rinneadh suirbhé leictriascaireachta arís d'eascanna buí ar dhobharcheantar Innéacs Eascann na hAbhann Duibhe i gCeanannas in 2021. Rinneadh iascaireacht ar 31 láithreán agus níor gabhadh ach ceithre eascann ag dhá cheann de na suíomhanna. Déantar comparáid idir sin agus 93 eascann a gabhadh nuair a rinneadh an tsuirbhéireacht dheireanach thiar in 2014. Léirítear sa taighde a rinne an fhoireann sna blianta roimhe seo go bhfuil líon maith eascann i Loch Ramhar in abhantrach na hAbhann Duibhe i gCeanannas ach léirítear sa staidéar seo easpa eascann i ngnáthóg abhann. Chomh maith leis sin rinne an fhoireann EMP suirbhéanna ar Theicnící Measúnaithe Hidreamoirfeolaíochta Abhann (RHAT) mar chuid den suirbhé monatóireachta ar eascann buí. Rinneadh suirbhéireacht ar RHAT ar 27 de na 31 láithreán san iomlán agus úsáid á baint as modheolaíocht na spotseiceála. Léiríodh i dtorthaí na suirbhéanna sin gur thit formhór na láithreán i stádas 'measartha' nó 'maith' (37% agus 52% de na suíomhanna iomlána faoi seach). Tuairiscíodh go raibh stádas 'ard' ag suíomh amháin agus tugadh faoi deara go raibh dhá shuíomh 'lag' maidir le measúnú hidreamoirfeolaíoch ar an ngnáthóg atá ar fáil. Níor tugadh aon suíomh de chatagóir 'dona' faoi deara sna torthaí. Bhain na suirbhéanna RHAT sin go héifeachtach an fhéidearthacht go mbeadh drochghnáthóg freagrach as tearcúsáid suíomhanna ag eascanna.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir bainistíochta maidir le bacainní agus a dtionchar ar eascanna, rinne an fhoireann, i gcomhar le NBP, measúnú ar bhacainní féideartha i ndobharcheantar Loch Garaidh in 2021. Rinneadh measúnú ar 637 láithreán san iomlán; taifeadadh 21 díobh sin mar bhacainní agus marcáladh iad le haghaidh tuilleadh measúnaithe, ní raibh na 616 eile ina mbacainn ar imirce éisc (461) nó marcáladh iad le haghaidh tuilleadh measúnaithe ag dáta níos déanaí (155).

Rinneadh iascaireacht eascainne gile i ndobharcheantair na Bearú agus Átha Féan in 2021. Gabhadh gabháil iomlán de 550kg (1,203 eascann) thar 22 oíche ar an Abhainn Átha Féan, agus gabhadh 196kg (1,200 eascann) ar an mBearú thar 20 oíche.


Mar chuid de raon feidhme deiridh an iascaigh eolaíoch eascann in 2020, cuireadh imscrúdú ar úsáid eDNA chun cur le modhanna traidisiúnta i bhfeidhm agus leanadh leis sin in 2021. Toisc go bhfuil laghdú tagtha ar líon na n-eascann i ngnáthóga áirithe, tá sé tábhachtach a fháil amach cé acu atá na heascanna as láthair nó i láthair i líonta chomh híseal sin nach bhfuil siad taifeadta sna líontáin fonsaí ná cláir leictriascaireachta. Tá ilaidhmeanna ag an staidéar seo i sampláil eascann buí agus geal araon. Díríonn na staidéir ar eascann buí ar:

- Imscrúdú a dhéanamh ar an tiúchan eDNA in dhá loch eascann (Loch Mucnú agus Loch Uail) agus na hathraitheas i dtiúchan eDNA eascann i rith na bliana
- Láithreacht nó easnamh eascann a dheimhniú ó réimsí uachtaracha na Bearú mar a léiríodh i suirbhéanna líontóireachta agus leictriascaireachta roimhe seo agus é seo a chur i gcomparáid le dáileadh eascann i réimsí íochtaracha an dobharcheantair

Tá sé mar aidhm ag staidéar na n-eascann geal na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- An comhghaol féideartha idir sínithe eDNA d'eascanna i samplaí uisce agus na glanghabhálacha ag Iascaigh Átha Féan agus na Bearú. Tógadh na samplaí uisce ó áiteanna in aghaidh an tsrutha ó na pointí iascaireachta.

D'fhéadfaí an obair sin a fhorbairt ina modheolaíocht tacaíochta chun céimshrianta eascainne gile a mheasúnú. Tabharfar tuairisc ar na torthaí a luaithe a bheidh gach sampla ó 2020 agus 2021 próiseáilte agus anailísithe.



02 Taighde: Eolas a fhorbairt le gníomhú a mhúnlú

Foilseacháin Thaighde

Archer, L, Hutton, S. A. Harman, L, Poole, R, Gargan, P, McGinnity, P, Reed, T. (2021). Associations between metabolic traits and growth rate in brown trout (Salmo trutta) depend on thermal regime. Proc. R. Soc. B 288: 20211509. https://doi.org/10.1098/rspb.2021.1509

de Castro, F., Kraak, S. B. M., Sadykov, A., Reid, D. G., Shephard, S., and Farnsworth, K. D. In Press.

Move and you're dead: commercial trawl fisheries select for fish that don't move far. ICES Journal of Marine Science.

Feeney, R., Trueman, C., Roche, W., Gargan, P., and Shephard, S. 2021. Body condition of Atlantic salmon returning to Irish rivers reflects δ13C values at the last marine foraging location. Journal of Fish Biology.

Gargan, P. G., Økland, F., Fitzgerald, C. and O'Grady, M. 2021. The spawning location of vulnerable ferox trout (*Salmo trutta* L.) in the Lough Corrib and Lough Mask catchments, Western Ireland. Journal of Fish Biology 98: 485-497.

ICES. 2021. Third Workshop on Designing an Eel Data Call (WKEELDATA3). ICES Scientific Reports. 3:50. 19 pp. https://ices-library.figshare.com/articles/report/Third_Workshop_on_Designing_an_Eel_Data_Call_WKEELDATA3_/18621266 **European collaboration**

ICES. 2021. Workshop on the future of eel advice (WKFEA). ICES Scientific Reports. 3:13. 67 pp. https://ices-library.figshare.com/articles/report/Workshop_on_the_Future_of_Eel_Advice_WKFEA_/18621692 **European collaboration**

ICES. 2021. Joint EIFAAC/ICES/GFCM Working Group on Eels (WGEEL). ICES Scientific Reports. 3:85. 226 pp. https://doi.org/10.17895/ices.pub.8143 **European collaboration**

ICES Scientific Reports. 3:50. 19 pp.

Mehner, T., Argillier, C., Hesthagen, T., Holmgren, K., Jeppesen, E., Kelly, F., Krause, T., Olin, M., Volta, P., Winfield, I.J., Brucet, S. (2021) Model-based decomposition of environmental, spatial and species-interaction effects on the community structure of common fish species in 772 European lakes. *Global Ecol. Biogeogr.* 2021:00:1-14.

O'Briain, R., Shephard, S., McCollum, A., and Coghlan, B. In Press. Plants as agents of hydromorphological recovery in lowland streams. Geomorphology

Rikardsen, A.H., Righton, D., Strøm, J.F., Thorstad, E.B., Gargan, P., Sheehan, T., Økland, F., Chittenden, C.M., Hedger, R.D., Næsje, T.F., Renkawitz, M., Sturlaugsson, J., Caballero, P., Baktoft, H., Davidsen, H.G., Halttunen, E., Wright, S., Finstad, B., & Aarestrup. K. (2021).

Redefining the oceanic distribution of Atlantic salmon. Sci Rep 11, 12266 (2021). https://www.nature.com/articles/s41598-021-91137-y

Shephard, S. and Gargan, P., 2021. Wild Atlantic salmon exposed to sea lice from aquaculture show reduced marine survival and modified response to ocean climate. ICES Journal of Marine Science 78: 368-376.

Shephard, S. and Gargan, P.G. (2021). System-specific salmon louse infestation thresholds for salmon farms to minimize impacts on wild sea trout populations. Aquaculture Environment Interactions: https://www.int-res.com/abstracts/aei/v13/p377-388/

Shephard, S., Valbo-Jorgensen, J., Abadía, J., Baigún, C., Doria, C. R., Fabré, N. N., Isaac, V. J., Ngor, P. B., Ruffino, M. L. and Funge-Smith, S. 2021. From Amazon Catfish to Mekong Money Fish: size - based assessment of data-limited commercial inland fisheries. Fisheries 46: 170-187.

Shephard, S., Ryan, D., O'Reilly, P., and Roche, W. 2021. Using local ecological knowledge to inform semi-quantitative fishery surveillance indicators: an example in marine recreational angling. ICES Journal of Marine Science.

Shephard, S., Valbo-Jorgensen, J., Abadía, J., Baigún, C., Doria, C. R., Fabré, N. N., Isaac, V. J., Ngor, P. B., Ruffino, M. L. and Funge-Smith, S. 2021. From Amazon Catfish to Mekong Money Fish: size - based assessment of data-limited commercial inland fisheries. Fisheries 46: 170-187. (FAO Rome, Mekong River Commission, Universities in Brazil, Argentina and Panama)


Vehanen, T.1; Piria, M.2; Kubečka, J.3; Skov, C.4; Kelly, F.5; Pokki, H. 1; Eskelinen, P. 1; Rahikainen, M. 1; Keskinen, T. 1; Artell, J. 1; Romakkaniemi, A. 1; Suić, J.6; Adámek, Z.6; Heimlich, R.6; Chalupa, P. 6; Ženíšková, H. 7; Lyach, R. 8; Berg, S.4; Birnie-Gauvin, K. 4; Jepsen, N. 4; Koed, A. 4; Pedersen, M. I. 4; Rasmussen, G. 4; Gargan, P.5, Roche, W. 5 & Arlinghaus, R.9 (2020) Data collection systems and methodologies for the inland fisheries of Europe. FAO Fisheries and Aquaculture Technical Paper No. 649. Budapest, FAO. https://www.fao.org/3/ca7993en/ca7993en.pdf

Vehanen, T.1; Skov, C.2;Piria, M.3; Kelly, F.4, Kubečka, J.5; (2019) Capacity development and methodologies of data collection in inland fisheries

Wynne, R., Archer, L.C., Hutton, S.A., Harman, L., Gargan, P., Moran, P., Dillane, E., Coughlan, J., Cross, T.F., McGinnity, P., Colgan, T.J., and Reed, T.E. (2021). Alternative migratory tactics in brown trout (Salmo trutta) are underpinned by divergent regulation of metabolic but not neurological genes. Ecology and Evolution. 2021;00:1–16. DOI: 10.1002/ece3.7664.

03

Ár n-acmhainn slatiascaireachta a fhorbairt go hinbhuanaithe



03

Baineann sé leis an
INBHUAN-AITHEACHT

Ár n-acmhainn slatiascaireachta a fhorbairt go hinbhuanaithe

Tacaíonn acmhainn iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann le tionscal slatiascaireachta inmharthana, rathúil agus inbhuanaithe in Éirinn; dar luach gar do €1 bhilliún don gheilleagar. Ag tacú leis sin, tá sainchúram leathan reachtúil ag Iascach Intíre Éireann, a chuimsíonn réimse éagsúil tionscadal agus tionscnamh a bhfuil baint ag an iliomad páirtithe leasmhara leo. Agus beartais, creataí agus tionscnaimh níos leithne an rialtais á n-aithint aici i réimsí mar ghníomhú ar son na haeráide, bithéagsúlacht, turasóireacht, forbairt tuaithe, sláinte agus oideachas, bhí ról lárnach ag an bhfoireann Forbartha Gnó i seachadadh agus i gcur in iúl na dtionscadal agus na dtionscnamh sin in 2021.

Is iad na réimsí feidhme seachadta d'Fhorbairt Gnó ná: forbairt, cur chun cinn agus margaíocht iascach, oideachas agus for-rochtain, bainistíocht bradáin agus cumarsáid. Tugtar cuntas ar na leathanaigh seo a leanas ar na príomh-éachtaí agus ar mhíreanna suntasacha eile do 2021.

Baineann sé leis an
NÓSANNA

Baineann sé leis an
IASC

Baineann sé leis an
BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Forbairt Iascach

Tá an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) freagrach as cur chun cinn agus riarachán roinnt scéimeanna cistiúcháin arna n-oibriú ag Iascach Intíre Éireann lena gcumasaítear agus lena seachadtar tionscadail forbartha iascach fisiceach. Is é OBT atá freagrach freisin as tacú leis an bhfoireann i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscadal ag baint úsáide as cur chuige caighdeánach maidir le pleanáil agus cur i gcrích.

Príomhéachtaí in 2021:

Fuarthas **34km de chothabháil gnáthóg abhann**, **21km d'fheabhsú gnáthóg ionsrutha** agus **osclaíodh 20km de ghnáthóga abhann nach raibh inrochtana roimhe seo do shalmainidí agus loimprí mar thoradh** ar iarracht chomhoibríoch an Chláir Náisiúnta um Ghnáthóga agus Caomhnú.

Dhámh **an Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal** €766,566 san iomlán ar 17 n-iarratas.

Dhámh **Ciste Iascaigh Lár na Tíre** €41,278 san iomlán ar thrí iarratas.

Bunaíodh an chéad fhóram um athchóiriú gnáthóg abhann mar Phobal Cleachtais d'fhoireann inmheánach IIÉ lena n-áirítear baill foirne ó OBT, Taighde agus na Ceantair Abhantraí (CAInna), chun comhoibriú agus roinnt eolais ar thionscadail athchóirithe gnáthóg abhann iomchuí a phleanáil agus a chur i gcrích.

Rinneadh iarratas rathúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin **Scéim Bonneagair um Chaitheamh Aimsire Lasmuigh** chun bonneagar slatiascaireachta a chothabháil, agus bronnadh €491,317 ar IIÉ.

Iarratas rathúil ar mhaoiniú ó thionscnamh Bithéagsúlachta Feirme agus Pobail na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh **gnáthóga sceite agus iasclainne i nDobharcheantar Loch Síleann**. Bronnadh €185,000 ar IIÉ le haghaidh Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (EIP).

Úsáideann OBT taithí i mbainistíocht iascaigh, taighde, forbairt, innealtóireacht, riarachán agus measúnú comhshaoil chun a chinntiú go seachadtar tionscadail i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus na nósanna imeachta inmheánacha.

Tacaíonn OBT le foireann Iascach Intíre Éireann chun tionscadail a sheachadadh a bhfuil sé mar aidhm acu gnáthóga éisc a chothabháil agus a athchóiriú. Déantar amhlaidh ar roinnt scálaí difriúla. Ar an macrascála, oibrímid leis na Ceantair Abhantraí (CAInna) agus le Forbairt agus Taighde chun pleananna mórscála a sholáthar (e.g. Lochanna Móra an Iarthair agus treoirthionscadal Dhobharcheantar na Coiribe). Ar scála an tsuímh, ullmhaímid struchtúir mhiondealaithe oibre leis an bhfoireann ábhartha CA agus cuirimid cúnamh ar fáil le measúnú comhshaoil, dearthóireacht plean, measúnú riosca tuilte agus iarratais phleanála. Ar deireadh, ar an micreascála, cuirimid teimpléid de dhoiciméid tairisceana ar fáil chun trealamh tógála nó teimpléid a sholáthar d'iarratais phleanála. Liostaítear thíos roinnt tionscadal suntasach a soláthraíodh in 2021.

Baineann sé leis an

NÓSANNA

An plean do Lochanna Mór an Iarthair

I R3 2021, cuireadh de chúram ar OBT plean cuimsitheach a ullmhú ina bhfuarthas sraith gníomhartha chun tréithe nádúrtha agus bithéagsúlacht dhúchasach Lochanna Móra an Iarthair a chosaint, a chaomhnú agus, i gcás inar féidir, a fheabhsú. Déanfaidh sé sin, ar a sheal féin, barrfheabhsú ar a n-acmhainneacht mar iascaigh inbhuanaithe don bhreac donn fiáin, agus i roinnt cásanna, d'iascaigh áineasa an bhradáin Atlantaigh. Leagadh amach sa phlean na gníomhaíochtaí ba ghá faoi na ceannteidil seo a leanas chun cabhrú lena chuspóirí a bhaint amach:

- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara
- Gníomhú ar son na haeráide agus an bhithéagsúlacht
- Cáilíocht an uisce
- Speicis ionracha
- Bainistiú stoic
- Athchóiriú gnáthóg agus
- Taighde

Ullmhaíodh an plean i gcomhairle leis an bhfoireann Taighde agus Forbartha, foireann áitiúil CA agus Bord Iascach Intíre Éireann. Cuireadh an plean faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) i mí Dheireadh Fómhair 2021.



Treoirthionscadal Dhobharcheantar na Coiribe

Ba é cuspóir an tionscadail sin na léinseacha d'aibhneacha i ndobharcheantar Loch Coirib a shainaithint ina raibh an t-éileamh ba ghéire ar athshlánú gnáthóg. Bhí sé seo amhlaidh le cur ar chumas Iascach Intíre Éireann a chuid acmhainní a dhíriú ar na réimsí is tábhachtaí ó thaobh na ngnáthóg de agus ar dócha go mbeidh na torthaí is fabhraí acu maidir le stoc salmainidí agus feabhsú na bithéagsúlachta.

Sainaithníodh sa tionscadal 40 láithreán ina ndearnadh damáiste do ghnáthóga abhann. Rinneadh suirbhé ar na 40 láithreán sin ansin, agus tugadh tosaíocht dóibh de réir an láithreáin a d'fhéadfadh an luach is fearr a bhaint amach i dtéarmaí fheabhsú gnáthóige d'Iascach Intíre Éireann. Tugadh tús áite don ghá atá le hoibreacha feabhsaithe gnáthóg ag láithreáin aibhneacha bunaithe ar a fhad a d'imigh siad óna staid nádúrtha. Cuireadh oiliúint freisin ar fhoireann CA ó roinnt ceantar sa teicníc mheasúnaithe ionas go bhféadfaí suirbhéanna gnáthóige a dhéanamh ar raon leathan suíomhanna laistigh de fhráma ama a bheadh réasúnta gearr.

Mar thoradh ar aschur an tionscadail sin tugadh liosta tosaíochta de 31 láithreán ina ndéanfar oibreacha athchóirithe ar ghnáthóga abhann idir na blianta 2021 agus 2025. Thóg sé dhá bhliain chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche, agus bhí ionchur agus comhoibriú gníomhach ó bhaill foirne áitiúla, Taighde agus Forbairt agus páirtithe leasmhara bainteacha i gceist leis.

Mar bheart leantach ar Threoirthionscadal na Coiribe, ullmhaíodh pleananna forbartha do shuíomhanna Chluain Dá Thiompar, na Cille Rua, an tSlogaire agus Chnoc Rois. Soláthraíodh Maoirseoirí Tionscadail don Phróiseas Dearthóireachta (MTPD) ónár gcreat de shainchomhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh gach ceann de na tionscadail sin. Rinneadh na pleananna sin a scagadh do Mheasúnú Cuí (MC), agus ullmhaíodh Ráitis Tionchair Natura (RTN) le haghaidh shuíomhanna Chluain Dá Thiompar, an tSlogaire agus Chnoc Rois lenár gcreat de Shainchomhairleoirí Comhshaoil. I rith 2021, cuireadh i gcrích na hoibreacha ionsrutha le haghaidh thionscadail an tSlogaire, Chluain Dá Thiompar agus na Cille Rua. Thairis sin, soláthraíodh Sainchomhairleoirí Comhshaoil chun na measúnuithe cuí ba ghá a sholáthar le haghaidh na seacht dtionscadal ar an gCoirib a bhí beartaithe do 2022.

In 2021, leanamar ar aghaidh ag comhoibriú le grúpaí a bhfuil Meabhráin Chomhaontaithe (MC) bunaithe againn leo. I ndobharcheantar Loch Síleann, d'oibríomar le Cumann Caomhnaithe Breac Loch Síleann (LSTPA) chun oibreacha ionsrutha thar 2km a sholáthar i nDroim Eamhna. Thairis sin, i gcomhpháirt le LSTPA, shlánaíomar cistiú dar luach €185,000 ó Thionscnamh Bithéagsúlachta Feirme agus Pobail na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (PNE) chun tabhairt faoi oibreacha athchóirithe gnáthóige a dhéanamh (gnáthóga sceathraí agus iasclainne) i nDobharcheantar Loch Síleann.

In abhantrach Abhainn an Chláir, leanaimid ag obair le Cairde an Chláir. In 2021, rinneamar oibreacha athchóirithe gnáthóige a sholáthar ar an Slogaire agus ag Cluain Dá Thiompar. Fuaireamar na measúnuithe a bhí riachtanach do Thionscadail Abhainn an Chláir 2022 freisin. Is iad sin suíomhanna an tSúilín, Pholl an Phúca agus Omaine.

Athchóiriú gnáthóg abhann

In 2021, d'oibrigh OBT go dlúth lenár gcomhghleacaithe sna CAnna chun tionscadail athchóirithe gnáthóige a sholáthar. Is é is aidhm do na tionscadail sin gnáthóga abhann a bhfuil damáiste déanta dóibh de bharr gníomhaíochtaí daonna a athchóiriú. Soláthraíonn na gnáthóga athchóirithe sin timpeallachtaí sceathraí agus iasclainne níos fearr do shalmainidí. I measc na dtionscadal tá tionscadal Dhroim Eamhna i ndobharcheantar na hEithne agus tionscadail na Daoile, Abhainn Bhaile Throimléid agus Dhroichead Hartion i ndobharcheantar na Bóinne.

Chomh maith le cúnamh a thabhairt dár gcomhghleacaithe ar thionscadail, cuirimid ar chumas dóibh athchóiriú gnáthóg éisc trínár gcur chun cinn gníomhach agus cumarsáid ghníomhach maidir le dea-chleachtas agus rialachas comhshaoil.

In 2021, bhunaigh OBT fóram um athchóiriú gnáthóg abhann. Bunaíodh an fóram mar phobal cleachtais do bhaill foirne ó OBT, Taighde agus na CAInna, chun comhoibriú ar phleanáil agus cur i gcrích tionscadail athchóirithe gnáthóg abhann iomchuí. Tá sé mar aidhm ag an bhfóram teacht le chéile gach sé mhí agus cuairteanna láithreain a chuimsiú chun nuálaíocht a léiriú in athchóiriú gnáthóg. Tá súil againn go spreagfaidh sé sin plé ar dhea-chleachtas agus go gcomhroinnfidh gach páirtí na ceachtanna a foghlaimíodh.



Íomhá: *Sraonairí péireáilte ar an Daoil*



Measúnacht Chuí (MC)

Agus leas á bhaint as ár saineolas féin, agus as ár gcreat Sainchomhairleoirí Comhshaoil, bhíomar in ann cabhrú lenár gcomhghleacaithe sna CAnna agus i mBainistíocht Bradáin chun scagadh a dhéanamh ar Mheasúnú Cuí (MC) agus Ráitis Tionchair Natura (RTN). Bhí scála na ngníomhaíochtaí a ndearnadh measúnú orthu sa raon idir na rialacháin náisiúnta um chlibeáil bradán, agus athphlandáil na cuile Bealtaine ó Loch Síleann go Loch Carra. In 2021, thugamar cúnamh do 24 scagadh MC agus 14 Ráiteas Tionchair Natura.

Atreoraíodh gach ceann de na measúnuithe sin chuig an Measúnóir Comhshaoil seachtrach a rinne athbhreithniú orthu agus a thug sain-aiseolas don údar, lena chinntiú go bhféadfadh lascach Intíre Éireann a bheith sásta go raibh an measúnú leordhóthanach.

I rith 2021, d'fhorbair OBT prótacal don chaoi a gcomhroinneann lascach Intíre Éireann a chinntí leis an bpobal, maidir le Measúnú Cuí (MC).

In 2021, leanamar ag baint úsáide as ár gCreataí chun bearnaí scileanna a líonadh i soláthar tionscadal caomhnaithe gnáthóg. Áirítear ar na creataí sin Speisialtóirí Comhshaoil, Innealtóirí, Speisialtóirí Dearaidh Ríomhchuidithe agus Speisialtóirí Sláinte agus Sábháilteachta. Is féidir glaoch ar na Creataí sin ar gearrfhógra chun seirbhísí a sholáthar.

An Clár Náisiúnta um Ghnáthóga agus Caomhnú

I rith 2021, lean OBT ag obair leis na CAInna chun tuairisciú ar an obair atá á déanamh ar an gClár Náisiúnta um Ghnáthóga agus Caomhnú. Áiríonn ar an gclár seo gach obair chaomhnaithe gnáthóg a dhéanann lascach Intíre Éireann ar fud na tíre. In 2021, chuaigh OBT i gcomhairle go tráthrialta le baill foirne CA chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal éagsúil de réir mar a cuireadh i gcrích iad. Tríd an bpróiseas sin bhí OBT in ann eispéiris agus samplaí dea-chleachtais ó áiteanna eile sa tír a chomhroinnt agus na hionaid a shainaithint ina bhféadfadh Creataí nó saineolaithe teicniúla cabhrú le tionscadail a chur i gcrích. Chabhraigh sé freisin le éifeachtúlachtaí soláthair a shainaithint ina raibh gá le hábhair chomhchosúla i CAnna difriúla. I rith 2021, rinne lascach Intíre Éireann obair ghnáthóg agus chaomhnaithe leis na haschuir shuntasacha seo a leanas, as ar tháinig feabhas ar ghnáthóga sceathraí agus iasclainne do shalmainidí:

Príomhéachtaí

45 Tuarascálacha Comhshaoil

34 km Cothabháil ionsrutha

21 km Athshlánú ionsrutha

33 Pleananna dearaidh

60 km Gnáthóg sceite oscailte

Chuidigh na haschuir sin freisin le feabhas a chur ar ghnáthóga agus ar cháilíocht uisce araon, chomh maith le cur le hiarracht na hÉireann ar an bplean bithéagsúlachta náisiúnta agus athléimneacht aeráide a chur isteach inár gcórais aibhneacha.



Íomhánna: *Réamhoibreacha Dhroichead Brook Lodge (ar barr) agus droichead á thógáil (ar bun)*



Mar chuid den Chlár um Ghnáthóga agus um Chaomhnú, d'oibrigh foireann CAO ar Scéim um Maolú Tuilte ar an Dothra, ar an gClár um Chosaint Iascaigh agus Athshlánú Gnáthóg le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) (agus le saineolaithe tríú páirtí) i rith chuid mhór de 2021, sa chuid d'Abhainn na Dothra idir Droichead na Dothra agus Cora Rae na mBéabhar. I measc na n-oibreacha bhí socrúchán barraí scarbháin púróige trasna na habhann, sraonairí suas agus síos an abhainn ó Dhroichead Óstán Pháirc Hoirbeaird, agus oibreacha cosanta sciúrtha feadh an bhóthair tarlaithe. D'fhonn cosaint líonta éisc a chinntiú ar fud an tionscadail, thug conraitheoirí tuairisc ar mhonatóireacht cháilíocht an uisce gach 15 nóiméad le linn na n-oibreacha; i measc na bparaiméadar bhí teocht, pH, ocsaigin thuaslagtha, moirtiúlacht agus seoltacht.

Tá foireann CAOD ag obair go dlúth le Comhairle Contae Cheatharlach ar thionscadal na comhairle chun bacainn mhór a bhaint ag Droichead Brook Lodge ar Abhainn an tSléibhe sa Bhuiríos, Co. Cheatharlach. Bhí baint ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) leis freisin mar gheall ar láithreacht na ndiúilicíní péarla. Thug IIÉ €20,000 mar chistí comhfhreagracha, rud a chinntigh gur baineadh an seandroichead a bhí ann cheana féin agus gur cuireadh déanmhas glanréise ina áit. Feabhsóidh sé sin rochtain do bhradáin agus bric go timpeall 40km de ghnáthóg sceite agus iasclainne in aghaidh an tsrutha.

Baineann sé leis an


BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Foinsiú cistiúcháin le haghaidh athchóiriú gnáthóg

In 2021, de bharr pleananna agus measúnuithe a rinneadh ar thionscadail athchóirithe gnáthóige a forbraíodh lenár gcomhghleacaithe i CA na Sionainne, chuireamar isteach ar mhaoiniú ón tionscnamh Bithéagsúlachta Feirme agus Pobail de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. D'éirigh linn lenár n-iarratas agus bronnadh €185,000 orainn chun oibreacha a dhéanamh lena gcuirfí cosc ar ionradh eallaigh ar ghnáthóga sceite agus iasclainne tábhachtacha i ndobharcheantar Loch Síleann.

Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal

In 2021, fuarthas 20 iarratas ar chistiú ó Chiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (CACCBBC) dar luach iomlán €939,000. Rinne painéal meastóireachta athbhreithniú orthu sin, agus moladh cistiú dar luach €766,566 san iomlán a bhronnadh ar 17 de na tionscadail. Ba mhéadú suntasach é sin ar an gcistiú a bronnadh, mar an bhliain roimhe sin bhí 10 n-iarratas ar mhaoiniú ann, dar luach iomlán €150,000.



I rith 2021, chuaigh OBT i dteagmháil le deontaithe agus d'íoc sé €263,837 as ceithre thionscadal SSTRCPF a thabhairt chun críche.

Ciste Iascaigh Lár na Tíre

In 2021, fuair Ciste Iascaigh Lár na Tíre (CALT) trí iarratas ar chistiú dar luach iomlán €41,278. Rinne painéal meastóireachta athbhreithniú orthu sin, agus moladh go mbronnfaí an cistiú arna iarraidh ar na trí thionscadal.

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile

In 2021, leanamar ag bualadh le hOifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn míosúil chun pleanáil a dhéanamh do thionscadail athchóirithe gnáthóg ar chainéil dhraenáilte. Déantar na hoibreacha seo a sholáthar i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, a sholáthraíonn gléasra agus saothar de ghnáth chun na tionscadail a sholáthar. Ullmhaíonn Iascach Intíre Éireann na pleananna forbartha, déanann sé na Measúnuithe Cuí (MC), soláthraíonn sé na hábhair agus maoirsíonn sé na hoibreacha ar an láithreán.

Tar éis damáiste a dhéanamh do chlaiseanna sceathraí le gníomhaíochtaí cothabhála draenála sa séasúr iata, shainaithin foireann IIÉ agus Oifig na nOibreacha Poiblí cainéil dhraenáilte áirithe i ndobharcheantar na Muaidhe a bhí in ann iad féin a chothabháil a bheag nó a mhór agus nár ghá iad a chothabháil gach cúig bliana. Thug sé sin deis don OOP acmhainní a dhíriú ina ionad sin ar na bealaí ina raibh cothabháil de dhíth.

Idirghníomhaíonn foireann OBT, Taighde agus CA le foireann ón SPNF agus Coillte ar bhonn tráthrialta freisin. Chuir OBT comhairle ar Choillte maidir leis na tairbhí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hathchruthú an fhiántais ar roinnt suíomhanna foraoise do ghnáthóga éisc.

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Comhar le páirtithe leasmhara eile

In 2021, leanamar orainn ag cabhrú leis an Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO) le riar a gciste um Bliain Idirnáisiúnta Oideachais agus For-Rochtana Bradáin.



Íomhá: *Stadán ó cheann de na tionscadail físeáin arna gcistiú ag NASCO*

Baineann sé leis an

NUÁLAÍOCHT

Ár mbonneagar slatiascaireachta a nuachóiriú

In 2021, lean IIÉ air ag bainistiú an stoic reatha bonneagair slatiascaireachta. Rinneadh iniúchadh ar níos mó ná 2,700 sócmhainn slatiascaireachta ó thaobh sábháilteachta agus cothabhála de lena chinntiú nach raibh slatiascairí áineasa i mbaol díobhála. Is féidir achoimre a dhéanamh ar an obair a rinneadh ar shócmhainní slatiascaireachta mar seo a leanas:

Tábla 3.1: *obair déanta ar shócmhainní slatiascaireachta*

Sócmhainní slatiascaireachta	Déanmhais nua	Déanmhais dheisithe	Déanmhais athsholáthartha
Suíomhanna rochtana	19	42	181
Seastáin slatiascaireachta	21	262	101
Droichid coisithe	10	52	74
Spásanna carrchlóis	7		
Rianta feabhsaithe	2km		

Rinneadh cothabháil ar shócmhainní slatiascaireachta trí úsáid a bhaint as acmhainní IIÉ, chomh maith le cistiú arna dheonú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA). Rinneadh iarratas eile ar chistiú chuig SBÁA chun bonneagar slatiascaireachta a chothabháil in 2022. D'éirigh leis an iarratas agus bronnadh deontas dar luach €491,317.

Tá sampla de na tionscadail ar tugadh fúthu le feiceáil ar oibreacha a rinneadh ar an gclárchosán atá ann cheana agus ar an bhfeistiú ag Droichead Fhiodh an Átha ar Abhainn na hEithne. Bhí droch-bhail tar éis teacht air, agus measadh go raibh sé neamhshábháilte mar gheall ar an méadú a bhí le teacht ar úsáid an tséasúir. Rinneadh deisiúcháin chun é a dhéanamh sábháilte le húsáid.





Íomhánna: *Baineadh an seanadhmad ar Dhroichead Fhiodh an Átha (ar chlé) agus cuireadh adhmad ilchodach sa stíl chomhchosúil (ar dheis) ina áit.*

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Tacú le hiascaigh eile (nach le IIÉ iad)

Anuas ar an gcistiú a cuireadh ar fáil tríd an SSTRCPF chun gnáthóga iascaigh a fhorbairt agus a athchóiriú, íocadh os cionn €148,000 le hocht dtionscadal ar bronnadh deontas orthu in 2021. San áireamh sa liosta tionscadal críochnaithe bhí an Mol Slatiascaireachta do Chách ar Loch Rí.



Íomhá: *Bád Slatiascaireachta do Chách Loch Rí atá oiriúnach do chathaoir rothaí (le caoinchead ón gCrannchur Náisiúnta)*

Baineann sé leis an

IASC

Bainistíocht bradáin agus bric ghil

In 2021 sholáthair IIÉ na nithe seo a leanas:

Príomhéachtaí in 2021:

Bhí **83** abhainn ar oscailt le haghaidh **iascaireacht bradáin agus bric ghil**

Bhí **49** n-abhainn ar oscailt le haghaidh **mharú na hiascaireachta bradáin agus bric ghil**

Bhí **34** abhainn ar oscailt le haghaidh **slatiascaireacht 'ghabháil agus scaoileadh amháin'**

Díoladh 15,547 gceadúnas slatiascaireachta in 2021

54% **de na logleabhair arna dtuairisciú** ag slatiascairí a cheannaigh ceadúnais in 2021

24,668 **mbradán gafa** ag slatiascairí

6,480 **bradán gafa ag iascairí tráchtála**

11,900 **marú bradáin** ag slatiascairí

12,768 **mbradán scaoilte** ag slatiascairí

Scéim Chlibeála Bradán agus Breac Geal

In 2021, bunaithe ar chomhairle eolaíochta, mhol bainistíocht Iascach Intíre Éireann go n-osclófaí 83 abhainn san iomlán le haghaidh iascaireacht bradáin agus bric ghil (le haghaidh breac geal os cionn 40cm). Bhí naoi n-abhainn is daichead oscailte, le haghaidh mharú an bharrachais, agus bhí 34 abhainn oscailte le haghaidh na slatiascaireachta gabhála agus scaoilte amháin.

Bhí córas clibeanna geolbhaigh donna i bhfeidhm in aibhneacha roghnaithe chun a chinntiú nach sárófaí cuótaí abhainnbhunaithe slatiascaireachta bradáin. Dúnadh ceithre abhainn is seasca, toisc gur theip orthu na tairseacha a theastaíonn chun aibhneacha a oscailt le haghaidh shlatiascaireacht bradáin agus bric ghil a chomhlíonadh. Ba le hIonstraim Reachtúil agus Fodhlíthe na Slatiascaireachta (I.R. Uimh. 667/2020, Fodhlíthe Uimh. 982,984,985 agus 986 de 2020, C.S. 331 de 2020) a cinntíodh freisin gur tugadh cosaint bhreise do stoic bhradán agus bhreac geal in iascaigh dhúnta agus gabhála agus scaoilte áirithe.

Gabháil bradán

Léiríonn Staitisticí Bradán Fiáin agus Breac Geal 2021 gurbh é líon iomlán na mbradán a gabhadh le gach modh (lena n-áirítear gabháil agus scaoileadh) 31,148 mbradán agus 1,595 bhreac geal faoi seach. Is ionann é sin agus méadú 11.9% ar an ngabháil iomlán bradán a taifeadadh in 2020 (27,829) agus méadú 14.4% ar an ngabháil iomlán breac geal a taifeadadh in 2020 (1,394).

Ba í gabháil tráchtála 2021 6,480 bradán agus 57 mbreac geal (os cionn 40cm) arb ionann é agus 93% den Ghabháil Iomlán Incheadaithe (GII) de 7,037 n-iasc a leithdháileadh ar an earnáil iascaireachta tráchtála.

Ba i gCiarraí agus i gCorcaigh a tugadh an líon ba mhó bradán tráchtála i dtír in 2021. Bhí 2,130 bradán (33%) sa Leamhain, bhí 1,755 bhradán san Abhainn Mhór (27% den ghabháil tráchtála), bhí 672 bhradán ag Loch na dTrí gCaol (10% den ghabháil tráchtála) agus bhí 539 mbradán ag an Lithe (8% den ghabháil tráchtála).

B'ionann an ghabháil slatiascaireachta in 2021 (iasc a gabhadh le slat agus dorú) agus 24,668 mbradán agus 1,595 bhreac geal. As na 24,668 mbradán a ghabh slatiascairí, maraíodh 11,900 díobh agus scaoileadh saor 12,768 díobh ina dhiaidh sin. Ghlac iascairí tráchtála 21% den ghabháil in 2021, i gcomparáid le 22% thiar in 2020. Ghlac slatiascairí áineasa 79 % in 2021 i gcomparáid le 78% thiar in 2020.



Is féidir an Tuarascáil Staitisticí Bradán Fiáin agus Breac Geal (2001-2020) is déanaí a íoslódáil anseo

Tábla 3.2: *Sonraí maidir le gabháil bradán 2021 ar gach modh i gcomparáid le figiúirí 2020*

Gabháil bradán	2020	2020
Slatiascaireacht agus iascaireacht tráchtála		
Gabháil iomlán bradán slatiascaireachta agus tráchtála	31,148	27,829
Tráchtáil		
Sonraí iomlána gabhála bradán tráchtála	6,480	6,179
Slatiascaireacht		
Marú bradán iomlán	11,900	10,562
Iomlán na mbradán a gabhadh agus a scaoileadh	12,768	11,088
Gabháil iomlán bradán slatiascaireachta	**24,668**	**21,650**



Díolacháin ceadúnas agus tuairisceáin logleabhar

Díoladh 15,547 gceadúnas slaite bradán le slatiascairí ó 32 thír éagsúil in 2021, arbh ionann é sin agus méadú 10% ar dhíolacháin i gcomparáid le 2020. Rinneadh formhór na ndíolachán ceadúnais (82%) le cónaitheoirí in Éirinn, agus 10% le Tuaisceart Éireann. Rinneadh 3.5% breise de dhíolacháin cheadúnais slatiascaireachta le cónaitheoirí na Ríochta Aontaithe, agus tháinig líon suntasach slatiascairí ón bhFrainc (1.5%) agus ón nGearmáin (1%) freisin.

Thuairiscigh slatiascairí 8,462 logleabhar in 2021, le ráta náisiúnta tuairisceáin 54.4% síos ó 56.4% ar thuairisceáin logleabhar thiar in 2020.

Léirítear i dTábla 3.3 na staitisticí achoimre maidir le líon iomlán na ndíolachán ar cheadúnais slaite ó 2001-2021 agus líon agus céatadán na logleabhar a thuairiscigh slatiascairí bradáin.

Tábla 3.3: *Díolachán ceadúnais slatiascaireachta bradáin agus bric ghil agus tuairisceáin logleabhar 2011-2021*

Bliain	Díolacháin ceadúnas	Tuairisceáin logleabhar	Toradh %
2011	19,899	14,414	72%
2012	19,588	14,597	75%
2013	19,109	14,035	73.5%
2014	18,085	12,880	71%
2015	18,460	13,010	70.5%
2016	18,303	12,562	68.6%
2017	18,212	9,923	54.5%
2018	16,755	9,557	57%
2019	17,281	9,979	57.7%
2020	14,138	7,969	56.4%
2021	15,547	8,462	54.4%

Comhairliúchán poiblí

Tugadh an Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal isteach den chéad uair tá scór bliain ó shin, agus is amhlaidh ó shin i leith atá athrú ó bhonn i dtreo an cheannaigh agus an díola ar líne tar éis tarlú in Éirinn, agus go leor dul chun cinn teicneolaíochta ar na bacáin. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, d'oscail IIÉ próiseas comhairliúcháin poiblí inar tugadh deis don phobal, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu leis an earnáil slatiascaireachta, a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an mbainistíocht ar an gcaoi a n-eiseofar agus a ndáilfear ceadúnais, clibeanna agus logleabhair amach anseo. Tháinig tréimhse an chomhairliúcháin i gcrích an 1 Nollaig.

Fodhlíthe agus ionstraimí speisialta

Leasaíodh na Rialacháin um Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal, I.R. Uimh. 585 de 2018, le I.R. Uimh. 667 de 2020, agus soláthraíonn sé na cuótaí éisc is féidir a mharú trí shlatiascaireacht agus trí iascaireacht tráchtála ó na haibhneacha úd arna sainaithint sna rialacháin. Áirítear leis sin úsáid clibeanna gorma agus donna in aibhneacha sonraithe, rud a shainaithnítear sna rialacháin.

Ba iad na príomh-fhodhlíthe a tugadh isteach do shéasúr 2021 stoic bhradán agus bhreac geal a chaomhnú. Socraíodh fodhlíthe i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon chun teorainneacha mála a éascú don tslatiascaireacht bradáin agus bric ghil (Fodhlí Uimh. 983 de 2020), oscailt iascaigh ar bhonn gabhála agus scaoilte amháin (Fodhlíthe Uimh. 984, 985 agus 986 de 2020), agus dúnadh iascach áirithe i gcás inar measadh go raibh gá le cosaint bhreise do stoic bradán agus breac geal (Fodhlí Uimh. 331 de 2020).

Leagadh srianta breise i bhfeidhm maidir le gach modh slatiascaireachta ar iascaigh áirithe dhúnta agus gabhála agus scaoilte lena dtoirmisctear úsáid a bhaint as aon duán éisc, seachas duáin aondeilgneacha loma, agus péisteanna a úsáid mar bhaoite le linn slatiascaireachta nuair a measadh go raibh gá le bearta cosanta breise a thabhairt do stoic bradán agus breac geal (Fodhlí Slatiascaireachta Uimh. 982 de 2020).

Leagadh amach i bhFodhlí Uimh. 988 de 2021 iascaireacht tráchtála do bhradáin agus bhric gheala, ina sonraítear na haibhneacha inar ceadaíodh iascaireacht tráchtála mar aon leis an séasúr oscailte agus dúnta. Leagadh amach san Ordú chun Iascaireacht Bradáin a Rialú (I.R. Uimh. 102 de 2021) an t-údarú do cheadúnais iascaireachta tráchtála agus an t-uaslíon ceadúnas tráchtála a fhéadfar a eisiúint.

Baineann sé leis an
GEALL-SEALBHÓIRÍ

Oideachas agus For-rochtain

Soláthraíonn Iascach Intíre Éireann clár bliantúil Oideachais agus For-rochtana, a ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm air in 2021. Ba iad foireann na gComhordaitheoirí Oideachais agus For-rochtana den chuid is mó, a bhí ag obair ar chláir arna maoiniú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin (CCD) a thug faoi ghníomhaíochtaí Oideachais agus For-rochtana laistigh d'Iascach Intíre Éireann don bhliain 2021. Thacaigh foireann rannáin CA agus Foireann Oideachais agus For-rochtana IIÉ leis na comhordaitheoirí i rith na bliana.

Dá lia na bagairtí ón athrú aeráide, is é is lia gá le gníomhaíocht phráinneach chun aghaidh a thabhairt orthu. Is cuid de ghníomhaíochtaí Oideachais agus For-rochtana iad feasacht a mhúscailt ar ghníomhú ar son na haeráide, oiriúnú agus maolú uirthi chun maoirseacht chuí a chinntiú ar ár n-iascaigh lómhara intíre agus ár n-acmhainní slatiascaireachta mara.

Príomhéachtaí in 2021:

Ghlac 1,051 duine páirt i gcláir 'Go Fishing' le linn 2021; reáchtáladh Seachtain Bímis ag Iascach fhíorúil ar líne go heisiach ag deireadh mhí Aibreáin agus **chláraigh 645 dhuine den phobal do sheimineáir ghréasáin**

Cuireadh an clár '**Slatiascaireacht na hIdirbhliana a Chothú**' chun feidhme i dtrí scoil



Foilsíodh 'Getting hooked – A Fishing Handbook' le Gasóga Éireann

Ghlac 12 bhean páirt i gceardlanna agus chuir siad tús lena n-aistear chun bheith ina gcóitseálaithe slatiascaireachta

Bhí **os cionn 100 iontráil** againn don chomórtas filíochta acrastaí náisiúnta '*Something Fishy*' do bhunscoileanna

D'fhorbraíomar **cluiche nua do shlatiascairí** le 'Ná Fág Lorg' in Éirinn chun feasacht a mhúscailt ar bhruscar a ghineann slatiascairí agus ar a fhad a thógann sé le hathchúrsáil.

In 2021, d'fheidhmigh IIÉ an tríú bliain agus an bhliain dheireanach de bhearta arna maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin (CCD) ina dtugtar aghaidh ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch, sóisialta nó oideachasúil, nó a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas.

Ba é Go Fishing an t-aon bheart a soláthraíodh in 2021.



Íomhánna: *Iascaireacht ché i nDún na nGall a ullmhú (Ar Barr) agus Baoite talún ag Loch Uí Ghadhra (Ar Bhun)*



Baineann sé leis an

IASC

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Go Fishing

Bhí seisear Comhordaitheoirí Oideachais agus For-rochtana i gceist leis an mbeart *Go Fishing*, a bhí bunaithe go réigiúnach chun cláir iascaireachta shaincheaptha a mhealladh agus a sholáthar do na spriocghrúpaí DAF. Bhí *Go Fishing* dírithe ar aon duine ar mhian leo páirt a ghlacadh, ach dhírigh sé go háirithe ar dhéagóirí agus ar dhaoine atá ar an imeall. Is minic nach ndearna na rannpháirtithe iascaireacht riamh roimhe sin, nó go raibh siad ag filleadh tar éis éirí as le tamall fada. Cuireadh an clár in oiriúint do riachtanais agus cumais gach grúpa, agus bhí sé ar siúl ó mhí na Bealtaine nuair a tháinig deireadh le srianta COVID-19, anuas go dtí lár mhí na Nollag. Chlúdaigh na seisiúin maoirseacht ar an gcomhshaol agus tá sé beartaithe againn na hacmhainní a chur ar fáil don phobal mar thionscadal oidhreachta.

Lean IIÉ de bheith ag tairiscint dhá chineál clár, trí mheascán de rannpháirtíocht ar líne agus suíomhanna praiticiúla lasmuigh de chineál seomra ranga: tá an clár *'Try Fishing'* ann do dhaoine nár bhain triail as iascaireacht riamh roimhe seo agus tá an clár *'Go Fishing'* ann do dhaoine atá ag




More women should give fishing a go!

One Cork woman shares her love of fishing with EMMA CONNOLLY





iascaireacht cheana féin, agus a thairbheoidh de chlár níos doimhne.

Ghlac go leor daoine fásta páirt inár seisiúin, lena n-áirítear baill de *Acquired Brain Injury Ireland, Rehab Care* agus grúpaí míchumais trí chomhpháirtíochtaí spórt áitiúla.


Tá rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i spórt na slatiascaireachta ar aon dul le beartas an Rialtais. Reáchtáladh dhá chlár rathúla i ndáil le mná sa spórt in 2021. Ar an gcéad dul síos, chuaigh Comhpháirtíocht Spórt an Chabháin i gcomhar le IIÉ chun clár cheithre seachtaine a reáchtáil do shlatiascairí ban nua. Ar an dara dul síos, tháinig grúpa slatiascairí ban ag a raibh taithí le chéile ar líne chun muinín a chothú as a bheith ina gcóitseálaithe. Tá roinnt de na mná sin tar éis dul ar aghaidh chun bheith ina gcóitseálaithe slatiascaireachta lena gcomhlacht rialaithe slatiascaireachta náisiúnta ábhartha.

Íomhánna: *Seisiúin Go Fishing le déagóirí agus daoine fásta. Fógra don Go Fishing do mhná agus sampla de spéis na meán in iascaireacht ban ó cheann de na comórtais le linn Seachtain Go Fishing.*

Treoir maidir le slatiascaireacht do thosaitheoirí

Is treoir do thosaitheoirí ar iascaireacht é 'Getting Hooked' a d'fhorbair IIÉ i gcomhpháirt le Gasóga Éireann.

Ba iad an chéad ghrúpa a ghlac páirt inti an 31ú Gasóga Lios Ardachaidh ó Chorcaigh a thaistil go hÁth an Chóiste chun iascaireacht a dhéanamh in Inis Cara, agus a ghlac páirt freisin i bhfeachtas meán chun an Lámhleabhar Getting Hooked a sheoladh in 2021.



Lean na cúrsaí *Go Fishing* ar líne, a bhí ina ngnéithe móra thiar in 2020, anuas go dtí mí na Bealtaine 2021. Ó mhí na Bealtaine ar aghaidh, chuaigh na cúrsaí seo lasmuigh go príomha. Cuireadh na seisiúin in oiriúint go héasca do mhúnlaí lasmuigh den seomra ranga.

Ghlac roinnt scoláirí idirbhliana i scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) páirt i gcláir i rith mhí na Bealtaine agus mhí Mheán Fómhair 2021, toisc go raibh siad laistigh d'achar siúlóide ó na hionaid. Le linn na n-imeachtaí go léir, bhí prótacail dhiana maidir le COVID-19 i bhfeidhm agus rinneadh gach réamhchúram chun gach trealamh slatiascaireachta agus sábháilteachta a dhíghalrú, trí úsáid a bhaint as díghalrán dromchla



Íomhánna: *Seomra ranga lasmuigh: ag caitheamh ar an bhféar (ar barr) agus scoláirí na hidirbhliana ag Oaklands (ar bun)*



víricídeach deimhnithe. Lean IIÉ prótacail 'Filleadh ar an Spórt' de chuid Spórt Éireann.

Ó 2019 i leith, ba leis an gcistiú faoin mbeart Go Fishing a ceadaíodh d'fhormhéadú ar Thionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (TSBÁC) chun clár bliana a thairiscint do spriocghrúpaí. Chomh maith leis an bhfoireann, bhí príomhlíonra cóitseálaithe agus oibrithe deonacha ann a chuidigh le reáchtáil na gclár iascaireachta sin. Bhí sé sin bunúsach dá rath. Tá cuid de na grúpaí tar éis éirí neamhthuilleamaíoch freisin tar éis dóibh cistiú a fháil tríd an deontas 'Slatiascaireacht do Chách' in 2020.



Íomhánna: *Póstaer chun Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (TSBÁC) (Ar Barr) agus saoráid slatiascaireachta faoi mhíchumas a sheoladh ag Eachroim, Co. Chill Mhantáin*







Íomhánna: *Socrú tipiciúil ag seisiúin Go Fishing*

Cuireadh an ‘Clár Cothaithe’ nua, atá dírithe ar scoláirí idirbhliana a bhfuil riachtanais bhreise acu, i bhfeidhm i dtrí scoil phíolótacha i mí Mheán Fómhair 2021.





Íomhánna: *Póstaer oideachasúil an Chláir Cothaithe (ar barr) agus leanaí scoile cláraithe i dtreoirthionscadal an Chláir Cothaithe (ar bun)*

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Slatiascaireacht do Chách

Thosaigh formhór na ngrúpaí a fuair cistiú in 2020 ó na deontais ‘Slatiascaireacht do Chách’ ag ullmhú agus ag reáchtáil imeachtaí i dtreo dheireadh 2021, i gcomhréir le bearta sláinte poiblí COVID-19. Bhí pleananna i bhfeidhm ag grúpaí eile lena n-imscaradh in 2022.

Cistíodh grúpa amháin go háirithe, Rochtain do Chách ar Loch Rí, chun slata a bhí oiriúnaithe go speisialta a cheannach do shlatiascairí faoi mhíchumas. Bhí ról suntasach ag an ngrúpa i bhfeachtas náisiúnta fógraíochta teilifíse in 2021, arna chistiú ag an gCrannchur Náisiúnta, rud a spreag spéis athnuaite sa tslatiascaireacht laistigh de ghrúpaí míchumais.

Chuir Iascach Intíre Éireann deireadh lena chláir chistithe Cuntas Díomhaoin ag deireadh 2021. Leanann oidhreacht Go Fishing agus Slatiascaireachta do Chách tríd na 33 ghrúpa/chumann slatiascaireachta ar bronnadh cistiú orthu ag deireadh 2020. Cinntíodh leis na dámhachtainí sin tionchar ar an talamh, rud a cheadaigh, agus a cheadaíonn fós do spriocghrúpaí rochtain a fháil ar shlatiascaireacht trí eagraíochtaí slatiascaireachta agus grúpaí pobail agus deonacha. Leanann na grúpaí sin orthu ag dul i ngleic agus ag méadú ar líon na slatiascairí sna hearnálacha faoi mhíbhuntáiste, trí threalamh cuimsitheach a bheith ar fáil agus rochtain shábháilte ar shlatiascaireacht do chách. Tá oidhreacht bhreise ann trí na pleananna ceachta éagsúla, físeáin, foilseacháin, cluichí agus go leor eile a bheith ar fáil, a forbraíodh mar chuid den chlár.

Is sampla eile é Comharchumann Pobail an Chrainn Mhóir i Sligeach de ghrúpa a bhí páirteach i lá ‘Try Fishing’. Reáchtáladh é sin ar na lamairní snámhacha nua-shuiteáilte, arna gcistiú trí scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta (NSAD) ar Abhainn na Garbhóige.

Thug TSBÁC cúnamh do Thionscadal Shráid Shéamais sna Saoirsí istigh i mBaile Átha Cliath le roinnt blianta anuas. Tá an tionscadal neamhthuilleamaíoch anois, tar éis cistiú Slatiascaireachta do Chách a fháil ón IIÉ in 2020 chun trealamh iascaireachta a cheannach (lena n-áirítear: slata, éadaí agus TCP). Gach bliain, cuireann an tionscadal seo sraith nua de scoláirí idirbhliana ó Scoil na mBráithre Críostaí i Sráid Shéamais i láthair chuig saol na slatiascaireachta agus an chomhshaoil.






Íomhánna: *Slatiascaireacht ar bhád Rochtain do Chách ar Loch Rí (ar chlé) agus turas iascaireachta ag Sligeach (ar dheis)*

Something Fishy

Is é '*Something Fishy*' an príomhchlár oideachais laistigh de IIÉ. Tá sé dírithe ar ranganna a cúig agus a sé, ag obair trí chomhpháirtíocht bhunaithe le hIonaid Oideachais áitiúla. Chláraigh céad agus ceithre bhunscoil leis an gclár ar dtús, ach mar gheall ar shrianta sláinte poiblí de bharr COVID-19, níorbh fhéidir cuairteanna ranga nó turais allamuigh a dhéanamh in 2021.

I mí Feabhra, i gcomhar le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe, sheol IIÉ an comórtas filíochta Something Fishy do bhunscoileanna, comórtas ar éirigh thar barr leis. Tugadh a ndúshlán do scoláirí bunscoile timpeall na tíre chun dán acrostach a chumadh ina litrítear an focal 'Sruthán' leis an gcéad litir de gach líne. Cuireadh fáilte freisin roimh scoláirí cur isteach ar an gcomórtas as Béarla, agus an focal 'Stream' á litriú acu.


Fíor: *Dáileadh na scoileanna don chlár Something Fishy 2019/2020*



Cúram Dobharcheantair (CatchmentCARE)

Is tionscadal arna chistiú ag an Aontais Eorpach é Cúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) a bhfuil sé mar aidhm aige cáilíocht fionnuisce a fheabhsú laistigh d'abhantracha idirnáisiúnta an iarthuaiscirt agus Loch nEathach-Na Banna. Tá an tionscadal dírithe ar thrí dhobharcheantar trasteorann: An Arna, An Abhainn Mhór agus An Fhinn. Tá IIÉ ar cheann de na comhpháirtithe a ghlacann páirt i ngné oideachasúil an tionscadail.

Tá tionscadal eile, '*Finn Through the Lens*', mar chuid den Scéim Dreasachta Pobail (SDP) do Chúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) freisin. Cothaíonn sé plé agus tuiscint ar ról na habhann i dtimpeallacht an phobail áitiúil. Tugadh cuireadh do sheacht scoil déag laistigh de dhobharcheantar na Finne a bheith páirteach i gceardlanna físe ar líne, agus chuir IIÉ ceardlann ar fáil ag féachaint ar thíreolaíocht na Finne agus ar an mbitheagsúlacht atá le fáil inti, uirthi agus timpeall uirthi.



Íomhá: *Cur i láthair ar líne*

Forbraíodh cluiche nua in 2021 (bunaithe ar an gceann a bhí ann cheana féin ó Ná Fág Lorg (www.leavenotraceireland.org) chun feasacht a mhúscailt ar a fhad a thógann sé do bhruscar slatiascaireachta a dhianscaoileadh, a mheathlú nó a athchúrsáil.

Críochnaíodh dhá fhoilseachán i gcomhpháirt le Ná Fág Lorg. Ar an gcéad dul síos, treoirleabhar slatiascaireachta freagrach; agus ar an dara dul síos, seicliosta áisiúil chun an pobal slatiascaireachta a spreagadh chun seacht bprionsabal Gan Lorg a Fhágáil a leanúint.



Íomhá: *Scannánú le Cúram Dobharcheantai*

Íoslódáil do liosta seiceála áisiúil anseo



Seachtain *Go Fishing*

Reáchtáladh Seachtain *Go Fishing* ar líne an-rathúil ón Domhnach 25 Aibreán go dtí Dé Luain 3 Bealtaine 2021 . Ba iad príomhaidhmeanna na seachtaine:

- Daoine a chur i mbun iascaireachta agus í a dhéanamh níos inrochtana do chách
- Ceangal a dhéanamh le slatiascairí, cumainn agus an pobal i gcoitinne chun gach cineál iascaireachta a chur chun cinn
- Feasacht a mhúscailt ar phríomhcheisteanna agus ar fhaisnéis trí théamaí laethúla difriúla i rith na seachtaine.


Téamaí Bígí ag Iascach


Scrúdaíodh naoi dtéama agus reáchtáladh imeachtaí éagsúla i rith na seachtaine chun tacú leo sin:

1. **Inrochtaineacht:** an tslatiascaireacht a dhéanamh inrochtana do chách
2. **Gnáthóga:** gnáthóga íogaire, bithshlándáil agus cosaint ó speicis ionracha
3. **Folláine:** buntáistí sláinte a bhaineann leis an tslatiascaireacht mar chaitheamh aimsire
4. **Sábháilteacht:** do shlatiascairí ar uisce agus in aice leis
5. **Cultúr:** tábhacht chultúrtha ár n-uiscí agus ár n-iasc
6. **Speicis éisc atá neamhchoitianta agus faoi bhagairt:** feasacht níos mó a mhúscailt i leith na speiceas sin
7. **An t-athrú aeráide agus cailleadh na bithéagsúlachta:** iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ar iascaigh
8. **Inbhuanaitheacht sa tslatiascaireacht:** gabháil, glacadh grianghraf, scaoileadh, Fág gan Rian, athchúrsáil duán
9. **Bígí ag iascach do shlatiascairí úrnua:** páirt a ghlacadh ann agus an chéad ghlúin eile

I rith na seachtaine, eagraíodh clár mór de sheimineáir ghréasáin, ar chláraigh 645 bhall den phobal dóibh. Tá gach seimineár gréasáin ar fáil ar chainéal YouTube Iascach Intíre Éireann (www.youtube.com/c/InlandFisheriesIreland) le rochtain a fháil ó cheann ceann na bliana.


Chruthaigh foireann IFI daichead físeán faoi na ceannteidil seo a leanas:



An fáth a bhfuil dúil ag daoine san iascaireacht


Feabhsú gnáthóg iascaigh agus


agus oibreacha bonneagair slatiascaireachta


Físeáin 'Conas iascach' do shlatiascairí


Déan iascach agus sruthchraolacháin bheo


Sábháilteacht agus...



Físeáin faisnéise


inbhuanaitheacht na slatiascaireachta

Reáchtáladh trí chomórtas chun rannpháirtíocht ón bpobal a spreagadh. Spreag na comórtais seo breis feasachta freisin ar shaothar Iascach Intíre Éireann.

Mar gheall ar COVID-19, níor fhreastail IIÉ ar aon imeacht phoiblí mhór go dtí mí na Samhna 2021. In 2021, chomhordaigh Forbairt an tSléibhe Riabhaigh i gCo. Luimnigh imeacht rathúil aonlae ag Coimpléasc Spórt Chromadh, chun Seachtain na hEolaíochta a chur chun cinn. Chuir Iascach Intíre Éireann taispeáint idirghníomhach bradán óg ar fáil ó ghorlann BSL do suas le 500 duine i láthair.

Íomhánna:
Buaiteoir póstaer (ar dheis) agus buaiteoir grianghraf 'An áit iascaireachta is ansa liom' (ar bun)







Íomhánna: *Tugadh isteach an carachtar 'Sionna' le linn "Go Fishing" seachtain, ainm ársa ar bhandia abhann na Sionainne*



Íomhánna: *IIÉ ag glacadh páirte ag Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2021 ag Cromadh, Luimneach*

Naisc eile le beartais an Rialtais

Faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021, tá Iascach Intíre Éireann liostaithe mar cheann de na comhlachtaí stáit ag a bhfuil ról i gcaomhnú na bithéagsúlachta. Le linn 2021, díríodh an aird ar fheasacht agus ar thuiscint ar bhithéagsúlacht a mhéadú, rud a baineadh amach trí úsáid a bhaint as imeachtaí seomra ranga Iasmuigh, a bhí ar siúl ó mhí na Bealtaine go mí na Nollag.

In 2016, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) comhairle bheartais do leanaí ar a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU). Ina athbhreithniú d'iarr sé ar gach roinn Rialtais clár náisiúnta gníomhaíochta lae a fhorbairt i rith mhí Lúil ina soláthraítear timpeallacht struchtúrtha, shábháilte agus shóisialta do mhic léinn a bhfuil riachtanais chasta acu.

I rith 2021, ghlac uasoiliúint agus oiliúint fhoireann Iascach Intíre Éireann, a raibh baint acu le cláir Oideachais agus For-rochtana a sholáthar agus ar spéis leo iad, páirt san oiliúint seo a leanas:

- Uathachas sa spórt
- Feasacht faoin míchumas
- Garchabhair meabhairshláinte

Chuir an uasoiliúint sin ar fáil don fhoireann le bheith níos feasaí ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara i ngach gné dár gcuid oibre. Tá sé tábhachtach comhdheiseanna a chruthú, ach ciallaíonn soláthar cothromais dár bpáirtithe leasmhara freisin go gcaithfimid rochtain a sholáthar ar na deiseanna céanna.

Ag teacht le 'Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe - Ár nAcmhainn Tuaithe a Bhaint Amach', leanamar ag cur isteach ar 'Cholún 3 - Ár nAcmhainneacht Turasóireachta agus Áineasa Tuaithe a uasmhéadú'. Maidir le hOideachas agus For-Rochtain go príomha, baintear é seo amach trí chlár náisiúnta scoileanna Something Fishy a sholáthar ar fud na tuaithe in Éirinn. Tugann sé sin eolas agus oideachas do scoláirí ar iasc, uisce, slatiascaireacht agus an timpeallacht ina gceantair áitiúla.

Tionscnamh faoi stiúir an Rialtais is ea 'Éire Shláintiúil' atá dírithe ar shláinte agus folláine gach duine a chónaíonn in Éirinn a fheabhsú. Is féidir leis an iascaireacht tairbhí colanda agus meabhairshláinte araon a sholáthar, teachtaireacht a cuireadh san áireamh i ngach tionscnamh in 2021.

Íosluchtaigh Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe anseo



Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Cur chun cinn na slatiascaireachta

Tá sé mar aidhm ag Meitheal um Thurasóireacht Inbhuanaithe na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán cleachtais inbhuanaithe turasóireachta a chur chun cinn (arna leagan amach ina Ráiteas Straitéise 2021-2023), agus tá sé seo ag teacht leis na hoibleagáidí atá ar áireamh i bplean corparáideach um rannpháirtíocht agus maoirseacht páirtithe leasmhara IIÉ ar acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara.

Is iad á dtreoirphrionsabail:

- Oibriú i gcomhar leis an lucht tionsclaíochta chun earnáil turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach
- Fás inbhuanaithe turasóireachta a bhaint amach ar bhealach a dhíríonn ar leas iomlán eacnamaíoch, chun tosaigh ar líon na dturasóirí
- Tacú le fás geilleagrach i bpobail ar fud na tíre agus le scaipeadh níos forleithne den éileamh i rith na bliana
- Eispéiris turasóireachta ardchaighdeáin a sheachadadh lena sáraítear ionchais ár gcuairteoirí, ar bhealach a íoslaghdaíonn aon drochthionchar comhshaoil nó pobail
- Ár dtírdhreach nádúrtha agus ár sócmhainní stairiúla agus cultúrtha a chosaint don chéad ghlúin eile
- Iompar freagrach ár gcuairteoirí a chur chun cinn chun comhleas na turasóireachta do mhuintir agus d'áit na hÉireann a uasmhéadú.

Príomhéachtaí in 2021:

Athdhearadh agus **athsheoladh iomlán ar shuíomh gréasáin** corparáideach IIÉ a thabhairt chun críche

Leabhrán ar rialacháin slatiascaireachta a fhoilsiú i 10 dteanga

Fuair **Painéal Slatiascairí ESRI** go ranníocann slatiascairí €633 mhilliún in aghaidh na bliana le geilleagar na hÉireann, agus gurb ionann caiteachas iomlán slatiascaireachta (lena n-áirítear turasóireacht) agus beagnach €1 bhilliún

Clár faisnéise ar Iascach na Gaillimhe a léiriú, as ar tháinig clúdach ar chláir náisiúnta RTÉ

Eisíodh r-nuachtlitir sheachtainiúil Nuashonrú Slatiascaireachta na hÉireann **52 uair in 2021** agus baineadh 12,086 síntiúsóir gníomhach amach.

Iascach stáit: rochtain ar shlatiascaireacht

Tá os cionn 180 iascach faoi úinéireacht an Stáit in Éirinn ag Iascach Intíre Éireann, agus thart ar leath díobh sin faoi bhainistíocht tríú páirtí.

Féadfaidh na hiascaigh seo a bheith éagsúil ó thaobh méide agus carachtair de, agus is féidir cur síos a dhéanamh leis an téarma 'Iascach Stáit' ar rud ar bith idir cuid ghearr de shruthán agus dobharcheantar iomlán abhann a chuimsíonn na scórtha lochanna.

In 2021, leanadh leis an bpróiseas chun na hiascaigh faoi úinéireacht an Stáit a léarscáiliú go digiteach. Léarscáilíodh os cionn 900 cuid aonair abhann nó locha ar an mbealach sin, chun é a dhéanamh níos éasca do chumainn slatiascaireachta agus do dhaoine aonair teorainneacha na n-iascach sin a shainaithint. Táthar ag súil leis an tionscadal léarscáilithe feasacht a mhéadú ar iascaigh faoi úinéireacht an Stáit agus, ar deireadh thiar, rochtain orthu a fheabhsú tríd an gcumas a thairiscint chun ceadanna a cheannach le haghaidh na n-iascach seo trínár siopa ar líne.

Maidir le bainistíocht tríú páirtí ar iascaigh an Stáit, tá próiseas caighdeánach trédhearcach i bhfeidhm chun na hiascaigh sin a thairiscint agus a cheadúnú. Tá beartas againn a chinntiú go bhfuil gach sócmhainn iascaigh faoi úinéireacht an Stáit ar fáil go hoscailte don phobal, agus ar an gcúis sin, ní mór do chumainn slatiascaireachta a mbronntar ceadúnas iascaigh Stáit orthu an t-iascach a chur ar fáil trí thicéad lae/seachtainiúil/séasúir do gach slatiascaire cuartaíochta. Cinntítear leis sin gur féidir le hiascairí áitiúla agus turasóireachta araon taitneamh a bhaint as iascaigh uile an Stáit. In 2021, thug Iascach Intíre Éireann ceadúnas do 91 iascach faoi úinéireacht an Stáit do 54 chumann agus eagraíocht slatiascaireachta, rud a ghin ioncam dar luach €51,695.

Láithreáin ghréasáin

Bíonn ról tábhachtach ag ár láithreáin ghréasáin maidir le cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Trínár suíomh corparáideach, is féidir linn faisnéis thábhachtach a chomhroinnt maidir lenár bhfeidhmeanna agus ár ngníomhaíochtaí éagsúla. Cumasaíonn agus éascaíonn an suíomh dár gcomhairliúcháin phoiblí freisin. Is féidir le húsáideoirí difriúla cur isteach ar raon seirbhísí, ar féidir



fisheriesireland.ie

leo a bheith éagsúil ó iasc a ordú ar líne ónár bhfeirmeacha éisc go dtí spéis a chlárú i seó trádála thar lear. Críochnaíodh athdhearadh

agus forbairt iomlán ar an láithreán gréasáin in 2021, agus an láithreán gréasáin á nuachóiriú agus eispéireas feabhsaithe á chruthú don úsáideoir.

Tá ár láithreáin ghréasáin slatiascaireachta ar fáil i gcúig theanga dhifriúla, agus ligeann siad dúinn labhairt go díreach leis an margadh slatiascaireachta sa bhaile agus thar lear. Is ardán margaíochta faisnéiseach agus tábhachtach araon é an láithreán. Is éard atá i gceist leis an tsamhail a úsáidtear ná custaiméirí a bhrú chuig láithreáin ghréasáin éagsúla na soláthraithe slatiascaireachta, rud a chuireann ar chumas do sholáthraithe a gcuid earraí agus seirbhísí a dhíol go díreach le custaiméirí. Is grúpa ilghnéitheach iad sin, agus is féidir go n-áireofaí leo siopaí tácla, treoraithe slatiascaireachta, báid chairtfhostaithe, iascaigh bhradáin, féilte garbh-shlatiascaireachta agus go leor eile. In 2021, thug Iascach Intíre Éireann faoi thionscadal uaillmhianach chun an láithreán gréasáin fishinginireland.info a athchóiriú ó bhonn. Úsáideann an láithreán ar a bhfuil cuma nua roinnt réiteach eolaire-bhunaithe agus léarscáilithe, rud a éascaíonn do



fishinginireland.info

shlatiascairí seirbhísí agus iascaireacht a aimsiú ina gceantarsan.

D'fhoilsíomar 1,258 dtuairisc slatiascaireachta ar na láithreáin ghréasáin Béarla, Fraincise, Gearmáinise, Ísiltírise agus Iodáilise.

Chríochnaíomar an bhliain 2021 le 12,086 shíntiúsóir gníomhach don ríomhiris *Irish Angling Update*. I rith na bliana d'eisíomar 52 ríomhiris. Ba é an meánráta oscailte 36.6%, agus chuaigh sé chomh hard le 53.5% in 2021. Bhí an líon idirnasc chomh hard le 15% agus 13% ar an meán i rith na bliana. Tá sé seo an-fhabhrach i gcomparáid le meán an tionscail, ar ráta oscailte 24.6% é do ríomhirisí spóirt, agus gan ach 3.1% le haghaidh ríomhirisí idirnasctha.

Tá láithreáin ghréasáin a bhaineann go sonrach le tionscadail againn freisin le haghaidh seirbhísí sainithe mar *Something Fishy* agus gníomhaíochtaí arna gcistiú ag cláir Eorpacha.

Bróisiúir agus foilseacháin

In 2021, léirigh Comhairleoirí Slatiascaireachta sraith nua bróisiúr slatiascaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe agus léarscáileanna sna bróisiúir sin chun cabhrú le slatiascairí atá ag iarraidh dul ag iascaireacht in Éirinn. Cuidíonn na hacmhainní sin freisin le hlascach Intíre Éireann an tslatiascaireacht a chur chun cinn mar ghníomhaíocht áineasa do shlatiascairí intíre agus eachtrannacha araon. I measc na mbróisiúr sin bhí na cinn seo a leanas:

- Treoir Slatiascaireachta Mara don Iarthuaisceart (nuashonrú)
- Treoir Slatiascaireachta Abhainn na hEithne
- Treoir Slatiascaireachta Abhainn na Feoire
- Treoir Iascaireachta na Bóinne (Ísiltíris)
- Treoir Slatiascaireachta Loch an Eanaigh (nuashonrú)
- Chuaigh IIÉ i gcomhpháirt le Gasóga Éireann chun '*Getting Hooked*' a fhoilsiú, treoir do thosaitheoirí ar an iascaireacht
- Léiríodh dhá fhíseán is tríocha, lena n-áirítear clár faisnéise ar lascach na Gaillimhe (35 nóiméad) le haghaidh Seachtain Go Fishing.



Íomhánna: *Leathanaigh chlúdaigh de bhróisiúir agus foilseacháin slatiascaireachta éagsúla IIÉ*

Cuairteanna ag iriseoirí

De bharr COVID-19, níorbh fhéidir aon chuairt iriseoireachta a éascú in 2020. In 2021, b'éigean pleananna luatha a athsceidealú go dtí níos déanaí sa séasúr, agus chuimsigh siad ceithre chuairt iriseora arna n-óstáil ag foireann Iascach Intíre Éireann ó fud na hEorpa, le beirt ón bhFrainc, duine amháin ón Ríocht Aontaithe agus duine amháin ón Danmhairg (mionsonraithe thíos).

An Fhrainc:

1. Pascal Leherissier leis an iris Brochet Sandre. Beidh alt le feiceáil in eagrán 2022 den iris.

2. Julien Lajournade eagarthóir na hirise Voyages de Pêche agus úinéir Stéphane Uzan. Táimid ag súil le halt in Voyages de Pêche go luath in 2022.

An Ríocht Aontaithe:

Cuairt ó Andrew Flitcroft agus Rob Hardy ón iris Trout & Salmon, tráth a bhí iascaireacht ar siúl i Loch Coirib, Loch Measca, Abhainn na hOirimhe agus Iascach na Gaillimhe. Táimid ag súil le dhá nó trí alt in earrach 2022.

An Danmhairg/Críoch Lochlann:

Nuair a thug an t-iriseoir Danmhargach Thomas Vinge cuairt i mí Mheán Fómhair ghlac sé páirt in iascaireacht bric ar an tSiúir agus ag iascaireacht doingin mhara feadh chósta Dhún Garbháin. Táimid ag súil le hailt a fheiceáil i roinnt irisí Lochlannacha.

Tháinig criú teilifíse ar cuairt ón bhFrainc freisin chun scannán a dhéanamh ar son *Écrans du Monde*, seó a chraoltar ar an gcainéal *Saisons*, a bhfuil 800,000 síntiúsóir aige. Chuir an fhoireann Comhairleoirí Slatiascaireachta píosaí scannánaíochta breise ar fáil agus tá an clár faisnéise le craoladh i mí Feabhra 2022.

Íomhá: *Clúdach dhá leathanach san iris Fishing & Travel*



Iascach Intíre Éireann
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2021

Tionscal na turasóireachta slatiascaireachta agus móraontaí trádála

Mar gheall ar shrianta taistil, cuireadh an chuid is mó de mhóraontaí slatiascaireachta idirnáisiúnta ar ceal in 2021.

D'fhreastail Iascach Intíre Éireann ar dhá mhóraonach idirnáisiúnta sa Ghearmáin, áfach, faoin mbranda 'Angling Ireland'. Chuir gach móraonach meascán difriúil ar fáil i dtéarmaí táirgí slatiascaireachta agus spriocmhargaí. Clúdaíonn aonach Angelwelt i mBeirlín (an t-aonach slatiascaireachta is mó sa Ghearmáin) na príomhdhisciplíní go léir ar nós géim, liús, garbhiascaireachta agus iascaireacht mhara. Mar sin féin, díríonn an t-aonach iascaireachta cuileoige níos speisialaithe in München (Experience the World of Flyfishing) go príomha ar shlatiascairí géim. Chuir foireann Iascach Intíre Éireann eolas ábhartha faoi tháirgí agus faoin margadh ar fáil do chuairteoirí ag an dá aonach.

Thug Iascach Intíre Éireann tacaíocht freisin do bhall de thionscal slatiascaireachta na hÉireann ag an ionad i mBeirlín. Ina theannta sin, gineadh cliaint fhéideartha sna meáin chumarsáide ónar beartaíodh cúig chuairt meán a dhéanamh in 2022.

Íomhá: *Ionadaíocht ar son na hÉireann ag aontaí slatiascaireachta idirnáisiúnta*

Comhthaobhacht bolscaireachta: ábhar nua

Taifeadadh píosaí scannánaíochta fairsinge d'iascaigh ar mhaithe le cur chun cinn na slatiascaireachta le linn shéasúr 2021. Léiríodh clár faisnéise ar Iascach na Gaillimhe (35 nóiméad) le haghaidh Seachtain Go Fishing. Cuireadh físeán is tríocha eile in eagar le haghaidh Seachtain Go Fishing, roinnt acu curtha ar fáil ag an bhfoireann agus cuid eile curtha ar fáil ag an bpobal. Cuireann go leor díobh sin acmhainn agus gné leanúnach ar fáil ar chainéal YouTube IIÉ, le béim á cur ar an tslatiascaireacht inbhuanaithe.

Ina theannta sin, gabhadh píosaí scannánaíochta de thimpeallachtaí, éisc agus gnáthóga éagsúla a bheidh ar fáil do thionscadail scannán amach anseo mar acmhainn leabharlainne de ghearrthóga.



Féach ar an gclár faisnéise ar Iascach na Gaillimhe anseo



Clár Urraíochta

Reáchtálann Iascach Intíre Éireann Clár Urraíochta bliantúil chun tionscadail agus imeachtaí a chistiú ina dtacaítear le slatiascairí sóisearacha agus núíosacha, agus ag an am céanna ag tacú leo siúd a chabhraíonn le fás na turasóireachta slatiascaireachta in Éirinn.

Roimh an bpaindéim, gheobhadh Clár Urraíochta IIÉ suas le 100 iarratas de ghnáth ó chumainn iascaireachta, ó chónaidhmeanna slatiascaireachta agus ó sholáthraithe seirbhísí turasóireachta chun cabhrú le reáchtáil rianúil imeachtaí agus tionscnamh a bhaineann leis an tslatiascaireacht. In 2020, b'éigean an clár a chur ar ceal a bheag nó a mhór mar gheall ar shrianta ar ghrúpghníomhaíochtaí eagraithe agus ar thaisteal idirnáisiúnta.

In 2021, bhí roinnt comharthaí téarnaimh ann, le 40 iarratas ar thacaíocht d'imeachtaí éagsúla ar siúl in Éirinn, lenar áiríodh:

- 10 n-iarratas ar fhéilte agus ar chomórtais slatiascaireachta idirnáisiúnta ar mhórscála le bheith ar siúl in Éirinn
- 26 iarratas ar imeachtaí cóitseála d'iascairí núíosacha nó ar chomórtais shóisearacha
- Ceithre iarratas ar imeachtaí feasachta iascaigh nó tionscnaimh eile.

Socheacnamaíocht

Lean an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) lena Painéal Taighde Slatiascairí ar feadh 2021. Le linn anailís a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le slatiascaireacht le linn na mblianta 2018-2020, shuigh ESRI go raibh gníomhaíocht iascaireachta áineasa láidir in 2020 in ainneoin na srianta ar ghrúpghníomhaíochtaí eagraithe agus ar thaisteal laistigh d'Éirinn. Fuarthas amach san anailís ar chaiteachas díreach slatiascairí na hÉireann gur caitheadh €568 milliún thiar in 2018, €642 mhilliún thiar in 2019 agus €689 milliún thiar in 2020. Soláthraíonn na figiúirí seo meastachán ar chaiteachas iomlán na dturas iascaireachta i gcás slatiascairí Éireannacha thar an tréimhse, agus cuimsíonn na míreanna iad siúd go léir a bhaineann lena dturais iascaireachta (cosúil le bia, lóistín, trealamh iascaireachta, fruiliú báid agus táillí ceadúnais).


Agus lamháil sna meastacháin do sceití ón ngeilleagar, agus úsáid á baint ansin as na hiolraitheoirí a d'fhorbair *Tourism Development International* don Staidéar 2013 ar an tSlatiascaireacht Áineasa in Éirinn, is féidir linn a mheas gur ranníoc slatiascairí Éireannacha amháin os cionn €937 milliún le geilleagar na hÉireann in 2021.

Níl sonraí ar fáil faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na turasóireachta slatiascaireachta ón gcoigríoch, ach mheas Fáilte Éireann laghdú 75% ar an taisteal turasóireachta isteach foriomlán in 2021 i gcomparáid le 2019. Bunaithe ar an bhfigiúr sin, d'fhéadfaí ranníocaíocht eacnamaíoch na slatiascairí ón gcoigcríoch a mheas ag níos mó ná €31 mhilliún, rud a thugann ranníocaíocht eacnamaíoch iomlán do gheilleagar na hÉireann laistigh d'achar suarach de €1 bhilliún euro den chéad uair.

Beolíne rúnda 24 uair an chloig

Tá beolíne 24 uair an chloig á reáchtáil ag Iascach Intíre Éireann ó 2010, le cur ar chumas don phobal truailliú amhrasta, iascaireacht mhídhleathach nó póitseáil a thuairisciú agus chun fiosrúcháin ghinearálta a dhéanamh. Don chéad 10 mbliana seirbhíse, ba é tuairim is 380 é meánlíon na nglaonna in aghaidh na bliana. In 2021, tháinig méadú suntasach ar líon na nglaonna. Faoi dheireadh mhí na Nollag, cuireadh 772 ghlaoch chuig an mbeolíne. Is ionann é sin agus méadú 200% ar mheánlíon na nglaonna. Cé gur tháinig méadú ar gach cineál glaonna, tháinig an méadú ba mhó ar fhiosrúcháin ghinearálta, a d'ardaigh go 334 ghlaoch amháin.

Fíor:** **Barrachairt ina dtaispeántar líonta an chineáil glaonna




Dáileadh réigiúnach glaonna

Chonacthas an líon ab airde glaonna éigeandála in CAnna an Oirthir agus an Iardheiscirt in 2021. Fuair an bheirt acu 20% de líon iomlán na nglaonna éigeandála **(thart ar 80 glaoch an ceann)**.

B'ionann CA an Oirdheiscirt agus na Sionainne agus 18% agus 16% de líon iomlán na nglaonna, agus fuair CA an Iarthair agus an Iarthuaiscirt an **26% eile de ghlaonna (13% an ceann)** chuig an mbeolíne 24 uair an chloig.

***Fíor:** Glaonna éigeandála de réir réigiúin*



Ní bhíonn glaonna dáilte go cothrom i rith na bliana agus léiríonn siad na tréimhsí sin den ghníomhaíocht slatiascaireachta is mó (nuair a dhéanann níos mó daoine níos mó tuairiscí), agus go pointe na tréimhsí is mó riosca, filleadh bradán, teagmhais truaillithe ag leibhéal íseal uisce agus teagmhais eile a tharlaíonn de ghnáth i rith mhíonna an tsamhraidh.

Tacú le turasóireacht na slatiascaireachta agus leis an tslatiascaireacht inbhuanaithe

Tacaíonn foireann Comhairleoirí Slatiascaireachta le tionscal slatiascaireachta atá inmharthana, rathúil agus inbhuanaithe in Éirinn; ar fiú beagnach €1 bhilliún don gheilleagar é. Is gné mhéadaitheach de thurasóireacht slatiascaireachta na hÉireann é 'Gabháil agus Scaoileadh' (G&S). Tá iascach liús agus garbh gar do 100% G&S, cleachtann 51% de shlatiascairí bradáin G&S anois, agus scaoileann go leor slatiascairí farraige agus bric a gcuid iasc go léir freisin. Feictear G&S go mór le teachtaireachtaí na n-ábhar slatiascaireachta go léir, agus cuirtear an tslatiascaireacht inbhuanaithe chun cinn go comhsheasmhach tríd síos.

Cuirtear iompar comhshaoil freagrach a chaomhnaíonn gnáthóga chun cinn go mór freisin, agus tá prionsabail Gan Lorg a Fhágáil feiceálach inár gcuid teachtaireachtaí.

Ní bhaineann an inbhuanaitheacht le hastuithe a laghdú amháin; baineann sé freisin le freastal ar riachtanais na linne seo (m.sh. fostaíocht a choinneáil i gceantair thuaithe) gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh. Comhlíonann cothabháil na stoc éisc agus na ngnáthóg na critéir sin, agus tá cur chun cinn na slatiascaireachta nach mbíonn tionchar aici orthu sin tábhachtach don aidhm sin.



Iascach Intíre Éireann
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2021

Baineann sé leis an

BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

An chumarsáid chorparáideach

Ag obair leis na ranna go léir ar bhonn inmheánach, is é ról na foirne Cumarsáide tosaíochtaí, seasaimh, dúshláin agus éachtaí phlean corparáideach Iascach Intíre Éireann a ghabháil agus iad sin a chur in iúl go héifeachtach dár spriocluchtanna agus páirtithe leasmhara.

Príomhéachtaí in 2021:

Méadú ar na **leibhéil feasachta** ar Iascach Intíre Éireann i measc an phobail i gcoitinne

€3.3 milliún i gCoibhéis Luach Fógraíochta (CLF) bainte amach trí chlúdach meán tuillte

350 preaseisiúint náisiúnta agus áitiúil eisithe, ailínithe le Cuspóirí Ardleibhéil an Phlean Chorparáidigh

129 iarratas ó na meáin a bainistíodh

Méadú ar líonta sprioclucht thar gach ardán meán sóisialta

Léiriú agus rolladh amach inmheánach ábhar poiblíochta don **Phlean Corparáideach nua 2021-2025**.

Tá sainchúram leathan reachtúil ag Iascach Intíre Éireann, a chuimsíonn réimse éagsúil tionscadal agus tionscnamh a bhfuil baint ag an iliomad páirtithe leasmhara leo.

Ag obair leis na ranna go léir ar bhonn inmheánach, is é ról na foirne Cumarsáide tosaíochtaí, seasaimh, dúshláin agus éachtaí phlean corparáideach Iascach Intíre Éireann a ghabháil agus iad sin a chur in iúl go héifeachtach dár spriocluchtanna agus páirtithe leasmhara.

Reáchtálann an fhoireann Chumarsáide preasoifig agus seirbhís caidrimh mheán Iascach Intíre Éireann.

Sa bhliain 2021:

- Eisíodh 350 preaseisiúint náisiúnta agus áitiúil thar ceann Iascach Intíre Éireann, agus na teachtaireachtaí iontu ar aon dul leis an bPlean Corparáideach 2021-2025
- Bainistíodh thart ar 129 iarratas ó bhaill na meán cumarsáide (ar nós iarratais ar agallaimh, grianghrafadóireacht agus tuilleadh faisnéise)
- Reáchtáladh seacht gceardlann d'fhoireann Iascach Intíre Éireann chun cabhrú leo ullmhú do chineálacha difriúla agallamh agus rannpháirtíochtaí cainte.

De réir tuairisce ó Kantar Media, b'ionann coibhéis luach fógraíochta an chlúdaigh sna meáin, ina ndearnadh tagairt d'Iascach Intíre Éireann sa mhargadh baile in 2021, agus €3,360,527 le comhscaipeadh de 109,706,543.

Fíor: *Clúdach IIÉ 2021 sna meáin*



775
Gearrthóga meán clóite
(ar fud na nuachtán áitiúil/náisiúnta)



684
Gearrthóga meán ar líne
(thar láithreáin ghréasáin atá bunaithe in Éirinn)



628
Gearrthóga meán craolacháin
(ar fud TV agus raidió áitiúil/náisiúnta)

Cuireadh roinnt feachtas comhtháite tras-chainéil i bhfeidhm in 2021, lena n-áirítear:

- Seachtain *Go Fishing*
- Feachtas Earcaíochta Oifigigh Shéasúracha Iascaigh
- Comórtas Filíochta *Something Fishy*
- Uimhir rúnda bheolíne a athrú.

Mar shampla, mar thoradh ar fheachtas caidreamh poiblí 'Seachtain Go Fishing', rinneadh 92 mhír de chlúdach 'tuillte' sna meáin, arbh fhiú díreach os cionn €108,000 in AVE é. Shroich ceithre phostáil orgánacha is ochtó ar Facebook lenar clúdaíodh an feachtas 170,817 nduine san iomlán. Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag an bhfoireann Chumarsáide i seoladh inmheánach Phlean Corparáideach 2021-2025 nua Iascach Intíre Éireann, ag comhordú físeáin bolscaireachta agus ag cuidiú le cruinnithe hallaí baile fíorúla a reáchtáil don fhoireann.

Bíonn sé mar phríomhchuspóir ag an bhfoireann Chumarsáide i gcónaí feasacht agus aithne a mhéadú ar Iascach Intíre Éireann, agus ar ár ról tábhachtach mar ghníomhaireacht Stáit. Chuir Iascach Intíre Éireann sraith ceisteanna in Ollsuirbhé ar líne trí Amárach Research i mí Iúil 2021, chun cabhrú le leibhéil feasachta a mheasúnú.

De réir an tsuirbhé sin, tá méadú seasta tagtha ar leibhéil feasachta Iascach Intíre Éireann le cúig bliana anuas, mar seo a leanas:



% de na freagróirí feasach faoi Iascach Intíre Éireann

Reáchtáladh roinnt agallamh ardphróifíle leis na meáin in 2021, chun cabhrú le feasacht a ardú ar ról Iascach Intíre Éireann ar leibhéal náisiúnta. Ina measc siúd, bhí:

- Tuairisc *RTÉ Prime Time* ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus lochanna na hÉireann
- Tuairisc *RTÉ Six News* agus *Nine News* ar an tionchar a bhíonn ag ardú teochta an uisce ar na héisc
- Tuairisc *RTÉ Nationwide* ar na háiseanna do shlatiascairí faoi mhíchumas.

Na Meáin Shóisialta

Tháinig méadú ar líon na leantóirí/ síntiúsóirí ar fud na gceithre bhealach meán sóisialta de chuid Iascach Intíre Éireann in 2021.



19,000 leantóir
383 phostáil
3.3million impriseana



4,877 leantóir
1,177 tweetanna
122,000 tweetanna míosúla iomlána (Bealtaine)



2,633 leantóir
143,850 impriseana




842 síntiúsóir
39,924 radharcanna iomlána

Bhí 19,000 leantóir ag leathanach Facebook Iascach Intíre Éireann ag deireadh 2021, méadú 6.4% le 1,142 leantóir nua i gcomparáid le 2020. Foilsíodh 383 phostáil ar an ardán i rith na bliana, le beagán os cionn 3.3 milliún taispeáint.

Mhéadaigh Iascach Intíre Éireann a lucht leanta ar Twitter go 4,877 (ardú 8% ó 2020) agus bhí buaicthaispeántí míosúla tvuíteanna ag 122,000 (Bealtaine 2021). In 2021, seoladh breis agus 1,177 dtvuít ón gcainéal sin.

Bhí 2,633 leantóir ag leathanach LinkedIn Iascach Intíre Éireann ag deireadh 2021, (méadú 28% le 2020 leantóir nua i gcomparáid le 578). B'ionann líon iomlán na n-aonad léasaithe in 2021 agus 143,850.

Tháinig méadú faoi dhó beagnach ar líon na síntiúsóirí YouTube de chuid Iascach Intíre Éireann le linn 2021, ag baint amach 842 síntiúsóir (ardú 92% ó 2020). Rinneadh 39,924 amharc ar fhíseáin ar an gcainéal in 2021, agus breathnaíodh ar 2,800 uair an chloig d'ábhar. Ba é Clár Faisnéise Iascach na Gaillimhe an físeán ba mhó ar breathnaíodh air le linn na tréimhse sin le 9,214 amharc san iomlán agus 9:38 nóiméad ar an meán-am faire.



04

Tacú lenár n-obair: éifeachtúlacht agus éifeachtacht



04

Tacú lenár n-obair: éifeachtúlacht agus éifeachtacht

Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha Iascach Intíre Éireann na seirbhísí bainistíochta corparáidí, acmhainní daonna (AD) agus bainistíochta airgeadais, lóistíochta agus TF go léir a chuireann ar chumas na heagraíochta oibriú go rianúil agus ár misean a chomhlíonadh chun acmhainn iascaigh na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Clúdaíonn na seirbhísí sin freisin freagracht as sláinte agus sábháilteacht, soláthar foghlama agus oiliúna, bainistíocht saoráidí agus rialachas sonraí.

Baineann sé leis an


ÁR BHFOIREANN

Ár bhfoireann

In 2021, lean an fhoireann AD in IIÉ ag bainistiú agus ag treorú na foirne go sábháilte agus iad ag obair le linn paindéim dhomhanda. Bhí an fhoireann AD i gceannas ar an tascfhórsa COVID-19, a d'éascaigh athruithe ar chleachtais oibre ionas go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le seachadadh seirbhíse oibriúcháin gan bhriseadh, agus ag an am céanna ag cinntiú dea-chleachtais i dtéarmaí bealaí sábháilte oibre.

D'oibrigh an fhoireann AD i gcomhar le ceardchumainn IIÉ de réir fhorálacha an phrótacail COVID-19 a d'eisigh an Fóram Eacnamaíoch d'Fhostóirí Saothair (LEEF) a bhaineann lena dtreoir d'oibrithe Éireannacha: 'Filleadh ar an Obair go Sábháilte'. Éascaíodh socruithe solúbtha don obair ón mbaile, agus forbraíodh 'Beartas Oibre Hibrideach' agus eisíodh don fhoireann é, le cur i bhfeidhm go luath in 2021, i gcomhréir le hamlínte na hearnála poiblí agus sibhialta.

Le linn 2021, dhírigh an fhoireann AD ar fholláine chorparáideach trí go leor gníomhaíochtaí agus bearta folláine na foirne a chur i bhfeidhm, ar seachadadh go leor díobh ar líne (m.sh. comórtais, ranganna teagaisc ar bhia sláintiúil, sainchomhairliúcháin airgeadais phearsanta, maidineacha caife agus go leor eile nach iad). Chuaigh Iascach Intíre Éireann faoin bpróiseas iarratais freisin do chlár IBEC KeepWell Mark. Is éard a bhí i gceist leis sin ná oibriú trí raon leathan príomhréimsí mar cheannaireacht, meabhairshláinte, bainistíocht asláithreachta, gníomhaíocht choirp agus itheachán sláintiúil faoi threoir na saineolaithe i réimse na folláine corparáidí. Rinneadh iniúchadh i R3 de 2021, agus d'éirigh le IIÉ an creidiúnú a bhaint amach i mí na Nollag 2021.






Tar éis dhá bhliain forbartha, tá córas bainistíochta feidhmíochta nua seolta anois ag an bhfoireann AD atá tógtha agus curtha chun cinn ag an bhfoireann. Tugtar Athbhreithniú

Feidhmíochta agus Forbartha (PDR) ar an gcóras nua agus tá sé mar aidhm aige córas nua-aimseartha, dinimiciúil agus éabhlóideach a sholáthar chun freastal ar riachtanais ár n-eagraíochta. Leagann an próiseas PDR nua béim láidir ar chomhráite tráthrialta idir bainisteoirí agus a bhfoireann, agus ag an am céanna cuireann sé chun cinn an fhoireann chun freagracht a ghlacadh ina spriocanna oibre agus foghlama araon.

Reáchtáil an fhoireann AD feachtas earcaíochta séasúrach an-rathúil in 2021 in ainneoin na paindéime domhanda. D'éirigh le IIÉ 37 nOifigeach Iascach séasúrach a earcú (arna sannadh chuig gníomhaíochtaí cosanta agus forbartha) i dteannta le 14 Chúntóir Taighde shéasúracha (arna sannadh chuig cláir thaighde éagsúla). Phróiseáil an fhoireann AD os cionn 2,000 iarratas agus rinne siad níos mó ná 280 agallamh. Cuireadh oiliúint d'oifigigh nua in oiriúint le bheith ar líne den chuid is mó, chun srianta paindéime a shásamh, agus mar sin bhí an fhoireann AD in ann 51 bhall foirne séasúrach a fhostú, a oiliúint agus a ionduchtú chun tús a chur lena gconarthaí séasúracha i mí an Mheithimh 2021.

Ag druidim le deireadh 2021, agus sinn ag súil le straitéis chumarsáide inmheánach a fhorbairt agus a sheoladh, rinne an Fhoireann AD grúpaí oibre doimhne le trasghearradh foirne ar fud na heagraíochta. Bhí na sonraí a bailíodh agus a tiomsaíodh mar thoradh ar an bpróiseas seo ríthábhachtach chun an straitéis cheart a cheapadh chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú don eagraíocht. Bainfear úsáid as na sonraí a thiomsófar ní hamháin chun straitéis chumarsáide inmheánach a fhorbairt ach freisin chun tosaíocht a thabhairt do phlean gníomhaíochta. Cinnfear leis sin feabhsuithe agus cuideoidh sé le treochlár a cheapadh chun bacainní a bhaint, rud a chruthóidh cumarsáid éifeachtach laistigh de IIÉ.



Baineann sé leis an

ÁR BHFOIREANN

Oideachas agus Oiliúint

Tá sé mar aidhm againn ár bhfoireann a fhorbairt go leanúnach chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na cumais chuí acu chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach laistigh de IIÉ. Oibrímid leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht chun an oiliúint riachtanach ar fad a eagrú, deiseanna a sholáthar don fhoireann agus forbairt IIÉ amach anseo a chinntiú.

Is mór againn an tacaíocht ar fad ónár bhfoireann chun oiliúint agus deiseanna foghlama a sholáthar. Baintear deiseanna dá leithéid amach tríd an gcoláiste oiliúna, an Clár Forbartha Bainistíochta(MDP) agus láimhsiú. Cuidíonn baill foirne eile de chuid IIÉ linn oiliúint a eagrú ó thaobh an riaracháin de agus ó thaobh soláthair de etc.

Eochairfhigiúirí oiliúna 2021

Ghlac **1,940** **duine** páirt inár gcúrsaí oiliúna

Cuirtear **62** **chúrsa oiliúna** difriúil ar fáil

€399,309.36

caite ar oiliúint foirne agus ar fhorbairt scileanna

Aird do 2021

In 2021, bhí tionchar fós ag COVID-19 orainn, rud a chuir srian lenár gcumas oiliúint phearsanta a thairiscint don fhoireann. Ach, i gcásanna áirithe, bhíomar in ann an srian sin a shárú tríd an oiliúint a thiontú go modúl ar líne ar an Mol Sábháilteachta, nó tríd an oiliúint a sheachadadh trí fhísghlaonna.

Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh 37 nOifigeach Iascaigh séasúrach agus 14 Chúntóir Iascaigh chuig IIÉ i mbliana. Cé nach raibh sé oiriúnach, chuir an coláiste oiliúna an dá sheachtain d'oiliúint fhíorúil ar fáil go rathúil.


In earrach na bliana 2021, bhí oiliúint Chriú Bád Righin Inséidte agus roinnt cúrsaí eile ag teastáil go géar uainn chun ár bhfoireann a ullmhú don séasúr gnóthach a bhí romhainn. Áiríodh leo sin Formhuiniú Tráchtála, Raidió VHF, Bád Righin Inséidte béal Faoi, Cúram Taismí agus Teicnící Marthanais Phearsanta, i measc cinn eile. Nuair a bhí ár gCriúnna Bád Righin Inséidte oilte, bhí an-trealamh acu chun ár gcuid patróil riachtanacha a sheachadadh feadh chósta na hÉireann.


D'eagraíomar an t-oideachas ábhartha sláinte agus sábháilteachta ar fad don fhoireann ar nós Garchabhair agus Láimhsiú chomh maith leis an oiliúint seo a leanas a sheachadadh (agus go leor eile):

- Leictriascaireacht le haghaidh Oibríochtaí agus Taighde
- Láimhseáil agus Leas Éisc
- Oiliúint Bainistíochta Sonraí lena n-áirítear R, SQL agus Arc GIS Pro
- Píolótaí Drón
- Cúrsa d'Ionadaí Sábháilteachta
- Cúrsaí City & Guilds Sábh Slabhrach agus Sábh Cuaille
- Clár Forbartha Bainistíochta
- Oiliúint um sholáthar
- Oiliúint sna meáin
- Ardfheidhmíocht i bhFoireann Chriticiúil don tSábháilteacht (le haghaidh Chriúnna ár mBád Righin Inséidte)
- Oiliúint Scairdsciála PWC









Íomhánna: *Cúrsa oiliúna PWC Scairdsiála ar siúl(ar chlé). Leictriascaireacht le haghaidh Oibríochtaí agus Taighde i mbun gnímh(ar dhéis)*

Baineann sé leis an
BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Baineann sé leis an
ÁR BHFOIREANN

Bainistiú feidhmíochta

In 2019, cruthaíodh foireann deartha Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) de 14 bhall foirne dheonacha agus é mar chuspóir aige córas nua bainistíochta feidhmíochta a sheachadadh do IIÉ. Cuireadh an próiseas nua Athbhreithnithe Feidhmíochta agus Forbartha (PDR) ar fáil don fhoireann i R1 2021. Seisear ball foirne dearthóireachta PDR a sheachaid an rolladh amach, agus chuimsigh sé 18 seisiún fhíorúla oiliúna foirne agus cúig sheisiún fhíorúla oiliúna do bhainisteoirí líne. Chruthaíomar modúl ar líne d'aon bhall foirne nó bainisteoir líne nach raibh in ann freastal ar an oiliúint fhíorúil. Cuireadh é sin ar fáil ar an Mol Sábháilteachta. Is é príomhfhócas an PDR nua seo ná a chinntiú go leanann comhráite idir an bainisteoir líne agus an fhoireann ar siúl i rith na bliana.

Sláinte agus Sábháilteacht

Mar eagraíocht, oibríonn IIÉ i gcomhar lenár ndaoine chun tacú lena bhforbairt agus lena bhfeidhmíocht. In 2021, ghnóthaigh IIÉ Creidiúnú KeepWell Mark ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC). Déanann an próiseas measúnú ar ár dtiomantas do cheannaireacht, meabhairshláinte, bainistíocht asláithreachta, sláinte agus sábháilteacht, timpeallacht oibre saor ó thobac, gníomhaíocht choirp, bia sláintiúil agus seachaint substaintí meisciúla. Bhain dian-iniúchadh le breis agus 90 critéar leis an bpróiseas creidiúnaithe, agus chuimsigh sé fócasghrúpaí foirne agus bainistíochta.



Táimid aitheanta anois agus san áireamh san innéacs 'An 100 Cuideachta is Forásaí san Fholláine'. Tugtar aitheantas san innéacs do chuideachtaí ar fud na hÉireann atá ar thús cadhnaíochta maidir le folláine fostaithe agus, trína dtiomantas do chur chuige dea-chleachtais a chur i bhfeidhm, a bhfuil tionchar buan acu ar a bhfostaithe agus ar an bpobal gnó.

Tá sé beartaithe againn tógáil ar ár gcreidiúnú tosaigh d'fhonn feabhas leanúnach a chur ar ár dtiomantas do leas na bhfostaithe.

Baineann sé leis an

ÁR BHFOIREANN

Lóistíocht

COVID-19

Bhí tionchar bunúsach ag paindéim COVID-19 ar obair IIÉ, ar gach Gníomhaireacht Stáit eile agus ar an tsochaí go ginearálta. Ó thaobh IIÉ de, ba é an dúshlán a bhí ann an eagraíocht a bhrú chun cinn ó eagraíocht a d'oibrigh go príomha in oifigí agus san allamuigh, go dtí eagraíocht a d'oibrigh ón mbaile, agus san allamuigh nuair a cheadaítear é.

Bhí foinsiú an trealaimh chosanta phearsanta COVID-19 (TCP) fós ina dhúshlán i R1, ach tháinig feabhas ar shlabhraí soláthair domhanda i rith na bliana agus laghdaigh costais de réir infhaighteacht fheabhsaithe táirgí. Lean scaipeadh COVID-19 ar aghaidh in 2021 nuair a tháinig athraitheach nua chun cinn i bhfoirm Omicron, rud a chiallaigh gur lean dúshláin na paindéime.

Lean tromlach na foirne lóistíochta ag obair ón mbaile i rith na bliana, gan tionchar ar bith ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil don eagraíocht. Lean triúr ball den fhoireann, áfach, ag obair ar an láthair i gceanncheathrú IIÉ, Céide an Locha in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath agus saoráid lóistíochta, Teach an Chaisleáin. Rinneadh é sin chun bainistíocht a dhéanamh ar fhoinsiú agus ar sholáthar TCP agus ar threalamh gaolmhar a theastaíonn lena chinntiú go bhféadfadh IIÉ leanúint ar aghaidh ag oibriú i gcáil éigin, ag brath ar na srianta ar leith a bhí i bhfeidhm ag an am.

B'ionann an caiteachas iomlán ar TCP agus ábhair eile a bhaineann le COVID-19 arna bhfoinsiú ag an bhfoireann lóistíochta ó Eanáir go Nollaig 2021 agus €89,000. I measc na n-ábhar bhí: fearais tástála antaiginí, maisc aghaidhe, glóthacha agus ciarsúir díghalraithe láimhe, sciatha aghaidhe, gloiní cosanta, naprúin chosanta, lámhainní, forchlúdaigh, málaí dramhaíola agus scáileáin tiománaithe. I R1, d'fhoilsigh an fhoireann lóistíochta tairiscint d'fhearais tástála antaiginí agus iad ag súil leis an ngá le húsáid leanúnach agus mhéadaithe a bhaint astu. Bronnadh an tairiscint i R2, agus b'ionann an caiteachas iomlán ar fhearais tástála antaiginí don bhliain agus €72,000 (san áireamh sna €89,000 thuasluaite).

D'oibrigh an fhoireann lóistíochta go dlúth le Tascfhórsa COVID-19 IIÉ agus le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta IIÉ chun trealamh cuí a sholáthar agus chun Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPanna) nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chomhlíonann COVID-19.

Le linn na paindéime, b'éigean gnéithe de phleananna gnó na foirne lóistíochta 2021 a chur siar. Ba i dtreo dheireadh na bliana, nuair a tháinig cineál nua 'normáltachta' chun cinn, a d'fhéadfaí an fócas a dhíriú arís i dtreo sheachadadh phlean gnó 2021 agus, chuige sin, baineadh amach roinnt cuspóirí.

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Baineann sé leis an

NUÁLAÍOCHT

Feithiclí

Tháinig méadú ar líon foriomlán fhlít IIÉ go 189 in 2021 nuair a cuireadh seacht bhfeithicil nua leis, arna gceadú ag an mbord chun seacht bhfeithicil ar cíos fadtéarmach a athsholáthar. Roghnaíodh 15 fheithicil níos sine eile lena n-athsholáthar le flít nua, lena n-áirítear cúig fheithicil leictreacha nua (FLanna). Seachadadh gach ceann de na 22 fheithicil nua i R1/R2, agus cuireadh na seacht bhfeithicil ar cíos fadtéarmach ar ais chuig an soláthróir. Glacadh cinneadh na 15 fheithicil IIÉ atá á n-athsholáthar a choinneáil do 2021 chun an spleáchas méadaithe ar fheithiclí fruilithe gearrthéarmacha de bharr áitíochta laghdaithe feithiclí a laghdú. Tá na 15 fheithicil a coinníodh le díol anois in 2022.

Lean an fhoireann lóistíochta ag déanamh monatóireachta ar an bhflít ag baint úsáide as bogearraí teiliméadrachta chun tuiscint níos fearr a fháil ar úsáid, agus feithiclí a imscaradh ar bhealach níos éifeachtúla ar fud na heagraíochta. Thacaigh an fhoireann freisin le hoibríochtaí leanúnacha IIÉ trí fheithiclí breise ar cíos a sholáthar de réir mar ba ghá le linn na bliana.

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Feithiclí Leictreacha

Mar chuid de thiomantas IIÉ a astaíochtaí carbóin a laghdú agus a spriocanna astuithe a bhaint amach, d'iarr an Príomhfheidhmeannach go ndéanfaí breithniú ar fheithiclí leictreacha nó hibrideacha roimh roghanna peitril nó díosail le haghaidh gach riachtanas cabhlaigh amach anseo. Ní bhreithneofar feithiclí peitril ná díosail ach amháin i gcás ina bhfuil ceanglas oibriúcháin ann nach féidir le feithicil leictreach nó hibrideach a chomhlíonadh.

Mar chuid den phróiseas leanúnach chun flít IIÉ a dhícharbónú, rinneadh athbhreithniú agus é mar aidhm aige feithiclí díosail a bhaint den fhlít. Cuireadh roinnt feithiclí IIÉ reatha in áirithe le haghaidh athsholáthair, agus cuireadh ordú i R4 le haghaidh 32 FL breise a chuimsigh 12 veain Peugeot e-Expert agus 20 carr leictreacha Kia Niro.

Tá seachadadh na 32 FL dlite i R1 agus R2 2022 agus méadófar flít FLanna IIÉ go 45 arna seachadadh. Tá próiseas tairisceana chun bonneagar luchtaithe FL a shuiteáil ag áitreabh IIÉ le foilsiú i R1 2022. Cuirfidh suiteáil an bhonneagair luchtaithe seo go mór le cumas IIÉ aistriú chuig feithiclí leictreacha.

Baineann sé leis an

INBHUAN-AITHEACHT

Áiseanna IIÉ in Iarthar na Cathrach

Tá ceanncheathrú IIÉ ar Chéide an Locha, Iarthar na Cathrach fós gannáitithe go príomha ó mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar shainordú a bheith ag baill foirne obair ón mbaile i gcás inar féidir de bharr na paindéime. Mar sin féin, bhí áis lóistíochta chóngarach IIÉ, Teach an Chaisleáin, ag lánfheidhmiú le linn na tréimhse ar fad.

Rinneadh an cinneadh rochtain theoranta ar Chéide an Locha a leanúint ar bhonn riachtanais amháin agus táthar tar éis gach córas neamhriachtanach Théamh, Aerála agus Aerchóirithe (HVAC) a mhúchadh nó a rith ag leibhéil íosta chun airgead a choigilt agus chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gan ghá freisin.

In ainneoin an úsáid laghdaithe a baineadh as an dá fhoirgneamh le linn 2021 mar thoradh ar an bhfoireann ag obair ón mbaile, leanadh den chothabháil riachtanach ar fad in 2021 mar a bhí beartaithe. Mar chuid de thiomantas IIÉ chun ídiú fuinnimh agus astuithe CO2 a laghdú, cuireadh isteach monatóirí ar úsáid leictreachais agus gáis sa dá fhoirgneamh, agus úsáidfear torthaí na monatóireachta sin chun straitéis ídithe fuinnimh níos mionsonraithe a threorú.

Tar éis phróiseas tairisceana in 2020, ceapadh cuideachta nua bainistíochta saoráidí chun Céide an Locha agus Teach an Chaisleáin araon a sheirbhísiú.



Báid

Tá 46 bhád ag IIÉ atá deimhnithe go débhliantúil ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí (OSM). I rith na bliana d'oibrigh an fhoireann lóistíochta le foirne eile IIÉ agus le OSM chun a chinntiú gur choinnigh gach bád a ndeimhnithe agus go raibh siad oiriúnach le haghaidh seirbhíse. In 2018/2019, thug IIÉ isteach 12 bhád righne inséidte farraige nua a bheadh oiriúnach don fheidhm chun a láithreacht oibríochtúil ar muir a mhéadú. Mar thoradh air sin, thar na blianta ina dhiaidh sin, cuireadh de láimh roinnt Bád Righin Inséidte, a chuaigh thar ar a Saolré Úsáideach Eacnamaíoch (SÚE) le IIÉ.

Sábháilteacht

I rith 2021, lean an fhoireann lóistíochta ag obair lenár gcomhpháirtithe cothabhála leantóirí, Murcon Engineering Ltd., ar sceideal lánseirbhíse do fhlít leantóir IIÉ.

Cuireadh tús le hatheisiúint iomlán ar éadaí oibre agus éadaí báistí i R2 chuig gach ball foirne ar bhonn riachtanais amháin. Críochnaíodh tairiscint le haghaidh sheaicéid tarrthála athsholáthair agus rabhcháin aimsiúcháin phearsanta i R4 agus táthar ag súil lena seachadadh i R1 2022. Ghníomhaigh triúr ball den fhoireann lóistíochta mar cheannairí sábháilteachta COVID-19 le linn na tréimhse.

Tairiscintí

Bronnadh nó foilsíodh roinnt mórthairiscintí in 2021 lenar áiríodh: teiliméadracht feithiclí, fearais tástála antaiginí, dróin faireachais, ceamaraí conaire, oiliúint bád, gairis snámhachta phearsanta (GSPanna) agus rabhcháin aimsiúcháin phearsanta (RAPanna).

Soláthraíonn an fhoireann lóistíochta tacaíocht agus treoir maidir leis an bpróiseas ríomhthairisceana do gach rannóg laistigh de IIÉ i rith na bliana, lena n-áirítear tairiscintí a fhoilsiú agus a dhámhachtain.

An Comhshaol

Bhí páirt ghníomhach ag an bhfoireann lóistíochta in iarracht IIÉ a lorg carbóin a laghdú agus a spriocanna astuithe a bhaint amach in 2021 trí rannpháirtíocht i dtionscadail amhail: Imscaradh FLanna, measúnú leanúnach ar úsáid feithiclí, agus bainistíocht ghníomhach ar an dá réadmhaoin in Iarthar na Cathrach.

Mar thoradh ar dhíchoimisiúnú sealadach cheanncheathrú IIÉ ar Chéide an Locha tá laghdú tagtha ar bhillí breosla agus ar astuithe CO2 agus leanfaidh an fhoireann lóistíochta lena hiarrachtaí ár lorg carbóin a laghdú. Má chuirtear 32 FL breise leis an bhflít, laghdófar a thuilleadh spleáchas na heagraíochta ar bhreoslaí iontaise.

Earcaíocht

Tar éis feachtas earcaíochta inmheánach, i R2 ceapadh Oifigeach Soláthair, ról a bheidh mar chuid ríthábhachtach chun próisis soláthair na heagraíochta a fheabhsú.

05

Tacú lenár gcuid oibre: airgeadas, faisnéis agus trédhearcacht



05

Tacú lenár gcuid oibre: airgeadas, faisnéis agus trédhearcacht

Baineann sé leis an

BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Airgeadas

Ag teacht lenár gcuspóir ardleibhéil um Bainistíocht Chorparáideach, féachaimid le cultúr luach ar airgead agus inbhuanaitheachta a chothú agus ár bhfeidhmíocht á meas againn ar bhealach intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach, i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí.



Luach ar airgead agus inbhuanaitheacht

Chuireamar ceithre iniúchadh inmheánacha i gcrích le linn 2021, sna réimsí a bhaineann le húsáid fuinnimh, taighde agus forbairt, pleanáil acmhainní daonna agus lucht saothair agus rialuithe inmheánacha airgeadais.

Chomhaontaigh an Bord buiséad foriomlán IIÉ, agus rinne an Bord, an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta agus sealbhóirí buiséid monatóireacht ar chuntais bhainistíochta bunaithe ar an mbuiséad sin ar bhonn míosúil. Chuir an Stiúrthóir Airgeadais saoráid nua deaise i bhfeidhm chun go bhféadfaidh sealbhóirí buiséid anailís níos fearr a dhéanamh ar chuntais mhíosúla. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar irisí gan pháipéar le linn 2021, agus táthar ag súil go nglacfar leo go luath in 2022.

Is iad úsáid cásanna gnó agus an phróisis tairisceana na príomhspreagthaí chun luach ar airgead a bhaint amach. Déanann rannóg Airgeadais IIÉ athbhreithniú ar ghnéithe éagsúla den ghnó chun luach ar airgead a fháil.

Déantar measúnuithe caipitil agus éifeachtúlacht chaipitil ar mhíreanna caipitil roimh cheannach agus ina dhiaidh.

Dea-chleachtas um rialachas corparáideach agus comhshaoil

Rinne ár máthair-roinn athbhreithniú ar chloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus suíodh go raibh sé comhlíontach.

Ní raibh aon saincheist shuntasach sa litir bhainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais 2020.

Bhain gach ceann de na ceithre iniúchadh inmheánacha in 2021 atá liostaithe thuas dearbhú sásúil ó ASM Ltd, iniúchóirí inmheánacha IIÉ.

I gcomhaontú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, laghdaíodh tarraingt anuas na gcistí ó leithdháileadh 2021 don IIÉ faoi díreach os cionn €6m le cistí a sholáthair agus a choinnigh IIÉ cheana féin a thabhairt san áireamh. Rinneadh amhlaidh lena áirithiú go mbeadh na comhshocruithe cistiúcháin ag teacht le ‘Imlitir 13/2014 (Bainistíocht agus Cuntasacht ar Dheontais ó Chistí Státchiste) maidir leis an soláthar i ndáil le dliteanais aibithe.

Baineann sé leis an

GEALL-SEALBHÓIRÍ

Baineann sé leis an

BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Faisnéis agus trédhearcacht

An tSaoráil Faisnéise

Mar chomhlacht poiblí, tá Iascach Intíre Éireann faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Fuaireamar 49 n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise (SF) i rith 2021. As measc na n-iarratas sin, deonaíodh ocht gcinn ina n-iomláine, deonaíodh 11 i bpáirt, tarraingíodh siar ocht gcinn agus láimhseáladh dhá cheann eile lasmuigh den phróiseas SF. Aistríodh iarratas amháin chuig gníomhaireacht eile agus diúltaíodh do 19 n-iarratas SF. Rinneadh formhór na ndiúltuithe sna cásanna seo a leanas: nach raibh taifid ann, go ndéanfadh scaoileadh dochar nó díobháil d'fheidhmeanna comhlachta phoiblí, i gcás ina raibh faisnéis íogair ó thaobh tráchtála de sna taifid nó i gcás ina raibh taifid san fhearann poiblí cheana féin. Bhí dhá iarratas gan réiteach ag deireadh 2021. Fuaireamar dhá iarratas ar athbhreithniú inmheánach in 2021 agus ní raibh aon iarratas a bhí faoi réir achomhairc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Rochtain ar fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007-2018 (I.R. Uimh. 133 de 2007, I.R. Uimh. 662 de 2011, I.R. Uimh. 615 de 2014 agus I.R. Uimh. 309 de 2018), tugtar cearta dlíthiúla dóibh siúd a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Faoi réir eisceachtaí sonracha áirithe, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá i seilbh, nó thar ceann, údarás poiblí a chur ar fáil d'aon duine arna hiarraidh sin dó nó di.

Fuair Iascach Intíre Éireann 17 n-iarratas RFC in 2021, méadú suntasach ar na ceithre cinn a fuarthas thiar in 2020. As measc na n-iarratas sin, deonaíodh cúig cinn ina n-iomláine, trí iarratas i bpáirt agus diúltaíodh do shé cinn ar an mbonn nach raibh an fhaisnéis iarrtha i seilbh Iascach Intíre Éireann, nó go raibh sí faoi réir imeachtaí dlíthiúla leanúnacha. Diúltaíodh d'iarratas amháin agus aistríodh chuig Údarás Poiblí eile é a raibh an fhaisnéis riachtanach faoin gcomhshaol aige. Fuaireamar dhá iarratas ar achomhairc inmheánacha, ceann acu toisc nár freagraíodh é laistigh den fhráma ama reachtúil aon mhíosa amháin. Bhí iarratas amháin ann a bhí faoi réir achomhairc chuig Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil. Bhí dhá iarratas gan réiteach ag deireadh 2021.



Ceisteanna parlaiminte agus fiosruithe Oireachtais

Mar chuid dár dtiomantas do shreabhadh faisnéise na Dála, sholáthraíomar ábhar do 63 cheist pharlaiminteacha (PQanna) a d'fhreagair an tAire in 2021.

Nochtuithe cosanta

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil a fhoilsiú gach bliain ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon bheart a rinneadh mar fhreagairt ar nochtuithe den sórt sin. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2021.

Gearáin

Fuair Iascach Intíre Éireann 18 ngearán fhoirmiúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021. Bhain siad sin le bainistíocht stoic, rochtain ar shlatiascaireacht, truailliú, idirghníomhaíochtaí le IIÉ agus postálacha ar na meáin shóisialta.

Feasacht Foirne

Seachadadh modúil ríomhfhoghlama ar sceithireacht agus bainistiú coinbhleachtaí leasa don fhoireann ar fad i R4 de 2021.


Cosaint sonraí

Is meicníocht thábhachtach é forbairt Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCSanna) do IIÉ chun cuntasacht a léiriú agus cuireann sé ar chumas na heagraíochta rioscaí próiseála sonraí pearsanta a thuiscint agus a bhainistiú. Éascaíonn MTCSanna freisin don chloí leis na bun-choincheapa maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí trí réamhshocrú (Airteagal 25 RGCS). I measc na dtionscadal a ndearnadh MTCSanna ina leith in 2021 bhí dróin oibriúcháin agus treochlár le haghaidh Ceamaraí Colainne.

Choinnigh IIÉ air le rolladh amach na hoiliúna um chosaint sonraí ar líne d'ionduchtaithe i rith 2021 lenar áiríodh trí mhodúl foghlama: Oiliúint Feasachta RGCS, Faisnéis san Ionad Oibre agus Oiliúint Feasachta ar Shlándáil Faisnéise.

D'eisigh an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) cumarsáid don fhoireann maidir le saincheisteanna cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí sláinte fostaithe (COVID-19). Thaifid IIÉ trí shárú sonraí le linn 2021, agus d'ardaigh ceann acu sin go dtí an leibhéal tuairiscithe éigeantach don Choimisiún um Chosaint Sonraí (CCS). Tharla na sáruithe sin mar thoradh ar nochtadh de thaisme/earráid dhaonna agus rún mailíseach. Fuair IIÉ trí Iarratas Rochtana Ábhar (IRÁ) ar chóipeanna de shonraí pearsanta de bhun Airteagal 15 den RGCS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

Gluais



Gluais

Téarma	Tuairisc
MC	Measúnú Cuí
Fuaim-Theiliméadracht	Clibeáil éisc le feistí astaithe fuaime a bhraitheann stáisiúin éisteachta
Blás algach	An rófhás d'algaí micreascópacha nó baictéir cosúil le halgaí i bhfionnuiscí, sáilí nó in uiscí goirt
CIR	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
G&S	'Gabh agus Scaoil'
Eolaíocht Saoránaigh	Bailiú sonraí i ndáil leis an domhan nádúrtha ag daoine den phobal, go hiondúil mar chuid de thionscadal comhoibríoch le heolaithe gairmiúla
Garbhiascaireacht	Aon iasc fíoruisce seachas an bradán agus an breac.
DAF	Ciste na gCuntas Díomhaoin
RCAC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
DPIA	Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí
OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
Ealásmabrainciaigh	Grúpa iasc mara a bhfuil cnámharlaigh loingeáin acu, m.sh. siorcanna, roic agus sciataí
Leictriascaireacht	Teicníc iascaireachta a úsáideann leictreachas díreach chun dul i bhfeidhm ar ghluaiseachtaí iasc in aice láimhe ionas go snámhfaidh siad i dtreo an tsrutha, áit ar féidir iad a ghabháil; úsáideann eolaithe an teicníc sin go coitianta chun suirbhéireacht a dhéanamh ar aibhneacha agus measúnú a dhéanamh ar na héisc atá i láthair
CAO	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt
FL	Feithicil leictreach
Dobharshaothrú iasc eite	Feirmeoireacht éisc le heitíl (feirmeoireacht éisc)
Fionnóg	Breac geal a aistríonn chun farraige idir míonna Aibreáin agus an Mheithimh, agus a fhilleann ar an bhfionnuisce chun sceitheadh tar éis imirce an tsamhraidh
Stoic éisc	Na hacmhainní beo i bpobal nó i líon speiceas éisc ar leith atá féinchothaithe.
Lochanna Móra an Iarthair	Is iad na seacht locht laistigh den ghrúpa 'lochanna thiar': Loch Coirib, Loch Measca, Loch Ceara, Loch Cuilinn, Loch Con, Loch Síleann agus Loch Arbhach
Bláthán	Bradán atá fillte ar an bhfíoruisce tar éis geimhreadh amháin ar muir
Fuaimíocht uisce	Staidéar agus úsáid fuaime in uisce. Tuairiscítear faoin bhfuaimíocht uisce freisin úsáid na fuaime (sonóir) chun monatóireacht a dhéanamh ar éisc agus ar ghnéithe eile faoi uisce. Is éard atá in eagar glacadóirí fuaimíochta uisce sraith stáisiún éisteachta, ag éisteacht le haghaidh éisc atá clibeáilte le clib fhuaimiúil (clib tarchurtha fuaime)
IIÉ	Iascach Intíre Éireann
Dádach	Bradán a sceitheadh le déanaí agus ar gnách dó a bheith i ndrochriocht
NASCO	Eagraíocht Chaomhnaithe Bradán an Atlantaigh Thuaidh
SPNF	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
CFB	Clár Forbartha Bainistíochta
ATS	An tAonad Tacaíochta Soghluaiste
RTN	Is éard atá i Ráitis Tionchair Natura tuairiscí ina gcuimsítear scrúdú eolaíochta ar phlean nó ar thionscadal agus ar an Láithreán Eorpach nó ar na Láithreáin Eorpacha ábhartha, chun aon impleacht fhéideartha a bhaineann leis an bplean nó leis an tionscadal a shainaithint agus a thréithriú ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin nó na láithreán, agus aon fhaisnéis bhreise lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, aon phlean, léarscáil nó líníocht, faisnéis eolaíochta nó sonraí a theastaíonn chun Measúnú Cuí a dhéanamh.
SNFS	Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (SNFS)
CAIT	Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt
OARCC	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
SBÁA	Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
Muóg	Bradán (nó breac) óg idir céimeanna na gealóige agus an bhrainlín, arna idirdhealú le sceada cruinne dorcha agus iad spásáilte go cothrom feadh a thaoibh.
AFF	Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha
CFBF	Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta


OBT	Oifig Bainistíochta Tionscadal
TCP	Trealamh cosanta pearsanta, a bhaineann go minic le bearta sábháilteachta COVID-19
Fótavoltachas	Tiontú díreach an tsolais ina chumhacht leictreach ag baint úsáide as ábhair leathsheoltacha amhail sileacan; a úsáidtear i bpainéil chun leictreachas a ghiniúint don soilsiú srl.
SS	Scairdscútar amhail cadhc nó scairdscí
T&F	Taighde agus forbairt
CA	Ceantar Abhantraí
Hidreamoirfeolaíocht abhann	Tréithe fisiceacha abhann m.sh. réimeas sreafa, iompar dríodair. Samplaí d'athruithe ar hidreamoirfeolaíocht nádúrtha is ea cainéalú agus coraí de dhéantús an duine
IDAACS	Iarratais Duine ar a C(h)uid Sonraí
UFIÉ	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
CAOD	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt
Brainlín	Bradán (nó breac) óg tar éis na céime muóige, nuair a thagann dath an airgid air agus a théann ar imirce amach san fharraige den chéad uair
Abhainn bradáin an earraigh	Abhainn a fhaigheann bradán idir míonna Eanáir agus na Bealtaine. Is iondúil gur mó iad na bradáin sin óir caitheann siad níos mó ná geimhreadh amháin amach san fharraige
CAT	Ceantar Abhantraí na Sionainne
CACCBBC	Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal
Iascaigh Stáit	Is le hIascach Intíre Éireann raon leathan iascach in áiteanna ar fud na hÉireann; an áit a bhfuil iascach, tá ceart iascaireachta ann - agus is le hIascach Intíre Éireann na cearta iascaireachta do raon leathan de na hiascaigh sin in Éirinn.
CAID	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (CAOD)
UTC	Uiscí trasdultacha agus cósta
Uiscí trasdultacha	Uiscí a mbíonn tionchar ag sreafaí taoide agus fionnuisce araon orthu m.sh. inbhir, fiordanna agus murlaigh
TRU	An Treoir Réime maidir le hUisce: reachtaíocht thábhachtach chomhshaoil a bhfuil mar aidhm léi cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tugadh éifeacht dlí in Éirinn di le Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2003
CAI	Ceantar Abhantraí an Iarthair



Aguisíní

Aguisín A:
Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, 2021

Aguisín B:
Ráitis Rialaithe Inmheánaigh angus Airgeadais Iniúchta 2021



Clár na nÁbhar

1.1	**Brollach**	183
1.2	**Bearta Rialaithe Curtha chun Feidhme le linn COVID-19**	184
1.3	**Ballraíocht agus Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**	185
	Comhaltaí an Choiste in 2021	185
	Cruinnithe an Choiste in 2021	186
1.4	**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**	187
1.5	**Iniúchóir Inmheánach**	187
1.6	**Clár oibre CIR 2021**	188
1.6.1	Clár Iniúchóireachta Inmheánaí 2021	188
1.6.2	Dréacht-Ráitis Airgeadais 2020	192
1.6.3	Bainistíocht Riosca	192
1.6.4	Athbhreithniú ar Éifeachtacht Choiste Iniúchta agus Riosca IIÉ	192
1.6.5	Réimsí Eile Arna mBreithniú ag an gCoiste	193
1.6.6	Tosaíochtaí do 2022	193
1.7	**Conclúid**	194
	Aguisín 1 – Rátálacha Dearbhaithe Iniúchta Inmheánaigh agus Leibhéil Tosaíochta	194

1.1 Brollach

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) 2021 d'Iascach Intíre Éireann.

Chinn Iascach Intíre Éireann, cosúil le go leor eagraíochtaí eile, gur bhliain an-dúshlánach í 2021. Ba shuntasach an tionchar a bhí ag COVID-19, agus ba ar oibríochtaí agus ar sholáthar seirbhísí ba mhó a chonacthas é.

Mar gheall ar an bpaindéim leanúnach, lean an Coiste ag teacht le chéile go cianda agus ag díriú ar na nithe seo a leanas a fhormhaoirsiú: córais na heagraíochta um bainistiú riosca, iniúchtaí comhlíontachta, athbhreithniú beartais, soláthar dearbhaithe agus athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta, buiséid agus ráitis airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid Bhord IIÉ iad.

Leanann IIÉ leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 a chur chun feidhme, agus déanann sé athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an gCoiste, Fiona Walsh Uas., Marie Louise Heffernan Uas., an tOll. Frances Lucy, agus an tUas. Patrick Gibbons as a gcuid oibre tiomanta agus a ndíograis le linn bliain dheacair.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Cathaoirleach an Bhoird, an tUas. Fintan Gorman, as a thacaíocht go léir le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach an Choiste agus go deimhin le foireann uile Iascach Intíre Éireann atá freagrach as obair thábhachtach na n-iascach intíre um chosaint, caomhnú agus forbairt a sholáthar.

Bernadette Orbinski Burke, Uas.

Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca


Eanáir 2022

1.2 Bearta Rialaithe a Cuireadh chun Feidhme le Linn COVID-19

Tascfhórsa COVID-19 IIÉ

Leanann Tascfhórsa COVID-19 IIÉ a bunaíodh thiar in 2020 le treoir faoi stiúir an Rialtais a chur in iúl don fhoireann maidir le bearta cosanta riaracháin agus oibríochtúla. Meastar gur seirbhís riachtanach í obair Iascach Intíre Éireann agus áiríodh leis na bearta a glacadh le linn 2021:

- **Comhairle COVID-19 ar bhonn lúfar** don fhoireann chun srianta a léiriú de réir mar a d'athraigh an Rialtas iad
- Leanadh le cruinnithe **físchomhdhála** agus leis an oiliúint
- **Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)** arna dháileadh ar an bhfoireann agus táirgí (glóthacha agus spraeanna) le haghaidh spásanna oibre, trealamh agus feithiclí a dhíghalrú
- **Oifigí** feistithe le comharthaíocht COVID-19 an Rialtais, leanadh ar aghaidh le stáisiúin díghalrúcháin, treoracha scartha, socruithe speisialta/breise glantacháin seachfhoinsithe
- Leantar le **hoiliúint ar dhíghalrúchán láimhe ceart agus maisc a chaitheamh/bhaint** a chur ar fáil do bhaill foirne nua
- **Ceannairí comhlíontachta COVID-19** – sannadh 40 ball foirne mar cheannairí comhlíontachta suímh
- Chloígh an fhoireann oibríochtaí a bhí ag seachadadh seirbhísí lasmuigh le comhairle maidir **le háitíocht feithiclí** i bhfeithiclí modhnaithe (feistithe le painéil pholacharbónáite)
- Tacaíochtaí Sláinte agus Sábháilteachta arna gcur in iúl agus ar fáil ar inlíon IIÉ:
  - Ceisteanna Coitianta IIÉ maidir le Dé-Áitíocht Feithiclí
  - Nós Imeachta Freagartha IIÉ maidir le Cás Amhrasta COVID-19
  - Leibhéal 5 – Treoir don Obair in IIÉ
  - Ag Obair as Baile le linn Beartais COVID-19
  - Lámhleabhar Sábháilteachta Fostaithe IIÉ: Leagan COVID-19
  - Leibhéal 5 – Measúnú Riosca COVID-19 IIÉ maidir le Bainistíocht Stoic CAI
  - Buan-nós Imeachta Oibríochta Forlíontach IIÉ maidir le COVID-19 Deilte (Leagan 3 - Bealtaine 2021)
  - Buan-nós Imeachta Oibríochta maidir le Measúnú Riosca COVID-19 um Fhilleadh Céimnithe ar an Obair (Meán Fómhair 2021)
  - Buan-nós Imeachta Oibríochta maidir le Measúnú Riosca COVID-19 um Fhilleadh ar Ghnátháitíocht Feithicle (Meán Fómhair 2021)
- **Oiliúint a bhaineann** le COVID-19 arna himscaradh tríd an Mol Sábháilteachta:
  - Oiliúint Ionduchtúcháin maidir le COVID-19
  - Níochán Láimhe agus Úsáid Díghalráin Láimhe
  - Sláinte agus Sábháilteacht maidir leis an Obair ón mBaile
  - Mear-Thástáil Antaiginí – Féintástáil
- Gníomhaíochtaí/bearta folláine foirne arna gcur chun feidhme ag AD.



1.3 Ballraíocht agus Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Comhaltaí an Choiste in 2021	Dáta a Cheaptha
Bernadette Orbinski Burke, Uasal (Cathaoirleach reatha)	13/01/2021 (mar Chathaoirleach)
Fiona Walsh, Uasal	16/04/2020
Marie Louise Heffernan, Uasal	25/09/2020
An tOll. Frances Lucy	01/03/2021[1]
An tUas. Patrick Gibbons	25/03/2021[1]

[1] Dáta athcheaptha

Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad gach ball den ARC. Fónann gach comhalta ar an gCoiste go ceann tréimhse thrí bliana; féadfar é sin a athnuachan go ceann trí bliana eile (ach teoranta dóibh) nó go dtí deireadh a dtéarma oifige mar chomhalta Boird.

Cruinnithe an Choiste in 2021

Tháinig CIR le chéile ocht huaire i gcaitheamh na bliana:

- 10 Feabhra
- 19 Márta
- 20 Aibreán
- 9 Meitheamh
- 20 Iúil
- 6 Deireadh Fómhair
- 4 Samhain
- 1 Nollaig

Daoine dá dtugtar cuireadh buan:
Francis O'Donnell, POF
Pat Doherty, Ceann Airgeadais agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh
Michael Martin, Stiúrthóir Airgeadais

Daoine eile dá dtugtar cuireadh
Fintan Gorman, Cathaoirleach an Bhoird
Roisin Bradley, Ceann Acmhainní Daonna
Greg Forde, Ceann Oibríochtaí
Suzanne Campion, Ceann Forbartha Gnó
An Dr. Cathal Gallagher, Ceann Taighde agus Forbartha
Brian Beckett, Stiúrthóir, Ceantar Abhantraí an Oirthir
Patrick Gorman, Stiúrthóir, Ceantar Abhantraí an Iarthair (Gaillimh)
Ian Carroll, Bainisteoir TFC
Mary Walsh, Stiúrthóir, Ceantar Abhantraí an Iarthair (Béal an Átha)

Tháinig na comhaltaí le chéile uair amháin, 20 Iúil, gan an feidhmeannach i láthair.

1.4 An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Tá caidreamh oibre gairmiúil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARCC). Tar éis cuireadh a thabhairt don Ard-Iniúchóir (nó dá n-ainmní) freastal ar chruinniú den choiste, d'fhreastail Hillary Murphy Uas., Iniúchóir Sinsearach agus Mary Henry, Uas., Leas-Stiúrthóir, ar chruinniú an 9 Meitheamh den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Rinn Iníon Murphy léirbhreithniú ar pháipéar a eisíodh chuig an gCoiste, 'Meabhrán Pleanála Iniúchta' de chuid OARCC, mar uirlis úsáideach chun forbhreathnú a sholáthar ar chur chuige OARCC i leith na hiniúchóireachta. Pléadh freisin na moltaí sa Litir Bhainistíochta maidir leis an iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2019. Áiríodh leo sin stádas cártaí creidmheasa agus trédhearcacht maidir le héilimh speansais. Thug Iníon Henry comhairle agus í ag tuairisciú ar athruithe a cuireadh i bhfeidhm agus chun a fhíorú go leanann na rialuithe ag feidhmiú. Mhol sí an treoraíochta '*OCAG Audit Insights – Impact of COVID-19 on the Control Environment*' (foilsithe i mí Mheán Fómhair 2020) d'eagraíochtaí le húsáid mar sheicliosta chun tuairisc a thabhairt ar rialuithe a cuireadh i bhfeidhm.

1.5 Iniúchóir Inmheánach

D'fhreastail Iniúchóir Inmheánach ceaptha IIÉ, ASM Ltd., ar shé chruinniú den Choiste:

- 10 Feabhra
- 19 Márta
- 9 Meitheamh
- 6 Deireadh Fómhair
- 4 Samhain
- 1 Nollaig



1.6 Clár oibre CIR 2021

Ghlac an Coiste leis na gníomhaíochtaí seo a leanas agus rinne sé moltaí don Bhord maidir lena thorthaí.

1.6.1 Clár Iniúchóireachta Inmheánaí 2021

D'fhaomh an Bord cineál an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí (II) 2021 (IA) i mí na Nollag 2020. Comhaontaíodh téarmaí tagartha gach ceann de na hathbhreithnithe II agus rinneadh na hathbhreithnithe iniúchta riosca-bhunaithe seo a leanas.

Athbhreithniú ar úsáid fuinnimh

Clár Rioscaí Corparáideacha – rriosca neamhchomhlíontachta le sprioc náisiúnta laghdaithe carbóin na seirbhíse poiblí mar thoradh ar cheanglais oibríochtúla leanúnacha, srianta airgeadais agus ríomh bhonnlíne fuinnimh SEAI (riosca 7)[1].

Cuspóirí:

- Leorgacht agus éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme ag IIÉ a bhreithniú chun cláir bhainistíochta fuinnimh ionchasacha a shainaithint, thar gach gné dá ghníomhaíochtaí agus dá shócmhainní, lena n-áirítear an próiseas roghnúcháin agus formheasta
- Leorgacht agus éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme ag IIÉ a bhreithniú chun measúnú a dhéanamh cibé atá nó nach bhfuil a eastát oiriúnach ós don fheidhm ó thaobh úsáid fuinnimh de nuair a dhéantar é a bhreithniú i ndáil le leibhéal úsáide foirgneamh, a leibhéil úsáide fuinnimh agus na himpleachtaí a bhaineann le haistriú breise i dtreo an obair ón mbaile agus ar bhonn cianda i ndiaidh COVID-19
- Leorgacht agus éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme ag IIÉ a bhreithniú chun na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh acu chun a bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú i gcomhréir le treoirlínte SEAI a ríomh agus a thuairisciú, lena n-áirítear ráitis bhliantúla éigeantacha agus an ceanglas deimhnithe fuinnimh cothrom le dáta a thaispeáint i bhfoirgnimh os cionn 250m²
- Leorgacht agus éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme ag IIÉ a bhreithniú chun cleachtais Soláthair Ghlais do threalamh agus saoráidí a chinntiú
- Leorgacht agus éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme ag IIÉ a bhreithniú chun an fhoireann a spreagadh le bheith mar chuid den réiteach, lena n-áirítear tionscnaimh agus cleachtais oibre ghlasa.

Toradh: **Sásúil**

[**6 Mholadh:** 1 x tosaíochta 2, agus 5 x tosaíocht 3]

[1] *Clár Rioscaí Corparáideacha IIÉ amhail mí Eanáir 2021*

Athbhreithniú ar Thaighde agus Forbairt, lena n-áirítear cláir an Aontais Eorpaigh

Cuspóirí:

- Measúnú a dhéanamh ar leorgacht agus ar éifeachtacht na struchtúr rialachais arna mbunú ag IIÉ maidir le tionscadail Taighde agus Forbartha (T&F) a roghnú, a chur in ord tosaíochta agus a cheadú
- A chinntiú go bhfuil tionscadail T&F praiticiúil agus curtha i bhfeidhm agus go bhfuil tionscadail T&F agus an straitéis T&F ailínithe go díreach le cuspóirí straitéiseacha IIÉ
- A chinntiú go soláthraítear le tionscadail T&F torthaí luachmhara, praiticiúla don eagraíocht agus go bhfuil struchtúir chuí i bhfeidhm chun na torthaí sin agus freagairt chorparáideach agus oibríochtúil iIÉ orthu a bhreithniú
- A chinntiú go ndéanann IIÉ giaráil ar an obair T&F atá ar bun ag eagraíochtaí eile a bhfuil freagrachtaí agus dúshláin fhorluiteacha acu, agus go bhfuil meicníochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla iomchuí i bhfeidhm chun forbairtí agus aschuir thaighde a chur in iúl i measc eagraíochtaí
- Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais tuairiscithe eagraíochtúil, náisiúnta, Eorpaigh agus idirnáisiúnta ag tionscadail T&F
- A chinntiú go gcomhlíonann tionscadail Taighde agus Forbartha IIÉ Alt 7(7)(a) den Acht um Iascach Intíre 2010.

Toradh: **Sásúil**

[**4 Mholadh:** 3 x tosaíocht 2, agus 1 x tosaíocht 3]

Athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha

Clár Riosca Corparáideach – riosca calaoise airgeadais (úsáid mhíchuí acmhainní ar nós sócmhainní) (Riosca 19) agus riosca mainneachtana an luach ar airgead a uasmhéadú (Riosca 20)[2].

Cuspóirí:

- A chinntiú go mbíonn beartais agus nósanna imeachta IIÉ cothrom le dáta
- A chinntiú go bhfuil príomhrialuithe airgeadais inmheánacha iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:
  - An próiseas íocaíochtaí
  - An próiseas soláthair
  - Sócmhainní caipitil
  - Córas tuairiscithe airgeadais
  - Párolla
  - Comhlíonadh cánach

Toradh: **Sásúil**

[**5 Mholadh:** : 5 x tosaíocht 3]

[2] *Clár Rioscaí Corparáideacha IIÉ amhail mí Eanáir 2021*

Athbhreithniú ar Acmhainní Daonna agus Pleanáil Lucht Saothair

- • A chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha agus iomchuí i bhfeidhm maidir le hAcmhainní Daonna, faoi réir athbhreithniú rialta agus á gcur in iúl go héifeachtach don fhoireann in IIÉ
- Leorgacht agus éifeachtacht chur chuige IIÉ maidir le próisis earcaíochta agus roghnúcháin a mheas, agus a chinntiú go ndearnadh earcaíocht i rith na bliana de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta dá bhfuil i bhfeidhm
- Breathnú ar leorgacht na bpróiseas measúnaithe feidhmíochta a bunaíodh d'fhoireann uile IIÉ, lena chinntiú go ndéantar iad sin go tráthúil agus go n-aithnítear riachtanais oiliúna agus forbartha mar chuid den phróiseas sin
- Breathnú ar leorgacht na mbeartas agus na nósanna imeachta a bunaíodh chun asláithreacht foirne a bhainistiú, lena n-áirítear próisis filleadh ar an obair, tacaíocht don fhoireann atá ag filleadh ó thréimhsí neamhláithreachta agus monatóireacht agus tuairisciú tráthrialta ar staitisticí neamhláithreachta.
- Breathnú ar leorgacht chur chuige IIÉ maidir le pleanáil lucht saothair agus ról AD i bhforbairt an phlean lucht saothair agus, go sonrach, a chinntiú go ndéantar an plean lucht saothair a chostáil, bunaithe ar ionchur ó AD agus ón ngnó níos leithne, agus maoinithe chun ceanglais straitéiseacha nua na heagraíochta a léiriú. A chinntiú go bhfuil meicníochtaí i bhfeidhm le dul chun cinn a shainaithint, agus le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air in aghaidh an phlean lucht saothair.

Toradh: **Sásúil**

[**12 Mholadh:** 1 x tosaíocht 1, 5 x tosaíocht 2, 6 x tosaíocht 3]

Athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha roimhe seo

Tugadh faoi athbhreithniú bliantúil ar mholtaí iniúchta inmheánaigh atá fós gan réiteach agus tugadh tuairisc don Choiste ar dhul chun cinn na moltaí nár cuireadh i bhfeidhm.

Athbhreithniú ar eisíocaíocht Chiste na gCuntas Díomhaoin

Cuspóirí:

- Deimhniú a thabhairt faoin gCistiú Cuntas Díomhaoin (DAF) a fuair IIÉ
- Miondealú mionsonraithe a sholáthar ar an gcaoi ar caitheadh na cistí sin, arna anailísiú de réir toraidh .i. na gníomhaíochtaí, tionscadail, scéimeanna agus róil foirne ar leith srl. ar caitheadh an t-airgead orthu; miondealú mionsonraithe a sholáthar ar an gcaoi ar caitheadh na cistí sin arna anailísiú de réir cineáil caiteachais .i., cibé ar caitheadh an t-airgead ar:
  - Costais bhuana foirne IIÉ
  - Costais shealadacha foirne IIÉ
  - Costais foirne gníomhaireachta
  - Forchostais tionscadail nó ranníocaíochtaí le forchostais IIÉ
  - Tomhaltáin thionscadalsonracha
  - Trealamh tionscadalsonrach
  - Seirbhísí agus soláthairtí tríú páirtí
  - Cistiú deontais le tríú páirtithe
  - Catagóirí eile
- • Maidir leis an gcaiteachas a ndearnadh anailís air faoi 'costais foirne gníomhaireachta', ar mhaithe le gráinneacht bhreise a sholáthar maidir le méid agus luach na n-idirbheart a rinneadh le tríú páirtithe agus chun sonraí ardleibhéil a sholáthar ar na meicníochtaí earcaíochta, soláthair nó dámhachtana deontais a úsáidtear chun tacú leis na catagóirí caiteachais sin
- A dheimhniú cé acu atá nó nach bhfuil na tionscadail a sainaithníodh agus na catagóirí caiteachais a sainaithníodh ag teacht leis an Acht um Chistí Díomhaoin, le Plean Gníomhaíochta na gCistí Díomhaoin agus leis an bhfaisnéis arna soláthar ag IIÉ sa tairiscint ar na cistí sin
- Comhdhéanamh na bpainéal cinnteoireachta a ghabháil chun an t-airgead sin a eisíoc (le sonraí na hearcaíochta chuig na poist sin) cibé a bhí nó nach raibh ionadaíocht neamhspleách ar an bpainéal agus, má bhí, conas a earcaíodh agus cé a d'earcaigh na comhaltaí neamhspleách.

Toradh: Cuireadh **aiseolas inste** ar fáil don Choiste maidir le:

- Athbhreithniú ardleibhéil ar idirbhearta le tríú páirtithe, conas a cuireadh próisis dámhachtana agus tairisceana IIÉ i bhfeidhm ar chaiteachas a tabhaíodh faoin CCD
- Measúnú ar ailíniú chaiteachas IIÉ a bhaineann leis an dá bheart atá maoinithe ag CCD, leis na spriocghrúpaí maoinithe CCD
- Cé gur tugadh faoi ghníomhaíochtaí ar thairbhigh na spriocghrúpaí CCD go soiléir díobh, ní raibh sé indéanta i gcónaí ailíniú iomlán a léiriú idir gach gné den chaiteachas a tabhaíodh agus spriocghrúpaí CCD ná torthaí na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu a thomhas go cuí.

1.6.2 Dréacht-Ráitis Airgeadais 2020

Sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird lena ghlacadh iad, rinne an Coiste athbhreithniú ar na nithe seo a leanas ag a chruinniú an 19 Márta 2021:

- • Na dréacht-Ráitis Airgeadais do 2020
- Dréacht-ráiteas maidir le Rialú Inmheánach do 2020
- An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 2020

Tugadh na nithe seo a leanas san áireamh ina athbhreithniú ar na ráitis airgeadais:

- Beartais chuntasaíochta, iomláine na ráiteas airgeadais, beartas frithchalaoise agus go ndéantar caillteanais a thaifeadadh i gceart agus go dtugtar cuntas orthu
- Tá próisis oiriúnacha i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear amach rialtacht, ionracas agus cuibheas
- Pléadh go cuimsitheach agus go cuí le saincheisteanna a thug an t-iniúchóir seachtrach aníos
- Léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais staid airgeadais IIÉ
- Cuimsitheacht agus brí Ráiteas IIÉ ar Rialú Inmheánach, agus athbhreithniú ar an Litir Ionadaíochta roimh a heisiúint.

1.6.3 Bainistíocht Riosca

Lean CIR lena obair athbhreithnithe ar bhainistíocht riosca. Bhreithnigh an Coiste príomhghnéithe an chreata riosca:

- Athbhreithniú ar Bheartas agus Nós Imeachta Bainistíochta Riosca na heagraíochta
- Breithniú ar Chlár Riosca Corparáide IIÉ
- Athbhreithniú ardleibhéil ar chláir rioscaí eagraíochtúla éagsúla:
  - Clár Riosca Sláinte agus Sábháilteachta
  - Clár Riosca Cumarsáide
  - Clár Riosca Bainistíochta Bradáin
  - Clár Riosca na hOifige Bainistíochta Tionscadal (OBT)
  - Clár Riosca Comhlíontachta.

1.6.4 Athbhreithniú ar Éifeachtacht Choiste Iniúchóireachta agus Riosca IIÉ

Ní dhearnadh an t-athbhreithniú ar éifeachtacht Choiste Iniúchóireachta agus Riosca IIÉ mar a bhí sceidealaithe agus críochnófar i Ráithe 1 de 2022 é.

1.6.5 Réimsí Eile Arna mBreithniú ag an gCoiste

- Próiseas tairisceana chun Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh a cheapadh
- Athbhreithniú ar impleachtaí COVID-19 ar chostais agus oibríochtaí i ndáil le feachtas **earcaíochta oifigeach séasúrach** IIÉ do 2021
- Faisnéisiú **ar ról IIÉ i bhForbairt Inbhuanaithe** maidir le limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i gcinntí pleanála
- Faisnéisiú ar chostas/sochar agus próiseas tairisceana a bhaineann le conradh chun **fiailí a bhaint ag Loch Coirib**
- Faisnéisiú ar **an athbhreithniú luach ar airgead ar Phatróil Chosanta Iascaigh**
- Athbhreithniú ar **Chiste Teagmhais Caipitil Oibre IIÉ**
- Athbhreithniú ar an obair chun **moltaí OARCC a chur i bhfeidhm** ag éirí as a hiniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2019
- Faisnéisiú ar bhearta atá i bhfeidhm **chun an eagraíocht a chosaint ó chibearionsaithe**
- Athbhreithniú ar chomhairle dlí a fuarthas
- Athbhreithniú ar **phróiseas árachais feithiclí** IIÉ
- Athbhreithniú ar **bheartais rialachais** IIÉ
- Athbhreithniú ar na **cuntais bhainistíochta** is déanaí ag gach cruinniú
- Athbhreithniú ar **an tuarascáil ráithiúil ar phinsin fhorlíontacha**
- Nuashonrú, athbhreithniú agus glacadh **le Téarmaí Tagartha an Iniúchta Inmheánaigh** (Cairt)
- Athbhreithniú **ar lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais** IIÉ (Buan-nós Imeachta)

1.6.6 Tosaíochtaí do 2022

- Athbhreithniú leanúnach ar an riosca Sláinte agus Sábháilteachta agus Oibriúcháin a bhaineann le COVID-19
- Cur i bhfeidhm mholtaí roimhe seo an Iniúchóra Inmheánaigh a fhormhaoirsiú
- Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (RRI) agus ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do 2021 (R1)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (R1)
- Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar bhearta coigilte costais, cuntasachta agus comhlíontachta
- Formhaoirseacht ar chomhlíontacht IIÉ leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016
- Plean Iniúchta Inmheánaigh riosca-bhunaithe do 2022 a fhaomhadh.

1.7 Conclúid

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta, go ginearálta, go bhfuil córais imleora rialaithe ann ar fud na heagraíochta agus déanann sé a mholadh don Bhord i leith an mhéid chéanna.


Ba mhaith le comhaltaí an Choiste buíochas a ghabháil le foireann IIÉ as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas do na caighdeáin arda rialachais in IIÉ le linn tréimhse atá thar a bheith dúshlánach don tsochaí i gcónaí.

Aguisín 1 – Rátálacha Dearbhaithe Iniúchta Inmheánaigh agus Leibhéil Tosaíochta

Leibhéal an dearbhaithe	Sainmhíniú
Sásúil	Ar an iomlán, tá córas sásúil rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe ann. Cé go bhfuil seans ann go bhfuiltear tar éis riosca iarmharach a aithint, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag an riosca sin i dtaca le cuspóirí an chórais a bhaint amach.
Teoranta	Tá laigí suntasacha sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe. Mura dtéitear i ngleic leo, d'fhéadfadh sé nach mbainfí cuspóirí an chórais amach.
Do-ghlactha	Tá teipthe ar an gcóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe, nó tá fíor-riosca substaintiúil ann nach n-éireoidh leis an gcóras a chuspóirí a shásamh.

Agus moltaí gnímh á leagan amach againn de réir tosaíochta, táimid tar éis na sainmhínithe seo a leanas a úsáid.

Rátáil tosaíochta	Sainmhíniú
1	Fadhb a bhfuil cinneadh agus gníomh ón mbainistíocht ag teastáil go práinneach ina leith. Gan a leithéid, tá riosca substaintiúil ann maidir le cuspóirí tábhachtacha gnó / an chórais a bhaint amach, cáil na heagraíochta, nó rialtacht agus cuibheas cistí poiblí.
2	Fadhb is gá aird a thabhairt uirthi go pras. Mura ndéantar é sin, d'fhéadfadh riosca níos tromchúisí nochta a bheith ann.
3	Feabhsúcháin a chuirfidh leis an gcreat rialaithe reatha agus / nó a léiríonn an dea-chleachtas.



Clár na nÁbhar

1.	**Faisnéis Ghinearálta**	197
2	**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird**	198
2.1	Rialachas	198
2.2	Struchtúr an Bhoird	200
2.3	Liosta Chomhaltaí an Bhoird	200
2.4	Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas	204
2.5	Príomhathruithe sa Phearsanra in 2021	204
2.6	Nochtuithe a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016	204
3.	**Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**	207
4.	**An Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach**	210
4.1	Réim Freagrachta	210
4.2	Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh	210
4.3	Cumas chun Déileáil le Riosca	210
4.4	Creat Riosca agus Rialaithe	210
4.5	Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach	211
4.6	Soláthar	212
4.7	Athbhreithniú ar Éifeachtacht	212
4.8	Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh	214
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe		226
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach		227
Ráiteas ar an Staid Airgeadais		228
Ráiteas ar Shreafaí Airgid		229
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais		230

1. Faisnéis Ghinearálta

Seoladh

3044 Céide an Locha
Campas Gnó Iarthar na Cathrach
Baile Átha Cliath 24, D24 CK66

Banc

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2, D02 VR66

Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Duga Spencer
Baile Átha Cliath 1, D01 PF72

Aturnaetha

George Maloney & Co. Solicitors
Aturnaetha, 6 Sráid Fhearnáin
Co. an Chabháin, H12 V658

Liam Keane & Partners Solicitors
The Old Toll House
Dún Seachlainn
Co. na Mí, A85 DR68

Arthur Cox
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2, D02 T380

Patrick J Durcan & Co.
Sráid Shéamais, Cathair na Mart
Co. Mhaigh Eo, F28 KC52

MacHale Solicitors
Sráid an Phiarsaigh,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo, F26 K7C7

VP McMullin & Son Solicitors
Sráid Dhún na nGall
Bealach Féich
Co. Dhún na nGall, F93 DE63

D. G. O'Donovan & Co.
5ú hUrlár, Rinn na hAbhann
Sráid Mhala Íochtarach
Luimneach, V94WC6A

Mason Hayes & Curran
South Bank House
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4, D04 TR29

John M. Forde & Son
2 Ardán Montpellier
Bóthar na Mara
Gaillimh, H91 A6P3

James Reilly & Sons
4 Plás Brighton
Cluain Meala
Co. Thiobraid Árann, E91 X9V2

Kelly & Ryan Solicitors
Sráid Taoiling
Sligeach, F91 YH99

Coakley Moriarty Solicitors
An Bóthar Nua, Neidín
Co. Chiarraí, V93 N880

Kevin Quirke & Co.
72 An Meal Theas
Corcaigh, T12 VX9A

Fieldfisher
Capel Building
Mainistir Mhuire
Baile Átha Cliath 7, D07 N4C6

Byrne Wallace Law Firm
Gnólacht Dlí
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2, D02 DK18

2. Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord Iascach Intíre Éireann de réir **Alt 6** den Acht um Iascach Intíre 2010. Leagtar síos feidhmeanna an Bhoird in **Alt 7** den Acht sin. Tá Bord IIÉ freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, agus go ndéantar príomhfheidhmeanna na gníomhaireachta, mar a leagtar amach de réir **Alt 7** iad. Déanann an Bord an cúram sin trí chuspóirí straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Iascach Intíre Éireann. Dírítear a n-aird ar sheachadadh na treo straitéisí leithne arna leagan amach ag an mBord, chun a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos. Feidhmíonn an POF i ról idirchaidrimh dhírigh idir an Bord féin agus lucht bainistíochta Iascach Intíre Éireann.

2.1 Rialachas

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird ina *"Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird"*. Tá nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord de réir *"Sceideal Cinntí atá Forchoimeádta do Bhord Stiúrthóirí IIÉ"*.

I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Bord tá:

- Dearbhú leasanna
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Straitéis an Bhoird a Shocrú, i gcomhaontú leis an Aire
- Tuarascálacha ó na coistí
- Tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Nithe forchoimeádta
- Riosca.

Ceanglaítear le h**Alt 46** den Acht um Iascach Intíre 2010, ar Bord Iascach Intíre Éireann gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i gcibé foirm a ordóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní foláir do Bhord Iascach Intíre Éireann:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murab iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun feidhme
- A shonrú cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais **Alt 46** den Acht um Iascach Intíre 2010. Is é cúram an Bhoird é cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann.

Is é an Bord a bhíonn freagrach as an mbuiséad bliantúil agus an plean gnó a fhaomhadh. Críochnaíodh é sin ag a chruinnithe an 1 Márta agus an 30 Meitheamh 2021, faoi seach.


Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

COVID-19

Lean an tascfhórsa tiomnaithe COVID-19 a bunaíodh thiar in 2020 ar aghaidh ag cur comhairle an Rialtais i bhfeidhm, ag comhordú maoluithe i dtéarmaí riosca sláinte agus sábháilteachta, oibriúcháin, airgeadais agus comhlíontachta. Coinníodh an Bord ar an eolas faoin tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an eagraíocht agus ar a cistiú. Tugadh coigilteas €159k san iomlán do COVID-19 ar ais chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le linn 2021.

Thug an Feidhmeannas faoi athbhreithniú buiséadach i mí Lúil 2021.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Iascach Intíre Éireann amhail an 31 Nollaig 2021.



2.2 Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus naonúr gnáthchomhaltaí, seachtar acu sin ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin. Tá ionadaíocht ag beirt chomhaltaí den Fheidhmeannas: an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ainmnitheach na foirne tofa (ceaptha ag an Aire de réir **Alt 13** den Acht um Iascach Intíre 2010). Ceaptar an Cathaoirleach, comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird agus ionadaí na foirne go ceann tréimhse tosaigh chúig bliana.

I gcomhréir le Ciorclán 14/2020: Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2020) um Cothromaíocht ó thaobh Inscne de, Éagsúlacht agus Cuimsiú, athcheapadh beirt chomhaltaí le linn na tréimhse ar feadh tréimhse trí bliana.

Tagann an Bord le chéile líon nach lú ná sé huaire sa bhliain agus tháinig sé le chéile 13 huaire in 2021.

D'éirigh triúr as an mBord in 2022 agus beirt i mí Eanáir 2023. Faoi alt 18(1) d den Acht um Iascach Intíre, 2010, bhain an tAire Eamon Ryan TD na comhaltaí eile den Bhord, ar bhonn 'gan locht', an 14 Feabhra 2023, agus cheap sé beirt faoi alt 18(5) chun feidhmeanna IIÉ a chomhlíonadh go ceann tréimhse suas le 6 mhí, go dtí go n-athbhunófaí Bord IIÉ. Cuireadh de chúram ar na daoine ceaptha seo freisin nochtuithe cosanta a fuair an eagraíocht le linn 2022 a chur chun cinn agus tús a chur le hathbhreithniú seachtrach ar rialachas laistigh den IIÉ.

Bhí Bord i bhfeidhm ar feadh ré na Ráiteas Airgeadais seo a chlúdaigh an bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021 agus chuir siad a n-ainm le dréacht de na Ráitis Airgeadais seo, ach mar a leagtar amach sa mhír thuas, tháinig beirt Cheapaithe in ionad an Bhoird an 14 Feabhra 2023 faoi Alt 18(5), mar a bhí an tUas. Barry agus an tUas. Neely agus is iad na sínitheoirí anois iad.

2.3 Liosta Chomhaltaí an Bhoird

Post	Ainm	Arna Cheapadh / Arna Athcheapadh	Ainmniúchán
Cathaoirleach	Fintan Gorman [1]	10/09/2018	Ainmní de chuid an Aire
Gnáth-Chomhalta	Frances Lucy [3]	07/12/2020	Comhchoiste Oireachtais
Ainmní Foirne	Sean Coady [1]	07/12/2020	An Fhoireann
Gnáth-Chomhalta	Patrick Gibbons [2, 3]	16/02/2021	Comhchoiste Oireachtais
Gnáth-Chomhalta	Bernadette Orbinski Burke [2, 3]	01/07/2021	Ainmní de chuid an Aire
Gnáth-Chomhalta	Michael McGreal [1]	22/03/2019	Ainmní de chuid an Aire
Gnáth-Chomhalta	Seamus Boland [5]	22/03/2019	Ainmní de chuid an Aire
Gnáth-Chomhalta	Marie Louise Heffernan [4]	01/05/2019	Comhchoiste Oireachtais
Gnáth-Chomhalta	Fiona Walsh [4]	12/07/2019	Ainmní de chuid an Aire
Feidhmeannach	Francis O'Donnell	29/11/2020	POF

[1] Arna n-athcheapadh don dara téarma chúig bliana
[2] Téarmaí oifige ag teacht chun críche in 2021: P. Gibbons (an 12 Eanáir 2021); B. Orbinski Burke (an 30 Meitheamh 2021)
[3] Arna n-athcheapadh don dara téarma thrí bliana
[4] Arna athcheapadh go ceann téarma chúig bliana
[5] Arna cheapadh go ceann téarma níos giorra thrí bliana, ocht mí (deireadh le téarma oifige neamhiomlán roimhe seo)

Tá buanchoiste amháin bunaithe ag an mBord agus a oibríonn faoi láthair, agus ceithre fhochoiste eile mar a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (buan):

cúigear comhaltaí Boird atá air. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CIR go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain, i bhfoirm "*Thuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca*".

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Post	Ainm	Arna Cheapadh / Arna Athcheapadh	Téarma
Cathaoirleach	Bernadette Orbinski Burke [1, 2]	27/06/2019	2ú téarma trí bliana
Gnáth-Chomhalta	Marie Louise Heffernan	25/09/2020	1ú téarma trí bliana
Gnáth-Chomhalta	Fiona Walsh	16/04/2020	1ú téarma trí bliana
Gnáth-Chomhalta	Frances Lucy [1]	27/09/2018	2ú téarma trí bliana
Gnáth-Chomhalta	Patrick Gibbons [1, 2]	27/06/2019	2ú téarma trí bliana

[1] Arna n-athcheapadh don dara téarma (nó don téarma fágtha) thrí bliana
[2] Téarmaí oifige an Bhoird ag teacht chun críche in 2021: P. Gibbons (an 12 Eanáir 2021); B. Orbinski Burke (an 30 Meitheamh 2021)

Bhí ocht gcruinniú den CIR ann in 2021; tá cuireadh seasta a an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ceann Airgeadais agus an Stiúrthóir Airgeadais chuig gach cruinniú.

Meitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc:

bunaíodh an coiste sin thiar i mí Mheán Fómhair 2016. Bunaíodh an mheitheal sin tar éis comhchruinniú idir Bord Iascach Intíre Éireann, Cónaidhm Slatiascaireachta Breac na hÉireann (CSBE) agus Cumann Ionadaíochta Náisiúnta na Slatiascairí (CINS) maidir le háiseanna táirgeachta bric na heagraíochta. Is iad seo a leanas baill na Meithle Comhpháirtí um Fheirmeacha Éisc:

Post	Ainm	Arna Cheapadh/ Arna Athcheapadh
Cathaoirleach	Fintan Gorman	29/09/2016
Gnáth-Chomhalta	An tOll. Frances Lucy[1]	26/05/2021
Comhalta Feidhmiúcháin	Francis O'Donnell (POF)	29/11/2020
Comhalta Feidhmiúcháin	An tUas. Pat Doherty (Ceann Airgeadais)	29/09/2016
Comhalta Feidhmiúcháin	An Dr. Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha)	29/09/2016
Ionadaí do TAFI*	Martin Kinneavy	29/09/2016
Ionadaí do TAFI*	Eamonn Moore	29/09/2016
Ionadaí do NARA**	Michael Callaghan	29/09/2016
Ionadaí do NARA**	Pat Foley	29/09/2016

** Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann*
*** Cumann Náisiúnta na Slatiascairí Áineasa*
1 Arna hathcheapadh

Bhí cruinniú amháin den Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc in 2021.

Fochoiste Straitéiseach Acmhainní Daonna:

bunaíodh an coiste seo thiar i mí Lúnasa 2019, agus é mar phríomhchuspóir aige formhaoirseacht a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach Acmhainní Daonna.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Fhochoiste Straitéisigh um Acmhainní Daonna:

Post	Ainm	Dáta a Cheaptha
Cathaoirleach	Seamus Boland	06/08/2019
Gnáth-Chomhalta	Michael McGreal	06/08/2019
Comhalta Feidhmiúcháin	Francis O'Donnell (POF)	29/11/2020[1]
Comhalta Feidhmiúcháin	Róisín Bradley	27/11/2019

[1] Dáta a cheaptha mar POF

Bhí trí chruinniú ag an bhfochoiste seo in 2021.

Fochoiste Maoine:

curtha i bhfeidhm faoina n-éilítear ar gach bainisteoir ar fud na tíre pleanálaí oibre seachtainiúil a chomhlánú (leagtar amach sa phleanálaí sin an plean oibre seachtainiúil i gcomhréir leis an bplean oibríochtaí bliantúil don réigiún); déantar na pleanálaithe sin a shábháil gach seachtain suas go SharePoint ionas gur féidir leis an Stiúrthóir Réigiúnach RBD agus an Ceann Oibríochtaí rochtain a fháil ar na pleanálaithe ag am ar bith chun na gníomhaíochtaí oibríochtúla atá beartaithe ag foireann aonair a fháil amach.

Chomh maith leis sin, thángthas ar chomhaontú náisiúnta le CSTGT chun a mbileoga dialainne seachtainiúla a dhigitiú (taifeadtar sa doiciméad sin na gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an t-oifigeach allamuigh); tá an doiciméad sin lárnach freisin i mbailiú na sonraí is gá chun méadracht oibríochtúil a sheachadadh do chomhaontú leibhéal seirbhíse DECC.

Ball Foirne a úsáideann feithicil phearsanta nuair a bhíonn feithicil IIÉ ar fáil chun freastal ar chruinnithe

Pléadh an cheist sin leis an mball foirne. Úsáidfidh an ball foirne feithicil IIÉ as seo amach agus beidh sé/sí ag cloí go hiomlán leis na ciorcláin taistil agus chothabhála.

Imscrúdú An Gharda Síochána

I mí Iúil 2022 agus arís go déanach i mí Mheán Fómhair 2022 tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, thuairiscigh an POF ábhar calaoise féideartha don Gharda Síochána. Leanann an t-iniúchadh sin ar aghaidh. Ag brath ar thorthaí an imscrúdaithe, déanfar meastóireacht ar rialuithe inmheánacha de réir mar is gá.

Thar ceann IIÉ

Seamus Neely

9ú Márta 2023

Dáta

Tom Barry

9ú Márta 2023

Dáta



IASCACH INTÍRE ÉIREANN

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe don 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021		2020	
		€	€	€	€
Ioncam					
Maoiniú Stáit agus an Aontais Eorpaigh					
Deontais ón Oireachtas	**2**	24,381,407		30,249,446	
Lúide ranníocaíochtaí Scéime Pinsin Aonair arna n-íoc	**14a**	(226,154)		(174,864)	
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	**14c**	3,285,199	27,440,452	3,224,306	33,298,888
Ioncam Eile					
An Roinn Coimirce Sóisialaí			-		9,678
Eile	**3**		4,280,154		3,559,303
Ioncam Iomlán			**31,720,606**		**36,867,869**
Caiteachas					
Riarachán	**4**		5,546,632		6,254,441
Oibríochtaí	**5**		31,209,643		27,638,001
			36,756,275		33,892,442
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe			(5,035,669)		2,975,427
Aistriú ón / (chuig) an gCuntas Caipitil	**12**		(77,959)		407,057
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe			**(5,113,628)**		**3,382,484**
Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh amhail an 01 Eanáir			10,785,920		7,403,436
Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh amhail ar an 31 Nollaig			**5,672,292**		**10,785,920**

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann



Seamus Neely

9ú Márta 2023

Dáta



Tom Barry

9ú Márta 2023

Dáta

IASCACH INTÍRE ÉIREANN

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe		(5,113,628)	3,382,484
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		1,501,000	(245,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir		(828,000)	(14,350,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain	**14b**	673,000	(14,595,000)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir		(673,000)	14,595,000
Ioncam Cuimsitheach Iomlán Eile don bhliain		**(5,113,628)**	**3,382,484**

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann



Seamus Neely

9ú Márta 2023

Dáta



Tom Barry

9ú Márta 2023

Dáta

IASCACH INTÍRE ÉIREANN

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	**9**	21,387,214	21,309,255
Sócmhainní Reatha			
Fardal	**16**	1,672,759	1,910,351
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	**17**	9,811,807	15,494,512
Infháltais	**10**	1,309,465	820,637
		12,794,031	**18,225,500**
Dliteanais reatha (suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	**11**	7,121,740	7,439,580
		7,121,740	**7,439,580**
GLANSÓCMHAINNÍ /(GLANDLITEANAIS) REATHA		5,672,291	10,785,920
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		27,059,506	32,095,175
Sócmhainn maoinithe sochar scoir iarchurtha	**14c**	158,591,180	155,978,981
Oibleagáidí sochair scoir	**14b**	(158,591,180)	(155,978,981)
		-	-
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		27,059,506	32,095,175
GLANSÓCMHAINNÍ/(GLANDLITEANAIS)		27,059,506	32,095,175
Cúlchistí			
Cuntas caipitil	**12**	21,387,214	21,309,255
Barrachas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim coinnithe		5,672,292	10,785,920
		27,059,506	**32,095,175**

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

	9ú Márta 2023		9ú Márta 2023
Seamus Neely	**Dáta**	**Tom Barry**	**Dáta**

IASCACH INTÍRE ÉIREANN

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2021

	2021	2020
	€	€
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas Caiteachais thar Ioncam	(5,035,669)	2,975,427
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta	2,060,909	1,829,906
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	(488,829)	133,313
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna iníoctha	(317,841)	(1,360,857)
(Brabús) / Caillteanas ar dhíol sócmhainní seasta	149	(166,996)
Glanús	28,882	22,879
(Méadú)/Laghdú ar Fhardal	237,592	(1,565,498)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(3,514,807)**	**1,868,174**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(2,143,189)	(1,428,047)
Fáltais ó dhiúscairtí Réadmhaoine, Gléasra & Trealaimh	4,173	172,194
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	**(2,139,016)**	**(1,255,853)**
Sreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Glanús	(28,882)	(22,879)
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	**(28,882)**	**(22,879)**
Glanmhéadú / (Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	**(5,682,705)**	**589,442**
Réiteach ar Ghlan-insreabhadh/(Ghlan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim le gluaiseacht i nglanchistí		
Méadú / (Laghdú) in airgead tirim	(5,682,705)	589,442
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	15,494,512	14,905,070
Airgead agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana	**9,811,807**	**15,494,512**

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

	9ú Márta 2023		9ú Márta 2023
Seamus Neely	**Dáta**	**Tom Barry**	**Dáta**

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Iascach Intíre Éireann. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Iascach Intíre Éireann faoin Acht Iascaigh 2010 lena cheann oifig ag 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath.

Is iad príomhchuspóirí Iascach Intíre Éireann acmhainn iascaigh intíre na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá in Iascach Intíre Éireann.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Iascach Intíre 2010. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag plé le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Tugtar cuntas ar ioncam ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

Tugtar cuntas ar ioncam ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoina scéim Áineasa Tuaithe ar bhonn fabhraithe.

Cuireadh an plean faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) i dtaca leis an Straitéis Náisiúnta d'Fhorbairt na Slatiascaireachta (NSAD) agus Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann ar bhonn fabhraithe.

Tugtar cuntas ar gach ioncam eile a fhaightear ar bhonn fabhraithe.

Aisíocaíochtaí deontas a íocadh

Tagann deontais a íocadh chun bheith in-aisíoctha i gcúinsí áirithe, amhail leachtú/ díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó mura gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Iascach Intíre Éireann an t-airgead agus is féidir an méid a mheas go hiontaofa; dá bhrí sin tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe.

Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam úis ar fhabhruithe úsáid a bhaint as modh éifeachtadh an ráta úis.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe seachas ciste Caomhnaithe, fíneálacha & forghéilleadh, díol foilseachán agus táillí iarratais na Saorála Faisnéise a thuairiscítear ar bhonn airgid a fhaightear.

e) Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar don lagú.

Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta,de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

(i)	Foirgnimh agus Iasclanna	2%
(ii)	Mótarfheithiclí	20%
(iii)	Trealamh Allamuigh	25%
(iv)	Trealamh Saotharlainne	33⅓%
(v)	Báid	10%
(vi)	Leantóirí	10%
(vii)	Innill	20%
(viii)	Troscán agus Trealamh oifige	20%
(ix)	Ríomhairí	33⅓%

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

g) Fardal

Is éard atá san fhardal earraí lena n-athdhíol, agus aithnítear é sna ráitis airgeadais ag an gceann is ísle de Chostas agus Glanluach Inréadaithe (NRV). Ríomhtar an costas ar bhonn is túisce isteach is túisce amach (FIFO) agus áirítear leis na costais cheannaigh go léir. Is é NRV an praghas díola (iarbhír nó measta) lúide na costais chríochnaithe riachtanacha go léir. Ríomhtar stoc san fheirm éisc le ráta mortlaíochta gafa de 60%.

h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Soláthar sonrach is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Iascach Intíre Éireann in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Caiteachas de réir mhodh an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuil coinne leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh Iascach Intíre Éireann a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, arna maoiniú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead a bhíonn ón airgead a chuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail choinnithe na mball foirne. Oibríonn Iascach Intíre Éireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('An Scéim Aonair') freisin. Is scéim sochair shainithe í sin do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léirítear le costais pinsin na sochair phinsean atá tuilte ag fostaithe, agus taispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne iad. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Iascaigh Intíre Éireann agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

k) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar chineál an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthairtí

Déanann Iascach Intíre Éireann soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Is iondúil go mbíonn na soláthairtí sin déanta de ghnáth ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú do threochtaí le tamall anuas nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás teagmhais nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhír a bheith an-difriúil ón meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Na toimhdí atá mar bhonn leis na luacháiacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costais cúraim sláinte) déantar iad a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha atá i ann faoi láthair, agus le haghaidh aon athraithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo

2. Deontais ón Oireachtas

I s éard atá i gceist leis na Deontais Oireachtais a vótáladh chuig IIÉ ó Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumannachas, Fo-Cheann D3 Iascach Intíre mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

	2021	2020
	€	€
Iascach Intíre Éireann		
Deontas Caiteachais Reatha	24,120,619	27,497,441
Deontas Caiteachais Reatha - Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta	190,278	226,916
Deontas Caiteachais Reatha - Eascanna Eolaíochta	70,510	-
Deontas Caiteachais Chaipitiúil	-	2,525,089
	24,381,407	**30,249,446**

3. Ioncam Eile

		2021	2020
		€	€
Obair ar chonradh		2,105,550	1,644,589
Ioncam Feirme Éisc		265,669	233,472
Ioncam ó Cheadanna		564,637	366,119
Ioncam ó Cheadúnais			
Slat	454,568		
Iascach tráchtála	26,790		
Cuid X Ceannaithe	33,350		
Iascaigh Stáit	67,120	581,828	550,486
Maoiniú don Chaomhnú Bradán		407,729	260,691
Fíneálacha & Forghéilleadh (a)		109,110	85,036
Rátaí Iascaigh		226,715	234,124
An Roinn Coimirce Sóisialaí - Fostaíocht Pobail		-	9,678
Brabús (Caillteanas) ar Dhíol Sócmhainní Seasta		(149)	166,996
Ilghnéitheach		19,065	17,790
		4,280,154	**3,568,981**

(a) Le linn 2021, íocadh €22,130 san iomlán ón Vóta Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi Alt 315(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959. Tá siad sin san áireamh i bhFíneálacha agus Forghéilleadh (2020: € 20,053).

4. Riarachán

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Costais foirne agus Táillí na gComhaltaí Boird	**6**	3,898,837	4,696,872
Speansais oifige	**8e**	265,067	303,868
Ús bainc		28,880	22,876
Fógraíocht & faisnéis phoiblí		36,011	44,947
Poiblíocht & cur chun cinn		56,039	129,766
Táillí gairmiúla		179,019	163,013
Táille iniúchóireachta		39,918	36,300
Speansais an Bhoird		14,814	5,605
Táillí Dlí		52,391	20,525
Árachas		47,187	56,145
Dímheas	**9**	460,437	456,359
Caiteachas Ríomhaireachta	**8d**	242,734	132,387
Ilghnéitheach	**8b**	151,924	79,382
Soláthar do dhrochfhiacha	**8b**	73,374	106,396
		5,546,632	**6,254,441**

5. Oibríochtaí

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Costais foirne	**6**	22,666,769	20,582,313
Speansais oifige	**8e**	747,273	709,792
Sábháilteacht (a)		581,185	(145,554)
Oiliúint		420,920	322,170
Táillí Dlí		337,813	158,203
Táillí gairmiúla		561,414	1,289,647
Deisiúcháin & cothabháil	**8e**	151,309	127,973
Soláthairtí allamuigh		307,027	324,285
Oibreacha Forbartha	**8c**	409,382	270,678
Soláthairtí Forbartha	**8c**	717,519	500,248
Reáchtáil & cothabháil feithiclí & bád (b)	**8a**	1,598,734	1,132,006
Speansais saotharlainne		44,364	41,098
Ceannach éisc & bia éisc		205,026	161,307
Árachas		306,154	272,403
Dímheas	**9**	1,600,717	1,373,547
Ilghnéitheach	**8b**	272,582	331,692
Caiteachas Ríomhaireachta	**8d**	238,605	149,615
Coimisiún ceadúnas agus ceadanna		42,850	36,578
		31,209,643	27,638,001
Iomlán an chaiteachais		**36,756,275**	**33,892,442**

(a) Áiríodh go mícheart le caiteachas sábháilteachta do 2019 € 477,730 le haghaidh feisteas oibre. Bhí sé sin mar chuid d'ord ilbhliantúil agus ceartaíodh é i bhfigiúr 2020 (féach nóta 16).

5a. Costais Chomhairleachta - Mionsonraí

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Feabhsú gnó		128,078	76,834
Airgeadas		50,943	48,088
AD/Pinsean		74,277	82,467
Táillí Dlí		390,204	178,729
Innealtóirí Comhairleachta		41,789	22,290
Suirbhé ar Eascanna		16,800	22,400
Íocaíochtaí na Scéime Deontais Tacaíochta Eascann *		7,000	689,160
Comhairleacht Chomhshaoil		178,015	196,786
Seirbhísí Liachta		31,471	54,079
Seirbhísí Tréidliachta		16,971	19,628
Eile		7,631	33,126
Caipiteal Eile		18,081	52,795
Caidreamh poiblí / Margaíocht		89,593	148,886
Réadmhaoin/Pleanáil		52,032	20,088
Iomlán		**1,102,885**	**1,645,356**

* Cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide íocaíocht aisig ar fáil tríd an Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann d'iariascairí eascann a ceadúnaíodh/a ceadaíodh dóibh a bheith rannpháirteach san iascach eascann tráchtála in 2007. Tá an maoiniú scaipthe go hiomlán anois.

6. Luach saothair agus Costais Eile Phá

6a.

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Tuarastail & pá *		19,818,010	19,008,556
Táillí na gComhaltaí Boird	**7**	57,427	65,238
Taisteal & cothabháil - Náisiúnta		715,320	641,661
Taisteal & cothabháil – Idirnáisiúnta		8,628	9,256
Costais phinsin	**14a**	5,966,220	5,554,474
		26,565,605	**25,279,185**

San áireamh i dtuarastail agus pá tá:

- suimeanna iomlána dar luach €1.417m a íocadh le 271 bhall foirne (2020: €1.309m a íocadh le 246 bhall foirne) maidir le híocaíochtaí uaireanta míshóisialta
- Bhí 5 iomarcaíocht ann dar luach € 21,629, 1 íocaíocht ex-gratia dar luach € 3,603 agus 5 shocraíocht dar luach € 40,000 dar luach iomlán € 65,232

	2021	2020
Líon na bhfostaithe	**Líon**	**Líon**
Bainistíocht & cléireachas	66	68
Taighde / teicniúil	259	270
Eile	1	1
Iomlán Foirne	**326**	**339**

6b.

Raon na sochar gearrthéarmach tuarastail d'fhostaithe			Líon na bhFostaithe	
Ó		**Go dtí**	**2021**	**2020**
€ 60,000	-	**€ 69,999**	43	43
€ 70,000	-	**€ 79,999**	10	17
€ 80,000	-	**€ 89,999**	4	4
€ 90,000	-	**€ 99,999**	6	6
€ 100,000	-	**€ 109,999**	3	2
€ 110,000	-	**€ 119,999**	2	3
€ 120,000	-	**€ 129,999**	-	-
€ 130,000	-	**€ 139,999**	-	-
€ 140,000	-	**€ 149,999**	1	1
€ 150,000	-	**€ 159,999**	-	-
€ 160,000	-	**€ 169,999**	-	-
€ 170,000	-	**€ 179,999**	-	-

Tabhair faoi deara: chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

6c. Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2021	2020
	€	€
Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann Bhuan	17,293,455	16,288,236
Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann ar Conradh	742,974	954,150
Costais sochair scoir	5,966,220	5,554,474
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach	1,839,386	1,807,369
	25,842,035	**24,604,229**

6d. Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2021	2020
	€	€
Bunphá	15,946,762	15,663,684
Ragobair	15,241	12,850
Liúntais	1,427,251	1,320,421
	17,389,254	**16,996,955**

6e. Príomhphearsanra Bainistíochta

I measc an phríomhphearsanra bainistíochta in Iascach Intíre Éireann tá comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ceann Airgeadais & an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, an Ceann Oibríochtaí, an Ceann Forbartha Gnó, An Ceann Taighde & TFC, an Ceann Acmhainní Daonna agus Stipinn na gComhaltaí Boird (Sonraí i Nóta 7). Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

	2021	2020
	€	€
Tuarastal	829,434	785,533
Liúntais	-	-
Sochair Foirceanta	-	-
Árachais Sláinte	-	-
	829,434	**785,533**

Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá na príomhphearsanra bainistíochta, cé is moite de Chomhaltaí an Bhoird, ina gcomhaltaí de scéim pinsin Iascach Intíre Éireann, agus ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

6f. Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de:

	2021	2020
	€	€
An POF roimhe seo 01/01/2020 - 30/06/2020		
Buntuarastal Bliantúil	-	83,872
Riaráistí	-	3,425
Iomlán	-	**87,297**
POF Eatramhach 01/07/2020 - 30/11/2020	-	53,007
An POF atá i seilbh an phoist faoi láthair 02/11/2020 - 31/12/2021	144,947	24,211
Iomlán	**144,947**	**164,515**

Tá an POF ina bhall de scéim pinsin lascach Intíre Éireann agus ní théann a chuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná an teidlíocht chaighdeánach sa scéim aoisliúntais um shochar sainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Ní áirítear anseo luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse thuas.

Léirítear leis an luach saothair a thaispeántar thuas tuarastal do phost an POF amháin. In 2020, bhí gach duine de na 3 fhostaí fostaithe ag IIÉ i róil éagsúla roimhe seo agus i bpost an POF.

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin forchúiteamh taistil agus cothabhála dar luach €7,628 in 2021 (2020: €5,800).

Ní dhearnadh aon íocaíocht le haon duine de shealbhóirí poist an POF faoi scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht sa tréimhse.

Ba é €150,381 luach an tuarastail bhliantúil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin @ 31 Nollaig 2021 ag pointe a dó den scála POF. Bhí Feithicil IIÉ in úsáid aige freisin.

7.

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2021

An Bord	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Fochoiste Straitéiseach AD	Fochoiste Réadmhaoine	Iasc Comhpháirteach Meitheal Oibre Feirme	Míleáiste & Cothú	Táillí & Luach Saothair
	2021	2021	2021	2021	2021	2021	2021
Líon na gCruinnithe							
Fintan Gorman (Cathaoirleach)	13	5	3	5	1	11,999	11,970
An tOll. Frances Lucy [A, B]	12	5			1	443	-
Sean Coady [D, E]	13			5		1,824	-
Patrick Gibbons [A, B, D]	11	6		2		-	6,982
Bernadette Orbinski Burke [A]	13	8				50	7,695
Seamus Boland [C]	10	1	3			-	7,695
Michael McGreal [C, D]	13		3	5		1,725	7,695
Marie Louise Heffernan [A]	12	7				1,298	7,695
Fiona Walsh [A]	7	5				-	7,695
						17,339	**57,427**

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020

An Bord	Míleáiste & Cothú	Táillí & Luach Saothair	Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
	2020	2020	2020
Fintan Gorman (Cathaoirleach)	2,244	11,970	20
An tOll. Frances Lucy [A,B]	435	-	6
Sean Coady [D]	699	7,098	16
Patrick Gibbons [A,B]	38	7,695	23
Bernadette Orbinski Burke [A]	-	7,695	20
Seamus Boland [C]	1,104	7,695	18
Michael McGreal [C,D]	-	7,695	21
Marie Louise Heffernan [A]	900	7,695	16
Fiona Walsh [A]	-	7,695	17
	5,420	65,238	

Bunaíodh Coiste Boird nua in 2021 - An Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc. B'ionann líon iomlán na gcruinnithe a reáchtáladh in 2021 agus 30 (2020: 27 gcruinniú)

Ní bhfuair an tOll. Frances Lucy agus Sean Coady aon táille Boird faoin bprionsabal Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS)

Freastalaíonn roinnt comhaltaí ar Fhochoistí Boird freisin:

[A] a sheasann do bhallraíocht sa Choiste Rialála Cuntasaíochta
[B] Athcheaptha chuig an mBord 2021
[C] a sheasann don Fhochoiste Straitéiseach AD
[D] a sheasann don Fhochoiste Réadmhaoine

8a. Reáchtáil & cothabháil feithiclí & bád

	2021	2020
	€	€
Árachas Feithiclí	177,014	89,539
Deisiúcháin & cothabháil feithiclí	273,650	235,629
Breosla feithiclí	466,303	348,973
Árachas Báid	53,496	55,154
Deisiúcháin & cothabháil báid	88,056	86,608
Breosla báid	43,206	23,227
Fruiliú Carranna Ceilte	12	1,604
Stóráil Bád & Feithiclí	4,476	6,098
Fruiliú ginearálta Carranna	351,651	268,804
Costais reáchtála eile	140,870	16,370
	1,598,734	**1,132,006**

8b. Ilghnéitheach

	2021	2020
	€	€
Irisí / tréimhseacháin	1,216	1,116
Speansais Cruinnithe	7,210	13,507
Cúiréir	11,309	12,274
Caiteachas Saoráidí	78,602	76,555
Vacsaíní d'Éisc	8,784	744
Costais Iasclainne	30,549	30,103
Soláthairtí tí	7,896	10,327
Glantachán	75,735	86,817
Slándáil	70,895	58,358
Deisiúcháin & cothabháil trealaimh	95,415	92,028
Soláthar do Dhrochfhiacha	73,374	105,679
Drochfhiacha a Dhíscríobh	-	717
Trealamh faoi luach €500	30,483	22,798
Ilghnéitheach	6,412	6,447
	497,880	**517,470**

8c. Caiteachas Forbartha

	2021	2020
	€	€
Fochonraitheoireacht / fruiliú gléasra	398,669	265,103
Soláthairtí forbartha	717,519	500,248
Oibreacha Athshlánaithe	10,713	5,575
	1,126,901	**770,926**

8d. Caiteachas Ríomhaireachta

	2021	2020
	€	€
Tomhaltáin ríomhaireachta	21,271	30,508
Bogearraí ríomhaireachta	85,343	79,410
Cothabháil & Ceadúnúchán Ríomhairí	374,725	172,084
	481,339	**282,002**

8e. Speansais oifige

	2021	2020
	€	€
Priontáil & stáiseanóireacht	66,854	65,493
Postas & teileafón	96,058	88,855
Fóin phóca & Leathanbhanda & Crainn Aeróige & Cumarsáid Lasmuigh den Láithreán	410,021	426,051
Cíos & rátaí	112,594	102,381
Teas & solas	255,138	250,044
Deisiúcháin & cothabháil	222,985	208,809
	1,163,650	**1,141,633**

9. Réadmhaoin, Gléasra &Trealamh

	Talamh, foirgnimh, iascach & gorlanna	Mótarfheithiclí	Báid & innill	Trealamh allamuigh & saotharlainne lena n-áirítear Leantóirí	Troscán, trealamh oifige. & ríomhairí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Costas nó luacháil						
Amhail 1 Eanáir 2021	22,089,861	5,374,918	6,417,937	6,238,159	3,029,010	43,149,885
Athaicmiú an 1 Eanáir 2021	(3,831)		(2,221)	2,221	3,831	0
Breiseanna don bhliain	465,222	737,674	53,558	592,153	294,582	2,143,189
Diúscairtí don bhliain	-	(46,042)	(8,296)	(14,909)	(5,179)	(74,426)
Athaicmiú						
Amhail an 31 Nollaig 2021	**22,551,252**	**6,066,550**	**6,460,978**	**6,817,624**	**3,322,244**	**45,218,648**
Dímheas						
Amhail 1 Eanáir 2021	5,542,119	4,078,566	3,689,500	5,720,279	2,810,166	21,840,630
Baineann Coigeartú ar FMIS le 2020			(245)			(245)
Athaicmiú an 1 Eanáir 2021	(6)	-	(56)	56	6	0
Muirear don bhliain	453,936	566,859	491,721	369,844	178,794	2,061,154
Diúscairtí don bhliain		(46,042)	(6,946)	(12,064)	(5,053)	(70,105)
Athaicmiú						0
Amhail an 31 Nollaig 2021	**5,996,049**	**4,599,383**	**4,173,974**	**6,078,115**	**2,983,913**	**23,831,434**
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 1 Eanáir 2021	16,547,742	1,296,352	2,728,437	517,880	218,844	21,309,255
Glanghluaiseacht don bhliain	7,461	170,815	(441,433)	221,629	119,487	77,959
Amhail an 31 Nollaig 2021	**16,555,203**	**1,467,167**	**2,287,004**	**739,509**	**338,331**	**21,387,214**

I dTaca leis an mBliain Roimhe

	Talamh, foirgnimh, iascach & gorlanna	Mótarfheithiclí	Báid & innill	Trealamh allamuigh & saotharlainne lena n-áirítear Leantóirí	Troscán, trealamh oifige. & ríomhairí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Costas nó luacháil						
Amhail 1 Eanáir 2020	21,355,750	5,553,562	6,554,964	6,029,017	2,852,470	42,345,763
Athaicmiú an 1 Eanáir 2020	(12,193)	-	0	1,451	10,742	-
Breiseanna don bhliain	746,304	191,867	69,501	246,832	173,543	1,428,047
Diúscairtí don bhliain	-	(370,511)	(206,528)	(39,141)	(7,745)	(623,925)
Amhail an 31 Nollaig 2020	**22,089,861**	**5,374,918**	**6,417,937**	**6,238,159**	**3,029,010**	**43,149,885**
Dímheas						
Amhail 1 Eanáir 2020	5,093,307	4,002,481	3,415,698	5,448,210	2,669,755	20,629,451
Athaicmiú an 1 Eanáir 2020	(203)	-	0	282	(79)	0
Muirear don bhliain	449,015	446,596	480,330	305,730	148,235	1,829,906
Diúscairtí don bhliain	0	(370,511)	(206,528)	(33,943)	(7,745)	(618,727)
Amhail an 31 Nollaig 2020	**5,542,119**	**4,078,566**	**3,689,500**	**5,720,279**	**2,810,166**	**21,840,630**
Glanluach de réir na Leabhar						
An 31 Nollaig 2019	**16,262,443**	**1,551,081**	**3,139,266**	**580,807**	**182,715**	**21,716,312**
Glanluach de réir na Leabhar						
An 31 Nollaig 2020	**16,547,742**	**1,296,353**	**2,728,437**	**517,880**	**218,844**	**21,309,255**

10. Anailís ar infháltais

	2021	2020
	€	€
Féichiúnaithe trádála srl.	1,067,143	1,012,532
Ioncam Fabhraithe	887,979	300,071
Soláthar do dhrochfhiacha	(674,032)	(600,658)
Réamhíocaíochtaí eile	28,375	108,692
	1,309,465	**820,637**

11. Anailís ar shuimeanna iníoctha

11a.

	2021	2020
	€	€
Ioncam Iarchurtha		
Ioncam Conartha iarchurtha	97,604	91,292
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail - Tuath Ciste Áineasa	171,885	171,885
Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta	527,748	718,026
Eascanna Eolaíochta	180,490	251,000
Slatiascaireacht do Chách	-	10,466
Iomlán don Ioncam Iarchurtha	**977,727**	**1,242,669**
Cistí a choinnítear ar iontaobhas		
An Ciste Caomhnaithe Bradán	3,540,843	3,509,806
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	2,603,170	2,687,105
	7,121,740	**7,439,580**

Gintear Cistí Caomhnaithe Bradán ó cheadúnais iascaireachta bradán agus ceadúnais iascaireachta tráchtála a dhíol. Déantar an t-ioncam a ghintear ón gCiste Caomhnaithe Bradán a ath-infheistiú chun téarnamh ár stoc bradán agus ár ngnáthóg a chur chun cinn agus indéantacht tionscadail, infhaighteacht maoinithe agus cúinsí luach ar airgead a chur san áireamh.

Tá an Ciste á bhainistiú ag Iascach Intíre Éireann agus tugtar cuntas air mar Chreidiúnaísa ráiteas ar staid an airgeadais.

I gcás ina dtabhaíonn Iascach Intíre Éireann caiteachas díreach ar thionscadail a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chiste, aisíoctar ón gCiste é. Cuirtear caiteachas díreach IIÉ chun dochair Ioncam agus Caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe. Tugann Iascach Intíre Éireann cuntas ar aisíocaíocht ón gCiste mar Ioncam Eile (Nóta 3) ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar gach idirbheart eile a bhaineann leis an gCiste, lena n-áirítear íocaíochtaí le tríú páirtithe, mar ghluaiseachtaí i bhfigiúr na gCreidiúnaithe.

11b.

Nochtar thíos idirbhearta maidir leis an gCiste Caomhnaithe Bradán in 2021 thíos

	2021	2020
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	3,509,806	3,412,230
Fáltais	465,704	418,811
Ús tuillte	(17,677)	19
Caiteachas		
Árachas SCF Fostóra agus Dliteanas Poiblí	(5,389)	(7,086)
Le tríú páirtithe	(3,872)	(53,477)
Le IIÉ*	(407,729)	(260,691)
Iarmhéid Deiridh	**3,540,843**	**3,509,806**

*Tugann IIÉ cuntas air mar Ioncam Eile.

	Conradh Iarchurtha Ioncam A	Ciste Áineasa Tuaithe B	NSAD C	Slatiascaireacht do Chách D	Eascanna Eolaíochta E	Iomlán
Iarmhéid Tosaigh	91,292	171,885	718,026	10,466	251,000	1,242,669
Fáltais sa bhliain	16,869					16,869
Scaoilte chuig Ioncam Caiteachas	(10,557)		(190,278)	(10,466)	(70,510)	(281,811)
Iarmhéid Deiridh	**97,604**	**171,885**	**527,748**	**-**	**180,490**	**977,727**

A Ioncam Ceadúnais, Staidéar Géiniteach Breac i gcás ioncam conartha

B Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú ar fáil ón gCiste Áineasa Tuaithe chun príomhthionscadail slatiascaireachta a fhorbairt i gceantair thuaithe

C Cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú ar fáil d'aon duine aonair, do chumann slatiascaireachta srl. a bhfuil suim acu i bhforbairt agus i bhfeabhsú slatiascaireacht agus/nó iascach na hÉireann faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (NSAD).

D Tá maoiniú ceadaithe ag Iascach Intíre Éireann le tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a rachaidh chun tairbhe tionscnaimh ó ghrúpaí in Éirinn atá ag gabháil don tslatiascaireacht shóisearach.

E Is tionscnamh taighde comhoibríoch é Eascanna Eolaíochta lena mbaineann eolaithe IIÉ agus roinnt iariascairí eascann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eolas náisiúnta ar an speiceas agus ar a acmhainneacht mheántéarmach go fhadtéarmach le haghaidh téarnaimh

12. Cuntas caipitil

	2021	2020
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	21,309,255	21,716,312
Aistriú (chuig) / ó Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe		
Chun ceannacháin sócmhainní seasta a mhaoiniú	2,143,189	1,428,047
Méid Scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(4,076)	(5,198)
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(2,061,154)	(1,829,906)
	77,959	**(407,057)**
Iarmhéid	**21,387,214**	**21,309,255**

13. Nochtuithe le Páirtithe Gaolmhara

Glacann Iascach Intíre Éireann nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird.

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh Iascach Intíre Éireann deontais a cheadú nó socruithe conarthacha eile a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí boird Iascach Intíre Éireann fostaithe nó ina bhfuil spéis acu ar shlí éigin eile.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i gcomhráite maidir leis na hidirbhearta sin ná ní fhreastalaíonn siad orthu ar shlí eile. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil arna iarraidh i leith gach cás den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtadh 3ú páirtí in 2021.

14. Costais Sochair Scoir

14a.

Anailís ar chostais iomlána Sochair scoir a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	2021 €	2020 €
Costas reatha seirbhíse	5,608,000	4,593,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	1,100,000	1,667,000
Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Neamhaonair	(515,006)	(526,816)
Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Aonair (lúide aisíocaíochtaí dar luach €620 in 2021 agus €3,846 in 2020)	(226,774)	(178,710)
	5,966,220	**5,554,474**

14b.

Athrú ar Ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais	2021 €	2020 €
Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir	(155,978,981)	(138,159,675)
Costas Reatha Seirbhíse	(5,608,000)	(4,593,000)
Costais Úis	(1,100,000)	(1,667,000)
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	1,501,000	(245,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha an tsochair scoir oibleagáidí	(828,000)	(14,350,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain	**673,000**	**(14,595,000)**
Pinsin íoctha sa tréimhse	3,422,801	3,035,694
Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 31 Nollaig	**(158,591,180)**	**(155,978,981)**

14c. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn Iascach Intíre Éireann mar shócmhainn na méideanna sin atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil le haghaidh scéimeanna pinsin a chur ar bun, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag Iascach Intíre Éireann nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe:

	2021	2020
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le Sochair scoir na bliana reatha	(6,708,000)	(6,260,000)
Deontas Stáit arna gcur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	3,422,801	3,035,694
	(3,285,199)	**(3,224,306)**

Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir amhail an 31 Nollaig 2021, b'ionann sin agus €158,590,559 (an 31 Nollaig 2020: €155,982,828)

14d. Stair na n-oibleagáidí Sochair shainithe

Stair maidir le hoibleagáidí i leith sochar sainithe	2021 €	2020 €	2019 €	2018 €	2017 €
Oibleagáidí sochair shainithe	(158,591,180)	(155,978,981)	(138,159,675)	(121,734,963)	(119,614,303)
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe	1,501,000	(245,000)	2,489,000	2,005,000	(917,000)
Céatadán Dhliteanais na Scéime	0.9%	-0.2%	2%	2%	-1%

14e.

Is ionann an méid iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €673,000 (Gnóthachan/caillteanas ó thaithí dar luach €1501,000 agus athruithe ar thoimhdí -€828,000)

14f. Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin "scéim eiseamláireach" reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, cé go bhfuil daoine a bhí ina mbaill den scéim roimh 2004 i dteideal dul ar scor, gan laghdú achtúireach, nuair a bhaineann siad amach aois 60 bliain. Méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí. Deirtear in Alt 50 den Acht um Iascach Intíre - "*Tagann íocaíochtaí pinsin agus dliteanais aoisliúntais eile an Iascach Intíre Éireann i leith a n-iarfhostaithe chun bheith ina ndliteanais de chuid IIÉ an lá bunaithe*"

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach amhail an 31 Nollaig 2021 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS d'fhonn dliteanais na scéime do IIÉ a mheas amhail an 31 Nollaig 2021.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha	31.12.21	31.12.20
Ráta méadaithe ar thuarastail	3.50%	2.90%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.00%	1.40%
Ráta na méaduithe pinsin - Scéim Aoisliúntais	2.50%	1.90%
Ráta na méaduithe ar phinsin - SPSPS	2.00%	1.40%
Ráta Lascaine	1.25%	0.70%
Ráta boilscithe	2.00%	1.40%

Leis an mbonn básmhaireachta arna ghlacadh ceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir (65 bliana d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliana d'aois in 2021, 2041.

An bhliain ina sroichtear 65 bliana d'aois	2022	2042
Ionchas saoil - fir	21.5	23.1
Ionchas saoil - mná	24.1	25.5

15. Gealltanais Léasa

15a.

Baineann gealltanas léasa iníoctha tar éis chúig bliana le stóras ar Bhóthar Bhéal Átha Síomoin, Luimneach.

An 31 Nollaig 2021 bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas le déanamh ag lascach Intíre Éireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas amach anseo:

	€000's
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	37
In-aisíoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana	147
Iníoctha tar éis chúig bliana	37
	221

B'fhiú €36,809 (2020: €43,409) na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chaiteachas.

15b. Ceangaltais Chaipitil

Ceangaltais Chaipitil dar luach €1,745,934

16. Fardal

Cuimsíonn fardal Stoc Feistis Oibre a shásóidh riachtanais feistis oibre don 2 bhliain nó 3 bliana seo chugainn.

	€
Iarmhéid Tosaigh an Chaite Oibre ar láimh	1,519,847
Ceannacháin	-
Lúide Díscríobh	-
Lúide Dáileadh ar Fhoireann le linn 2021	233,417
Iarmhéid Deiridh an Chaite Oibre ar láimh	**1,286,431**

17. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

San áireamh in iarmhéideanna bainc dheireadh bliana IIÉ Is ionann agus suimeanna €9.81 milliún agus €4.6 milliún an t-airgead a fuarthas ach a cuireadh siar ag deireadh na bliana maidir leis an gCiste Caomhnaithe Bradán, an Ciste Áineasa Tuaithe, an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta, Eascanna Eolaíochta agus Slatiascaireacht do Chách. Tá an t-airgead seo srianta le húsáid ar na tionscadail seo.

Tá na cistí seo a leanas i seilbh IIÉ agus dáilfear iad nuair a bheidh tionscadail curtha i gcrích - Ciste Caomhnaithe Bradán dar luach €3.54 milliún, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta dar luach € 528K, Ciste Áineasa Tuaithe dar luach € 172K, Eascanna Eolaíochta dar luach € 180K. Ina theannta sin, tá ioncam iarchurtha dar luach €98K ann.

Tá iarmhéid airgid dar luach timpeall ar €10m faoi réir fhorálacha Chiorclán Deontais 13/2014 agus tá IIÉ ag obair lenár máthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an iarmhéid a bhainistiú de réir an Chiorcláin. Sa chás nach bhfuil airgead ar láimh imfhálaithe (An Ciste Caomhnaithe Bradán, an Ciste Áineasa Tuaithe, an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta, agus Eascanna Eolaíochta) rinneadh iarrachtaí dul i gcomhar leis an máthair-roinn chun iarmhéid an bhainc a laghdú.

18. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Bhí paindéim dhomhanda Covid-19 fós ar bun le linn 2021. Lean Gníomhaíochtaí Oibríochtúla Allamuigh ar aghaidh i rith na bliana 2021.


Cé gur tugadh feithiclí aontaistealaí don fhoireann allamuigh sa tréimhse Eanáir - Meitheamh 2021, ar chúiseanna sláinte & sábháilteachta, cuireadh an dara taistealaí leis ón 2 Meitheamh ar aghaidh (d'éascaigh sé sin d'fhilleadh ar ghláthsheachadadh taistealaí). Lean an fhoireann oifige (sna rannáin um sheirbhísí tacaíochta den chuid is mó) ar aghaidh ag obair ón mbaile ar feadh an chuid is mó den bhliain. D'fhan oifigí poiblí dúnta agus socruithe malartacha i bhfeidhm chun freastal ar pháirtithe leasmhara poiblí. Osclaíodh oifigí réigiúnacha ar fud na tíre agus an cheannoifig in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 don phobal ón 20 Meán Fómhair 2022 agus tá foireann na seirbhísí tacaíochta tar éis a bheith ag obair ar uainchlár oibre hibrideach ina dtugtar clúdach do phríomhoifigí poiblí 5 lá sa tseachtain (Luan-Aoine). Faoin R3/R4 2021 bhí an tseirbhís iomlán i seirbhísí oibríochtúla allamuigh (i.e. cosaint & forbairt), seirbhísí taighde agus tacaíochta riaracháin ar ais chuig leibhéil táirgiúlachta roimh an bpaindéim. Tá faireachán dlúth á dhéanamh ar fheidhmíocht agus oibríochtaí Iascach Intíre Éireann, agus tugtar réamhaisnéisí tráthrialta um shreabhadh airgid don Bhord agus dár máthair-roinn An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Gnóthas leantach - Measann an Bord, óir soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí arna maoiniú ag airgead arna sholáthar ag an Státchiste, trí mheán a mháthair-roinne An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, gurb iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord IIÉ na Ráitis Airgeadais an 30 Márta 2022





Ullmhaithe ag Iascach Intíre Éireann
fisheriesireland.ie

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland